



University College Dublin
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

Tuarascáil an **Uachtaráin**

Meán Fómhair 2016 – Lúnasa 2017



Tuarascáil an Uachtaráin

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

Meán Fómhair 2016 – Lúnasa 2017

Le cur faoi bhráid Údarás Rialaithe an Choláiste
Ollscoile, Baile Átha Cliath, Ollscoil na hÉireann,
Baile Átha Cliath ag an gcruinniú an
13 Nollaig 2017.

ISBN: 978-1-910963-19-7





Clár

Forléargas ón Ollamh Andrew J. Deeks, Uachtarán UCD	2
UCD de réir Uimhreachta	7
Oideachas	12
Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar	22
Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí	36
An Coláiste Gnó UCD	40
Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta	44
Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD	48
An Coláiste Eolaíochta	52
Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí	56
Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú	60
Forbairt Airgeadais agus Chaipitil	63
Comhpháirteachas Domhanda	70
Acmhainní Daonna	72
Dámhachtainí Ollscoile	74
Ceapacháin agus Arduithe Céime	80
Daoine ar Scor	83



Forléargas ón Uachtarán

Tá áthas orm mo cheathrú tuarascáil a chur i láthair mar Uachtarán ar an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Mar a fheicfidh tú agus tú ag léamh tríd an iomad gnóthachtáil a bhí againn, tá an Ollscoil mhór seo ag leanúint de bheith ag tógáil ar an gcuntas teiste iontach atá againn a bheith tiomanta do shochaí forásach, go náisiúnta agus ar fud an domhain.

Bliain ghnóthach ach bliain tháirgiúil ab ea 2016/2017. Bhí tóir mhór ar ár gcuid mac léinn a earcú, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus is léiriú é sin ar ár gclú maidir le hoideachas ardchaighdeán agus eispéreas na mac léinn.

Maidir lenár gclú taighde, táimid ag leanúint dár ndul chun cinn leis na luanna in aghaidh an dáimh, rud a léiríonn caighdeán ár dtorthaí taighde. Comhfhiosach den tionchar a bhíonn ag na rangaithe éagsúla, táimid ag leanúint de bheith ag feidhmiú go maith i réimsí atá faoinár smacht, agus tá toradh láidir coinnithe againn i gcúlra d'infheistíocht mharbhánta Stáit.

Tá ardú ocht n-áit feicthe againn sa Rangú Domhanda Ollscoileanna QS, an t-ardú rangaithe is mó a fachtas ón ngéarchéim airgeadais domhanda in 2008. I Rangú Ábhar Domhanda QS na bliana seo tá UCD ar ollscoil uimhir a haon in Éirinn do 40 de na 43 ábhar atá curtha ar fáil againn. Lena chois sin, chuir Rangú Infhostaitheachta Céimithe QS ag #1 in Éirinn muid agus ag #75 sa domhan, an t-aon ollscoil in Éirinn a bhain amach áit sa 100 is fearr leis an tomhas sin. Freisin, táimid ina gceannródaithe le nuálaíocht agus taighde - rangaithe ag uimhir a haon do thaighde in Éirinn de réir *Times Higher Education Rankings 2017*; agus tá péire dár gcláir ghnó Máistreachta rangaithe chomh maith san *Financial Times Global Top 50*.

Tá dul chun cinn suntasach déanta againn maidir le spriocanna ár Straitéise le bliain anuas, agus tá spriocanna socraithe anois againn in aghaidh na nEochairtháscairí Feidhmíochta a aontaíodh leis an Údarás Rialaithe, rud a cheadaíonn dúinn monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn seo.

Le bliain anuas, tá clár oiliúna ceannasaíochta déanta ag na ceannasaithe agus na bainisteoirí sinsearacha go léir laistigh den Ollscoil, Foireann Bainistíochta na hOllscoile san áireamh. Cuirfidh an oiliúint sin ar chumas phobal uile na hollscoile cur níos fearr fós le feidhmiú ár straitéise, agus tugann sé bunús maith do scéim nua forbartha feidhmíochta a thabharfar isteach an bhliain seo chugainn, Feidhmíocht don Forás (P4G).

Oideachas

Áirithe san athbhreithniú curaclaim ar cuireadh bailchríoch air ar fud na hOllscoile i mbliana, bhí iarracht ollmhór comhoibríoch chun tacar d'fheabhsúcháin a aithint le cur i bhfeidhm i seisiún acadúil 2018. Tá méadú suntasach tagtha ar chláir theagaisc chomhoibríocha ar fud phobal na hOllscoile mar aon le húsáid teicneolaíochtaí nua do theagasc agus do thacaíocht níos éifeachtaí do mhic léinn.

Tá laghdú tagtha ar líon na mbealaí iontrála CAO chuig ár gcláir, rud a bhaineann an leas is fearr as an tsolúbthacht do mhic léinn agus a cheadaíonn do mhic léinn a suim agus a dtiomantas a dhearbhu d'ábhar a bhfuil siad ag iarraidh speisialú a dhéanamh ann. Bímid ag iarraidh méadú leanúnach a chur ar réimse na mbealaí iontrála isteach UCD, chun a chinntiú go méadóimid an chomhpháirteachais do ghrúpaí atá faoi ghannionadaíocht, agus tá feabhas tagtha ar éagsúlacht do mhic léinn a bhaint amach agus 29% den phobal i gceist anois.

Is féidir leat tuilleadh a léamh faoinár ngnóthachtálacha oideachais sa rannán Oideachais den tuarascáil seo.

UCD Domhanda

Ó seoladh Straitéis Chomhpháirteachais Dhomhanda UCD i Meán Fómhair 2016, tá roinnt mhaith gníomhaíochta déanta, agus tá dul chun cinn suntasach déanta maidir lenár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach. Tá méadú eile fós, go dtí 7,549, tagtha ar líon na mac léinn idirnáisiúnta, agus anois tá ionadaíocht ag breis agus 130 tír difriúil ar ár gcampais i mBaile Átha Cliath. I rith na bliana, d’eagraíomar roinnt imeachtaí chun éagsúlacht chultúrtha ár bpobal in UCD a cheiliúradh. Cuireann ár mic léinn idirnáisiúnta go mór le caighdeán shaol an champais agus le taithí oideachais ár mic léinn go léir. Tá tuilleadh sonraí i rannán Comhpháirteachais Dhomhanda na tuarascála seo.

Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú

Aithnímid na deiseanna agus na dúshláin araon a bhaineann le comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú. Áirithe inár ndúshláin tá an gá le deireadh a chur leis na bacainní ar chomhionannas atá i gceist do bhaill dár bpobal fostaithe agus mac léinn. Tá ceannródaíocht déanta ag an nGrúpa um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú (EDI) agus ag líon d’fhoghrúpaí ar fud roinnt réimsí tábhachtacha lena n-áirítear cumarsáid agus imeachtaí, sonraí, míchumas, éagsúlacht eitneach, comhionannas inscne, LGBTI agus méadú a chur ar ionadaíocht na mac léinn atá faoi ghannionadaíocht. Thug bronnadh an *Athena Swan Bronze Award* do UCD i Márta na bliana seo aitheantas don tuiscint atá ag an Ollscoil agus na pleananna atá againn do chomhionannas inscne, agus is teistiméireacht é ar an tiomantas agus an comhpháirteachas atá ag an

Bhain UCD úsáid as deis iontach chun ár saoráidí breátha spóirt agus campais a chur ar taispeáint i samhradh 2017 nuair a óstáladh cluichí na ngrúpaí do Chorn Domhanda Rugbaí na mBan.



nGrúpa Gníomhaíochta um Chomhionannas Inscne mar atá anois orthu, faoi cheannas an Leas-Uachtaráin ar Thaighde, Tionchar agus Nuálaíocht, an tOllamh Orla Feely.

Bhí an-áthas orm an tOllamh Colin Scott a cheapadh mar Leas-Uachtarán ar Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú i bhFeabhra 2017. Cuireann an ceapachán seo ardú ar phróifíl agus ar ionchais ghníomhaíochtaí EDI ar an gcampas agus ar an gcumas do chomhpháirteachas seachtrach leis an rialtas agus le gníomhaireachtaí poiblí, le tionscail agus NGOanna, agus go hidirnáisiúnta freisin, ag cinntiú go mbeidh ardtosaíocht i gcónaí ag comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú inár gcinnteoireacht.

Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar

Le bliain anuas, bhí feidhmíocht láidir leanúnach i dtaighde, nuálaíocht agus tionchar UCD, agus buanna bainte amach i bpríomhchláir mhaoinithe agus freisin sa léann aonair. Tá UCD chun cinn i bpéire de na ceithre lárionad náisiúnta taighde dhigitigh a d’fhógair Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) i mbliana: Ionad Taighde Bithghéilleagair BEACON agus Lárionad Taighde Ard-déantúsaíochta I-FORM. Trí bhuananna mar iad seo, mhéadaigh luach na ndeontas taighde a cláraíodh go dtí €97.5 milliún i mbliana – sin figiúr láidir, go háirithe mar nach bhfuil áireamh déanta fós ann ar an dá ionad nua taighde, rud a chlárófar sa chéad bhliain airgeadais eile. Tá cuntas ar na buanna seo agus a lán eile i rannán Taighde, Nuálaíochta agus Tionchair na tuarascála seo.

Forléargas ón Uachtarán

Ar dheis: Ceardlann ar chultúr na Síne ag Féile UCD.

Ar dheis ar fad: Cóitseálaí rugbaí Laighean, Adam Griggs, i lár na clibirte do Mhionduileanna Rugbaí Laighean ag Féile UCD.

Thíos: An chéad uair a bronnadh Bonn Lá an Bhunaithe UCD taobh amuigh d'Éirinn – Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew Deeks ag bronnadh an bhoinn ar Cholm Tóibín in aitheantas ar a chuid éachtaí móra liteartha.

Branda agus Clú

Níl aon dabht ach go gcaithfidh ollscoileanna domhanda a dteachtaireacht a chur in iúl agus feachtas a chothú faoina bhfuil bainte amach acu agus faoina sainiúlacht i measc scata leathan de lucht spéise. Le bliain anuas, tá Caidrimh na hOllscoile tugtha faoi chomhairleoireacht agus taighde margaidh go forleathan chun an teachtaireacht sin a shainiú do UCD. Tá eithne na teachtaireachta tógtha ó Idé Ollscoile John Henry Newman ina léirmhíniú sé an luach atá ar 'fhíormhéadú na hintinne'. Tugann sé sin amach as an seomra ranga muid agus cuireann sé uailmhian agus éiteas ar fáil atá fíor dár bpobal. Aistrithe óna bhunús sa 19ú céad go dtí teanga an 21ú aois, tugtar "Smaoinigh ag Leibhéal Níos Mó" ar theachtaireacht an fheachtais agus nascann sé le bunú, stair agus oidhreacht UCD, ag cur na leide ar fáil don phobal mór acadóirí, taighdeoirí, foirne, mac léinn agus céimithe. Tá sraith d'ábhair forbartha ag Caidrimh na hOllscoile agus cuirfear iad sin ar fáil go céimneach sa bhliain atá le theacht.

Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha

Le bliain anuas tá dul chun cinn suntasach déanta againn ag tógáil comhpháirtíochtaí le heagraíochtaí atá lonnaithe anseo in Éirinn agus go hIdirnáisiúnta i réimsí na forbartha tallainne, taighde agus nuálaíocht, agus freagracht shóisialta chorparáideach. Tá tógáil comhpháirtíochtaí le tionscail agus eagraíochtaí eile rithábhachtach chun earcaíocht agus intéirneachtaí a fhorbairt do mhic léinn, ag cur ar chumas na mac léinn



an leas is fearr a bhaint as deiseanna. Chuir rangaithe Infhostaitheachta Céimithe QS 2018 UCD sa 75ú áit sa domhan agus ag uimhir 1 in Éirinn i mbliana, agus táimid ag neartú ár gcuidreamh leis na tionscail trí chomhpháirtíochtaí móra straitéiseacha a thógáil le líon roghnaithe eagraíochtaí.

I mí na Nollag 2016, fógraíodh comhpháirtíocht straitéiseach an-spreagúil idir Origin Enterprises agus UCD, rud a chuirfidh taighde na hÉireann ar thús cadhnaíochta de chuir chuige nua agus nuálacha do chórais feirmeoireachta sa toadhchá. Bainfidh na foirne ildisciplíneacha taighde in UCD úsáid as ár saineolas taighde san eolaíocht sonraí agus feirmeoireacht, mar aon le saineolaithe tionscail Origin, chun díriú ar chás na hinbhuanaitheacht na mbarr, dúshlán mór slándála bia domhanda.

Tá forbairt déanta againn ar ár gcomhpháirtíocht straitéiseach le Intel, agus anuraidh bhí an-áthas orm na chéad 15 ghradam a bhronnadh do Chlár Scoláireachta Mac Léinn Máistreacht UCD-Intel. Tacaíonn an clár seo le hoideachas 64 mac léinn iarchéime ó UCD sa nanaicheimic, ríomheolaíocht, innealtóireacht leictreonaice agus ríomhaireachta, agus nanaitheicneolaíocht thar na blianta seo romhainn chun díriú ar réimsí d'easnamh criticiúil scileanna i ngeilleagar na hÉireann.

Tá fás suntasach tagtha ar ár gcomhpháirtíocht le Comhairle Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin le bliain anuas agus bhí an-áthas orm nuair a tháinig siad ar bord mar phríomh-urraitheoir ar Fhéile UCD. Tríd an gcomhpháirtíocht atá againn le hOifig Ealaíne Chomhairle Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, tá beirt dár n-ealaíontóirí cónaithe ó Choláiste na hEolaíochta, Meadhbh O'Connor agus David Beattie, tar éis leas a bhaint as a dtacaíocht. Tá na healaíontóirí lonnaithe ag Parity Studios UCD, a thosaigh i gColáiste na hEolaíochta in 2013, agus a chuireann fáil ar chónaitheachtaí bliana d'ealaíontóirí gairmiúla a bhfuil suim acu a saothar cruthaitheach a fhorbairt i dtimpeallacht ildisciplíneach. Cuireann an stiúideo ardán uathúil ar fáil do chomhpháirteachas inbhuanaithe le taighdeoirí eile mar aon le timpeallacht thacúil d'fhiosrú idirdisciplíneach ar fud gach réimse den taighde in UCD.

Bhí an-áthas orm mo shíniú a chur le comhaontuithe comhpháirtíochta le Microsoft, Credit Suisse, Bristol Myers Squibb agus PwC i rith na bliana seo caite. I réimse comhpháirteachais amháin le Microsoft tá comhoibriú ar Dhioplóma Gairmiúil i Staidéir Oideachais (Smaointeoireacht Ríomhaireachtúil) chun múinteoirí meánscoile a fheistiú sa réimse oideachais ríomheolaíochta atá ag teacht chun cinn, mar ullmhúchán do thabhairt isteach an ábhair i siollabas na hArdeistiméireachta.

Daingníonn ár gcomhpháirtíocht le PwC an caidreamh fadbhunaithe atá eadrainn, ag tacú leis an bhforbairt ar thallann ardfheidhmíochta mar aon



le ceannasaíocht agus nuálaíocht smaointeoireachta. Áirithe leis sin tá comhoibriú i dtaca le hintéirneacht agus clár acadúla.

Tá mé sásta go gcuimsíonn a lán de na comhpháirtíochtaí sin clár freagrachta sóisialta corparáideach, rud atá ina chomhpháirt thábhachtach inár gcomhpháirteachas lenár bpobal.

Trí oibriú le chéile lenár gcomhpháirtithe straitéiseacha táimid in ann rochtain a fháil ar shaoráidí ar nós na saotharlainne for-rochtana Eolaíochta do mhic léinn ó scoileanna DEIS, agus ar an dóigh sin leathnófar rannpháirtíocht agus rochtain ar ardoideachas, i measc tionscnaimh eile.

Ceangal an Athuair le Alumni – Cibé Áit a Bhfuil Siad

An lá a bhfaigheann ár mic léinn a gcéim, b'fhéidir gur comhartha é an hata agus an fhallaing a chaitear go bhfuil deireadh lena dtaithí mar mhac léinn, ach ní chiallaíonn sé go bhfuil a nasc le UCD briste. Mar chéimí, tá siad láithreach ina gcuid den phobal domhanda céimithe atá ag fás go leanúnach agus níos mó ná 246,000 de cheannairí, cruthaitheoirí agus gníomhairí athraithe ina gcónaí i mbreis agus 170 tír, iad nasctha le chéile ag ceangal comhroinnte Ollscoile. Le linn na bliana seo caite lean ár gcéimithe tábhachtacha de bheith ar cheann de na láidreachaí is mó atá ag an Ollscoil agus léiríonn siad ár gclú mar Ollscoil dhomhanda na hÉireann. Seolann a rathúlacht leanúnach teachtaireacht láidir – cruthaíonn céimithe UCD athrú a bhfuil brí leis ag gach leibhéal den tsochaí, go náisiúnta agus go domhanda araon.

I rith na bliana seo caite, leanamar de bheith ag oibriú go dícheallach ag forbairt agus ag neartú ár gcaidreamh lenár gcéimithe. Tháinig méadú 50% ar an líon céimithe atá ag fanacht nasctha lena chéile agus le UCD trí chlár struchtúrtha d'imeachtaí agus de chaidrimh. Tá sé mar aidhm ag an clár seo leanúint den tacaíocht dár gcéimithe, bídís ina gcéimithe nua nó ag dul isteach i saol nua tar éis scoir. Déanaimid nuashonrú rialta anois ar líon ollmhór de 150,000 céimí faoi fhorbairt ag UCD ar bhonn leanúnach, agus i mblíana chuireamar fáilte roimh 22,000 céimí, geall leis, chuig imeachtaí ar fud an domhain.

I mí na Samhna, ag Gradaim Chéimithe UCD 2016, rinneamar ceiliúradh go bródúil ar na gnóthachtálacha breátha domhanda a rinne deichniúr céimithe a sheasann leis na luacha is ansa le UCD – ionracas, sármhaitheas, coláisteacht, comhpháirteachas, cruthaitheacht agus éagsúlacht – luachanna a chreidimid a bheith i DNA na hOllscoile. Orthu sin a fuair gradam an oíche sin as a n-ionchur ar an ardán domhanda bhí céimithe mar Ambasadóir na hÉireann chuig SAM, A.S. Anne Anderson a

fuair an gradam don Ealaín, agus an buaiteoir Oscar, Benjamin Cleary, a fuair an gradam don Dlí.

Bhí a lán dár gcéimithe a bhí sna ceannlínte ar fud an domhain le feiceáil i leagan Mheán Fómhair den iris *Connections*. Léann 350K duine an iris sin ar fud an domhain agus i mblíana rinne sí ceiliúradh ar ghnóthachtálacha domhanda ár gcéimithe atá ag fiosrú, ag treorú, ag foghlaim agus ag déanamh difríochta.

Le bliain anuas, ba mhór an phribhléid domsa a bheith d'onóir agam fáilte a chur roimh chéimithe chuig cuid den 80+ ceiliúradh agus imeacht a bhí ar siúl ar fud an domhain – a lán acu a reáchtáladh le tacaíocht ón 48 caibidil céimithe ar fud an domhain. I mblíana, bhí imeachtaí againn ar fud na hEorpa, Dubai, an tSín, Srí Lanca, Hong Cong, Singeapór agus an India. Buaicphointe suntasach a tharla i bhFeabhra ab ea bronnadh Bonn Lá an Bhunaithe UCD 2016 i Nua Eabhrac ar an gcéimí ealaíon agus daonnachtaí mór le rá, Colm Tóibín, in aitheantas ar na gaisc móra litríochta atá déanta aige.

Tharla ceann de na buaicphointí pearsanta ba mhó a bhí agam féin anuraidh i mí Meitheamh nuair a reáchtálar Féile UCD ar an gcampas, ag fáiltiú breis agus 12,000 céimí, mac léinn, lucht dámh, baill foirne agus an pobal áitiúil chuig an gcampas le ceiliúradh a dhéanamh ar smaointeoirí, cruthaitheoirí, oideachasóirí agus lucht scléipe UCD. Deis a bhí sa lá d'aionna le sásamh a bhaint as clár ildisciplíneach de bhreis agus 60 imeacht a rinne ceiliúradh ar na nithe is fearr atá ar fáil ó UCD, mar aon le deis a fháil chun aithne a chur arís ar an gcampas, nascadh le seanchairde agus líonrú le céimithe eile agus le baill de Phobal UCD. Rinne an Fheile ceiliúradh freisin ar lorg domhanda chéimithe UCD trí imeachtaí satailíte Féile a d'eagraigh ár gcéimithe i Londain, Nua Eabhrac agus Chicago.

Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh chun mo bhuíochas a chur in iúl don iomad míle céimí as a gcuid ama, a n-iarracht agus a n-acmhainní a chur isteach inár nOllscoil, agus go háirithe as tacaíocht a thabhairt d'eispéreas na mac léinn trína gcuid ama a thabhairt ar ais, tríd ár gclár meantóireachta mac léinn-céimithe, nó trína dtallann a roinnt mar chainteoirí nó mar chomhairleoirí le céimithe agus mic léinn.

Arís i mblíana, agus muid ag feiceáil go bhfuil ár gcéimithe ag déanamh níos mó ceangail le UCD, chonaiceamar méadú d'aon trian ar líon na gcéimithe atá ag tabhairt tacaíocht airgeadais do mhic léinn ag UCD trínár bhfeachtas *UCD Champions – Changing Futures*. Is mian liom buíochas a ghlacadh leis na céimithe go léir a thug airgead tríd ár gclár rialta tabhartais a thug tacaíocht do dhá oiread scoláireacht i mblíana agus a thug anuraidh, agus a thacaigh freisin le heispéreas na mac léinn

Forléargas ón Uachtarán

trí mhaoiniú a thabhairt do thosaíochtaí Leabharlainne, Fhorbairt an Champais agus Comhpháirteachais Dhomhanda.

Leis an rathúnas leanúnach atá ar ár gcéimithe go domhanda agus an méadú atá ag teacht ar an bhfionn atá orthu tacaíocht airgeadais a thabhairt, cinnteofar go mbeidh UCD in hollscoil den scoth ar feadh blianta fada amach romhainn.

Tabhartais Mhóra

Ar ndóigh, ní inár bhFeachtas *Changing Futures* ach cuid den tacaíocht dhaonchairdiúil a fuairamar i mbliana, agus is mian liom buíochas a ghlacadh lenár ndeontóirí go léir as a dtacaíocht agus a dtiomantas flaitiúil chun spriocanna straitéiseacha UCD a chur chun cinn i rith na bliana.

Bhí éifeacht ag na tabhartais a fuair UCD ar fud na hollscoile – ag cuidiú chun taighde ceannródaíoch a sheachadadh, ceannairí an todhchaí a chothú agus saol daoine a shaibhriú trí scoláireacht agus foghlaim.

I rith na bliana, chonaic mé arís agus arís eile na héifeachtaí inlámhsithe atá ag an daonchairdeas ar gach gné den Ollscoil. Ó bheith ag ceiliúradh na ngnóthachtálacha agus na mbuanna a bhí ag Scoil Dlí Sutherland UCD; go dtí a bheith ag cur fáilte roimh mhic léinn ó phobail atá faoi mhíbhuntáiste chun oideachas den scoth a fháil; go dtí a bheith ag ceiliúradh lenár lúthchleasaithe tréitheacha agus sciliúla agus iad ag cnuasach a gcuid bonn; go dtí a bheith ag breathnú ar an gcíocras agus ar an bhfuinneamh nuair a bhíonn tús á chur le clár nua i ndisciplín ar leith. Níl aon dabht ann ach gur athrú ó bhonn atá ann.

Thíos, ar chlé: Ní mar a shíltear a bítear? Réaltacht Fhíorúil faoi lán seoil ag Ionad Eolaíochta Uí Bhriain UCD.

Thíos, ar dheis: Ar na nithe a bhí ag Féile UCD bhí tob-ospidéal Béiríní Bréagach inar bhain ár gcuairteoirí óga sásamh as a bheith ag seiceáil sláinte a mbéiríní le cabhair ó chuid d'ábhair iontacha dochtúirí UCD. Sa phictiúr tá an mac léinn leighis Aodhagan McGoohan in éineacht le Robyn Cogan, 5 bliana d'aois, as Áth an Ghainimh.

Is ábhar mór misnigh freisin a bheith ag obair leis an líon substaintiúil dár gcomhpháirtithe corparáideacha a thacaíonn go daonchairdiúil leis an Ollscoil. Tuigeann na comhpháirtithe luachmhara sin go bhfuil iomaíochas na hÉireann ag brath ar ollscoileanna a thugann oideachas do na ceannairí a bheidh againn sa todhchaí i ngach réim den saol agus a ghineann maoin intleachtúil agus nuálaíocht.

Bhí an bhliain 2016/2017 ar cheann de na cinn ab fhearr riamh do bhronntanais dhaonchairdiúla do UCD. Ach go háirithe, tá ríméad orm go gcuirfidh bronntanas iontach ar ár gcumas timpeallacht uathúil 'Todhchaí na Foghlama' a thógáil lena chinntiú go bhfanfaimid ar thús cadhnaíochta an oideachais ghnó, agus go leanfaimid ag cur oideachais ar fáil dár mac léinn atá ábhartha don am i láthair agus a leanfaidh de bheith ábhartha don todhchaí.

Táimid ag brath anois níos mó ná riamh ar fhlaithiúlacht ár ndeontóirí agus ár lucht tacaíochta, a thugann a gcuid ama, a gcomhairle agus a n-acmhainní airgid do UCD. Tá acmhainneacht ó ghuagacht an mhaoinithe stáit ríthábhachtach le go mbeidh UCD rathúil. Is í an ghéarchéim mhaoinithe an dúshlán is mó atá againn go fóill, ach a bhíochas do fhlaithiúlacht na mílte céimithe agus cairde, cuireann ár gclár thiomsaithe airgid go suntasach leis an rathúlacht atá againn ag cur fáil ar eispeireas den scoth do na mic léinn agus ag déanamh taighde a chuireann le rafar ár sochaí.

Tá mé faoi chomaoin ag ár mBoird Fhorais: UCD Foundation, Ireland; Friends of UCD, UK; agus an John Henry Newman Foundation, USA. Táimid fórbhuíoch as a ndílseacht agus a dtiomantas leanúnach.

Tá riachtanas mór ann go fóill, agus ní bheimid in ann ár bpleananna uailmhianacha agus ár n-ionchas ceart a chur i gcrích ach amháin tríd na bronntanais bhunathraithe airgeadais a fhaighimid ónár lucht leanta.


An tOllamh Andrew J Deeks
Uachtarán






UCD de réir Uimhreacha


Staitisticí Mac Léinn Campaid in Éireann




Staitisticí ar Mhic Léinn ó Thar Lear




Mic Léinn UCD as Éirinn




Briseadh Síos ar Fhochéimithe/Céimithe




Mic Léinn Fir/Mná



Foireann Fir/Mná




Staitisticí Foirne in Éirinn



Mic Léinn Idirnáisiúnta de réir Réigiúin

2016/17



Disciplín na Mac Léinn Fochéime agus Céimithe


Éire 2016/17


Réimse Ábhair	Fochéimithe	Céimithe	Iomlán
Cláir cineálacha agus cáilíochtaí	295	–	295
Oideachas	–	587	587
Na heolaíona agus na daonnachtaí	3,994	395	4,389
Na heolaíochtaí sóisialta, iriseoireacht agus faisnéis	1,622	755	2,377
Gnó, riarachán agus dlí	3,834	2,392	6,226
Na heolaíochtaí nádúrtha, matamaitic agus staitisticí	2,206	967	3,173
Teicneolaíochtaí cumarsáide agus faisnéise (TFCanna)	422	670	1,092
Innealtóireacht, déantúsaíocht agus foirgníocht	1,632	898	2,530
Talmhaíocht, foraoiseacht, iascaigh agus tréidliacht	1,773	537	2,310
Sláinte agus leas	3,674	1,935	5,609
Seirbhísí*	171	18	189
Iomlán	19,623	9,154	28,777

Rangaíodh na figiúirí faoin Aicmiú Caighdeánach Idirnáisiúnta le haghaidh Oideachais (ISCED) agus bhain an tÚdarás um Ard-Oideachas (HEA) úsáid astu le comparáid a dhéanamh idir staitisticí oideachais trasna tíortha éagsúla.


* I measc na seirbhísí ar nós Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair.

An 20 Tír is Airde Alumni UCD*


 **192,912**
(1) Poblacht na hÉireann

 **2,839**
(8) Hong Cong


 **1,124**
(15) An Astráil

 **12,694**
(2) Na Stáit Aontaithe


 **2,667**
(9) An Ghearmáin

 **816**
(16) An Mhalaeisia

 **10,380**
(3) Singeapór

 **2,665**
(10) An tSín


 **722**
(17) An Bheilg


 **4,888**
(4) An Ríocht Aontaithe
(Sasana, Albain, An Bhreatain Bheag)


 **2,035**
(11) An Spáinn

 **671**
(18) An Ísiltír

 **4,312**
(5) Srí Lanca


 **1,550**
(12) Ceanada

 **480**
(19) An Eilvéis

 **3,229**
(6) Tuaisceart Éireann

 **1,302**
(13) An Iodáil


 **382**
(20) An Ostair

 **2,875**
(7) An Fhrainc

 **1,184**
(14) An India

* Alumni go bhfuil sonraí teagmhála
againn dóibh.

1ú Rogha CAO Iúil





Oideachas

Réamhrá ó Chláraitheoir agus Leas-Uachtarán UCD

Tá meas, comhpháirteacha agus cumhachtú daoine rithábhachtach chun seirbhís den scoth a chur ar fáil dár mic léinn, dár gcomhghleacaithe agus don phobal níos leithne. Tá áthas orm dul chun cinn a thuairisciú ar fud ár straitéise ina hiomláine don bhliain atá caite agus béim a chur ar bhuaicphointí ár bhfoirne dámh, gairmiúil agus riaracháin i seachadadh ár gclár oibre uailmhianach. I dtréimhse leanúnach de dhúshlán airgid, leanamar de bheith nuálach san oideachas chomh maith le bheith ag feabhsú eispéireas na mac léinn.

Le bliain anuas, chonaiceamar comhoibriú ar fud phobal na hOllscoile, ón bhforbairt ar theicneolaíochtaí nua do thacaíocht phearsanaíthe mac léinn trí sheachadadh an chéad Chúrsa Oscailte Ollmhór Ar Líne (MOOC) agus bunú Pobail Chleachtais faoi UCD Agile. D'eascair an t-athbheithniú curaclaim ar fud na hOllscoile, ar cuireadh bailchróch air i mbliana, as iarracht ollmhór comhoibríoch chun feabhsúcháin a aithint le cur i bhfeidhm trí chlár i seisiún acadúil 2018.

Trí thacú le agus aitheantas a thabhairt don tsármhaitheas sna dáimh agus sa bhfoireann agus spreagadh a thabhairt dá bhforbairt ghairmiúil leanúnach, cinntítear go bhfuil ár mic léinn ag fáil an eispéiris is fearr taobh istigh agus taobh amuigh de n seomra ranga mar ullmhúchán dá rathúlacht i ndiaidh na hollscoile. Tá méadú tagtha ar líon an lucht dámh atá ag fáil cáilíochtaí i dteagasc ollscoile, agus thugamar isteach na gradaim Barr Feabhais Teagaisc agus Éachta nach hé amháin go dtugann siad aitheantas don tsármhaitheas sa teagasc ach freisin don mhéid atá curtha le heispéireas na mac léinn.

I mbliana freisin, rangáíodh UCD i rangaithe Ollscoile QS ar an 1ú háit in Éirinn agus ar uimhir 75 sa domhan maidir le hinfhostaitheacht. Comhtharlaíonn an ghnóthachtáil seo le seoladh na nGradam UCD Embark agus UCT Advantage, a spreagann mic léinn chun luach na ngníomhaíochtaí seach-churaclaim a aithint ina bhforbairt phearsanta agus ghairmiúil.

Tá laghdú déanta againn ar líon na mbealaí iontrála CAO chuig ár gclár, rud a bhaineann an leas is fearr as an solúbthacht do mhic léinn agus a cheadaíonn do mhic léinn a suim agus a dtiomantas a dhearbhu d'ábhar a bhfuil siad ag iarraidh speisialú a dhéanamh ann. Bímid ag iarraidh méadú leanúnach a chur ar réimse na mbealaí iontrála isteach i UCD, chun a chinntiú go méadóimid an chomhpháirteachas do ghrúpaí atá faoi ghannionadaíocht, agus tá feabhas tagtha ar éagsúlacht do mhic léinn a bhaint amach agus 29% den phobal i gceist anois.

Creidimid go bhfuil an eispéireas iomlán ollscoile lárnach do rathúlacht na mac léinn, agus in aitheantas do chur chuige sin, cruthaíodh dhá ról nua i mbliana, Déan na Staidéar Fochéime agus Déan na Mac Léinn. i gcomhar leis an Ollamh Barbara Dooley, Déan na Staidéar Iarchéime agus Leas-chláraitheoir, cuireann sé áthas orm fáilte araon a chur roimh an gComhollamh Marie Clarke mar Déan na Staidéar Fochéime agus an tOllamh Jason Last mar Dhéan na Mac Léinn. In éineacht lenár gcomhghleacaithe ar fud na hOllscoile, táimid ag tnúth le hoideachas iomlánaíoch agus eispéireas a bheidh dírithe ar mhic léinn agus bunaithe ar thaighde a chur ar fáil dár mic léinn.

An tOllamh Mark Rogers
Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán

Cláir agus Disciplíní a Neartú agus a Fheabhsú

Athbheithniú ar an gCuraclam

Foilsíodh an tuarascáil ar an Athbheithniú Curaclaim i mí an Mhárta 2017. Tionscadal mórskála agus uailmhianach ab ea an tionscnamh institiúideach seo a raibh sé mar thoradh air gur cuireadh torthaí clár i bhfriotal go rathúil ar fud phunann na gclár teagaisc. D'aithin Foireann Bainistíochta na hOllscoile téamaí feabhsúcháin clár a threoraigh an Curaclam agus an próiseas Feabhsúcháin (CRE), is é sin, taighde a leabú in eispéireas na bhfochéimithe; forbairt ar airíonna agus cumais a bhí sonrach don disciplín mar aon le réimse níos leith díobh; sainiú agus measúnacht éifeachtach agus éifeachtúil ar thorthaí; agus leathnú ar úsáid na teicneolaíochta chun feabhas a chur ar an bhfoghlaim.

Tríd an bpróiseas CRE, tá fíís clár agus ráitis luachanna agus torthaí clár curtha in iúl trí 598 clár teagaisc. Chuir an próiseas sin de mhapáil curaclaim ar fáil ar an deis d'fhoirne athbheithnithe clár chun díriú ar fhorbairt agus ar athrú. Leis na deiseanna chun dul i gcomhpháirteachas le mic léinn faoi fhorbairt curaclaim bhíothas in ann athrú chun feabhais a dhéanamh agus dea-chleachtas a chomhroinnt.

Chun measúnacht dírithe ar chlár a chur chun cinn, aschur lánach den tuarascáil, réachtáladh imeachtaí ina raibh cainteoirí idirnáisiúnta páirteach, ag críochnú leis an *Siompóisiám faoi Mheasúnacht, Aiseolas agus Foghlaim a Nascadh* a d'eagraigh Teagasc agus Foghlaim UCD i mBealtaine na bliana seo, ar fhreastal 120 ball dámh agus ball foirne air. Nótáil painéal mac léinn UCD an tábhacht atá le aiseolas luath a fháil ar a gcuid oibre agus le pleanáil measúnachtaí trasna modúl agus clár. Freisin, d'aibhsigh siad an luach atá le luathmheasúnacht a bhfuil cuid bheag i ngeall léi (gan grádú sin nó a bheith grádaithe go híseal) chun cabhrú le mic léinn a ndul chun cinn a mheas.

Solúbthacht Mhódúlach agus Rogha a Fheabhsú

Leis an bhforbairt atá déanta ar chéim nua ceithre bliana BA sna Daonnachtaí mar aon le céim nua ceithre bliana BSc sna hEolaíochtaí Sóisialta, tá raon de chlár spreagúla agus nuálacha tugtha isteach le tacaíocht ó thaighde ceannródaíoch atá stiúrtha ag an lucht dámh. Cuirfidh an chéad bhuíon de na mic léinn sin tús lena gcuid staidéar i Meán Fómhair 2018. Cuirfidh na cláir nua chéime seo an léirchruinneas chun cinn laistigh d'ábhair, agus tugann an tréimhse ceithre bliana deis chun intéirneachtaí a thabhairt isteach mar aon le deiseanna socrúcháin oibre agus staidéir thar lear.

Tacú le Foghlaim agus Measúnacht na Mac Léinn

Rinneadh suirbhé cuimsitheach ar na mic léinn go léir chun a aithint conas a d'fhéadfadh an Ollscoil feabhas a chur ar thacaíochtaí measúnachta do na mic léinn. Príomhthoradh amháin a fuarthas gur cheart an clár ama do na scrúduithe ag deireadh seimeastair a chomhtháthú isteach i ngach féilire pearsanta mac léinn UCD ar líne. Mar fhreagra, rinne Clárann UCD agus Seirbhísí IT UCD forbairt ar amchlár nuálach ar líne ina bhfuil áireamh déanta freisin ar ionaid na scrúduithe agus ar uimhreach na suíochán. Tugadh é sin isteach i Seimeastar 1 de sheisiún acadaimh 2016/17 agus tá fáilte curtha ag na mic léinn roimhe.

Cuireadh feabhas freisin ar chórais chun cuidiú le comhordaitheoirí modúl éascaíocht a dhéanamh d'fhoilsiú torthaí sealadacha, rud a thugann cead do mhic léinn a gcuid foghlama a choigeartú mar ullmhúchán do chomhpháirteanna measúnachta níos deireanaí.

Rannpháirtíocht a Leathnú agus Tacú le Foghlaim ar Feadh an tSaoil

Tá UCD ag déanamh ceannródaíochta ar chruthú campais a bheith ionchuimsitheach agus táimid chun tosaigh san fhorbairt ar chur chuige córasach chun aird a tharraingt ar rochtain agus rannpháirtíocht a leathnú:

9,154 Líon Iomlán Céimithe UCD in Éirinn

22% Méadú le cúig bliana anuas



le bliain anuas tá céimeanna suntasacha bainte amach san aistear ó na himill go dtí an príomhshruth. Go sonrach, tá 29% den phobal mac léinn, atá anois os cionn 17,000, ag teacht as grúpaí faoi ghannionadaíocht atá sprioctha. Tá ráta dul chun cinn na mac léinn sin beagnach ar aon dul leo sin atá ag pobal iomlán na mac léinn.

Tá dul chun cinn le feiceáil freisin sa bhforbairt ar champas ionchuimsitheach: Dhírigh Céim 1 ar chomhphárteanna sonracha tacúla lena n-áirítear straitéis, struchtúir, próisis acadúla, agus an bonneagar tógtha agus teicniúil. Le dhá bhliain anuas, tá Céim 2 fócasaithe ar spreagadh a thabhairt agus úsáid a bhaint as réimsí beaga tiomantais agus díograis, agus dá thoradh sin tá rannpháirtíocht ar siúl i réimse leathan de cheardlanna agus de sheimneáir ar chleachtas ionchuimsitheach.

Buaicphointí

- I mí na Nollag 2016, rinneadh an tAire Oideachais agus Scileanna, Richard Bruton TD, an oscailt oifigiúil ar Ionad Rochtana agus Foghlama ar Feadh an tSaoil UCD. Tá sé mar aidhm ag an Ionad a bheith ina 'dhroichead chuig an ionchuimsiú' ag cur fáil ar naisc, comhphárteachas agus cothú caidrimh idir pobail a d'fhéadfadh a bheith scoite ón ardoideachas agus ó phobal na hOllscoile.
- Mar chuid den chlár for-rochtana agus comhphárteachais, chuir mic léinn UCD fáilte roimh 180 mac léinn ionchasach ó scoileanna 'naisc', coláistí Breisoideachais, ionaid Treorach Aosach, Cumas Éireann agus Seirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta. Chuir sé sin deis ar fáil chun eispéireas maith a fháil ar shaol ollscoile, lena n-áirítear léachtaí agus ranganna teagaisc. Cuireadh fáil freisin ar léachtaí agus turais mar chuid den tSeachtain Oidhreachta Náisiúnta agus eagraíodh ócáidí chun comtharlú le Féile na bhFoghlaiméoirí Aosach, AONTAS.
- I mbliana, bronnadh Scoláireachtaí um Rannpháirtíocht a Leathnú do 81 mac léinn. Ón am ar eagraíodh na chéad Dámhachtainí Scoláireachta in 2012, nuair a bronnadh scoláireachtaí ar 12 mac léinn, tá scoláireachtaí faighte ag 219 mac léinn. Go dáta, tá breis agus €1 milliún tugtha ag Céimithe UCD agus deontóirí corparáideacha chun na scoláireachtaí luachmhara sin a mhaoiniú.

Sa phictiúr seo a tógadh ag seoladh Ionad Rochtana agus Foghlama ar Feadh an tSaoil UCD i mí na Nollag 2016 tá (c-d): An tOllamh Mark Rogers, Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán UCD; an Dr Anna Kelly, Stiúrthóir, Rochtain agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil UCD; an tAire Oideachais agus Scileanna, Richard Bruton TD; agus an tOllamh Andrew Deeks, Uachtarán UCD.



- Cuireadh méadú suntasach ar Foghlaim Oscailte, bealach nuálach UCD chun modúil a chur ar fáil d'fhochéimithe, agus anois cuireann sé fáil ar 200 modúl ar fud 25 scoil.
- Mar chuid de phríomhshruthú agus den tionscnamh cleachtas ionchuimsitheach, d'fhoilsigh UCD an *Universal Design for Curriculum Design: Case Studies from University College Dublin*, showcasing ina bhfuil béim curtha ar smaointe praiticiúla chun dearadh ionchuimsitheach a chorprú i gcleachtas oideolaíoch. Tríd an bhFóram Náisiúnta um Fheabhsú an Teagaisc agus na Foghlama san Ardoideachas, rinne UCD i gcomhar le AHEAD forbairt ar Bhonn Digiteach sa dearadh uilíoch don teagasc agus don foghlaim.
- I mbliana, cuireadh méadú ar shearmanais bhronnta UCD chun áireamh a dhéanamh ar dhámhachtainí do mhic léinn na gClár Rochtana Ollscoile agus mic léinn ó chúrsa an Teastais Foghlama Oscailte sa géineolaíocht.
- I Meitheamh, bhí áthas ar UCD fáilte a chur roimh Diane Reay, an tOllamh le hOideachas ag Ollscoil Cambridge, mar phríomhchainteoir ag Siompóisiam Rochtana UCD. Dhírigh óráid an Ollaimh Reay ar an míchothromaíocht agus ar rochtain agus rannpháirtíocht a leathnú agus comhlánaíodh é sin leis an taispeántas 'Cleachtas Ionchuimsitheach in UCD' a léirigh samplaí de dhea-chleachtas ag UCD. Reáchtáladh seimneáir a d'fhiosraigh straitéisí tacaíochta mac léinn i rith an lae, agus rinne an t-iriseoir agus an craoltóir ó RTÉ, an Dr Gavin Jennings, agallamh poiblí le céimithe ó Rochtain UCD.
- Bhí baint lárnach ag an gCoiste um Leathnú Rannpháirtíochta Ollscoile, faoi cheannas an Ollaimh Grace Mulcahy, i dtiomáint fhís UCD don rochtain agus áirithe san obair a rinne siad i mbliana bhí an fócas ar phróisis agus ar thacaíochtaí, lena n-áirítear earcaíocht agus iontrálacha, measúnacht agus saoráidí an champais.

Foghlaim Trí Thaighde

Rinneadh breis agus €60,000 a leithdháileadh ar naoi dtionscadal faoi scéim nua síochistithe, 'Foghlaim trí Thaighde', a seoladh i nDeireadh Fómhair 2016. Dírionn an scéim ar thacaíocht a thabhairt do dhearadh agus d'fhorbairt 'croílár' de ghníomhaíochtaí taighde laistigh de na clárí fhochéime chun feabhas a chur ar eolas speisialaithe agus ar scileanna inaistrithe na mac léinn. Toradh is ea an scéim as an taighde atá déanta ag Comhaltá Teagaisc agus Forbartha Acadúil UCD, an tionscadal Athbheithnithe agus Feabhsúcháin Curaclaim, agus an siompóisiam ar Foghlaim Trí Thaighde.

Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta

An sprioc straitéiseach atá againn ná pobal UCD a chumasú trí shaol na hOllscoile a fheabhsú le teicneolaíochtaí digiteacha nua agus éirítheacha. Ag cur le soláthar seanbhunaithe UCD de dheiseanna foghlama ar líne agus le tacaíocht ó Universitas 21, sheol UCD a chéad chúrsa oscailte ar líne '*Planetary Urbanisation*' i nDeireadh Fómhair 2016. Scoil na Tíreolaíochta UCD i gcomhar le Seirbhísí TF a d'fhorbair an cúrsa atá ar fáil in aisce do gach duine. Tá ról tábhachtach, atá ag dul i méid, ag an bhfoghlaim shóisialta, na meáin shóisialta agus teicneolaíochtaí idirghníomhacha foghlama sa nascadh idir taighde acadúil agus oideachas chun eispéireas foghlama den scoth a chothú do na mic léinn agus tá UCD chun cinn leis sin.

Chun ríomh-ardán instiúideach a chur ar fáil le go mbeidh lucht dámh agus baill foirne in ann taithí a roinnt lena chéile i dtaca le teicneolaíochtaí oideachais a fheidhmiú i mbun teagaisc agus cleachtas mheasúnachta, cuireann UCD fáil ar thacaíocht oideolaíoch agus teicniúil araon trí Chainteanna EdTECx agus ceardlanna. Ócáid phobail atá anois ina tríú bliain is ea an tsraith EdTECx a sheachadann Seirbhísí TF agus Teagasc agus Foghlaim i gcomhar leis an ngréasán Scoilbhunaithe de theicneolaithe oideachasúla, agus tá sé cruthaithe gur bealach iontach é seo chun teicneolaíochtaí do theagasc agus d'fhoghlaim a thabhairt isteach agus a léiriú.



Sa phictiúr seo a tógadh ag Siompóisiam Rochtana UCD i Meitheamh 2017 tá (c-d): An tOllamh Grace Mulcahy, Scoil an Leighis Tréidliachta; an tOllamh Diane Reay, Ollscoil Cambridge; an tOllamh Andrew Deeks, Uachtarán UCD; an Dr Anna Kelly, Stiúirthóir, Rochtain agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil UCD; agus an tOllamh Mark Rogers, Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán UCD.

Rannpháirtíocht Níos Forleithne – Cláir Fochéime (Teastais, Diplomaí agus Céimeanna)

	2015	2016	2017
Mic léinn atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch (céim lánaimseartha amháin) (1)	1,746	1,320	1,406
Mic léinn ag tuairisciú Míchumais (lánaimseartha) (2)	1,349	1,473	1,564
Mic léinn ag tuairisciú Míchumais (páirtaimseartha)	48	51	59
Mic léinn lánfhásta (lánaimseartha) (3)	967	1,021	1,060
Mic léinn lánfhásta (páirtaimseartha)	814	836	796
Foghlaim pháirtaimseartha agus sholúbtha (4)	1,006	1,064	910
QQI-FET (lánaimseartha)	262	178	291
Mic léinn Rannpháirtíochta uile UCD	4,437	4,755	4,965
Líon iomlán Mhic Léinn Fochéime UCD	16,310	16,687	17,054
Céatadán na Mac Léinn Rannpháirtíochta	27.2%	28.5%	29.1%

Iontrálaithe Nua do Chúrsaí Fochéime – Bealaí iontrála forlíontacha	2015	2016	2017
HEAR	234	269	210
DARE	153	233	246
QQI-FET	72	100	99
Lánfhásta	233	193	184

Notes

- (1) Mic léinn ó ghrúpaí socheacnamaíoch D, F & G (arna sainmhíniú ag an bPríomh-Oifig Staidrimh)
- (2) Mic léinn a thuairiscíonn míchumas trí chlárú do thacaíochtaí le Ionad don Rochtain agus don Foghlaim ar feadh an tSaoil UCD, trí chlárú DARE, nó trí mhíchumas a chur in iúl ar an Suirbhé um Chothroime Rochtana
- (3) Mic léinn os cionn 23 bliain d'aois gan fochéim
- (4) Páirtaimseartha, Open Learning san áireamh

Teagasc agus Foghlaim Ollscoile – Aitheantas agus Forbairt Ghairmiúil

Gradaim Teagasc agus Foghlama

Mar léiriú ar an tábhacht a chuireann UCD ar ardcháilíocht teagaisc, foghlama, measúnachta agus deartha curaclaim, seoladh dhá scéim nua Gradam Teagaisc agus Foghlama UCD i bhFeabhra 2017. Den chéad uair, chuir mic léinn UCD ainmniúcháin isteach. Léiríonn ábhar agus méid a n-ainmniúcháin (1,675, 84% de na hainmniúcháin) an luach a chuireann mic léinn ar ról an lucht dámh agus na mball foirne ina n-eispéireas foghlama.

Seo í freisin an chéad bhliain a raibh an lucht dámh agus baill foirne in ann aitheantas a thabhairt do shaothar a gcomhghleacaithe. Ainmníodh 735 foireann agus duine aonair, agus aithníodh 73 dámhachtaí ag leibhéal coláiste sa chéim iarratais agus breithnithe a lean. Tar éis próisis eile iarratas agus roghnaithe, fuarthas 13 dhámhachtaí Teagaisc agus Foghlama Ollscoile agus bronnadh a ngradaim orthu ag ceiliúradh i Meán Fómhair 2017.

D'aibhsigh na hainmniúcháin cumarsáid tharraingteach agus dhíograiseach de shaineolas, modhanna ceannródaíocha foghlama, teagasc fuinniúil, físiúil agus spreagúil, agus forbairt agus ceannaireacht churaclaim. Léirigh siad buíochas freisin as cúnamh pearsanta, caidearthacht agus an t-am a tugadh chun tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do mhic léinn chun deacrachtaí a sháru. Rinne mic léinn cur síos ar an 'bealach ar spreagadh iad leis an bpaisean a bhí ag a dteagascóirí dá n-ábhar, agus an chaoi a raibh a dteagascóirí ina n-eiseamláirí a thug dúshlán dóibh a n-acmhainn a bhaint amach trí fhoghlaim idirghníomhach a raibh ábhar machnaimh ann ach fós a bhí inrochtana.

'The Finest Men Alive' – taispeántas nua ar líne ag imlíniú shaol na bpríosúnach poblachtach tar éis Éirí Amach na Cásca. Sa phictiúr seo a tógadh ag an seoladh tá an tOllamh Michael Laffan; an Dr John Howard, Leabharlannaí na hOllscoile; agus Kate Manning, Príomhchartlannaí, Cartlanna UCD.

Cláir Ghairmiúla i dTeagasc agus Foghlaim

Tá méadú leanúnach ag teacht ar an líon den lucht dámh atá ag dul do chláir ghairmiúla i dTeagasc agus Foghlaim Ollscoile agus beagnach 50 céimí thar thrí chlár i gceist. Teagasc agus Foghlaim UCD a sheachadann na cláir a thugann deiseanna do lucht dámh ag céimeanna éagsúla dá ngairmeacha chun athbhreithniú a dhéanamh agus feabhas a chur ar a scileanna teagaisc ar an tuiscint atá acu ar chuir chuige agus teoiric in ardoideachas éifeachtach. Ar na modúil a chuirtear ar fáil tá Taighde a Leabú sa Teagasc, Measúnacht do Theagasc agus Foghlaim agus Foghlaim Gníomhach leis an Teicneolaíocht.

Tacú le Feabhsú Acadúil

Caighdeán a Sheachadadh agus a Thomhas

Táimid ag leanúint dár dtiomanta d'fheabhsúchán leanúnach ardchaighdeán ar fud na ngníomhaíochtaí go léir, agus táimid inár rannpháirtí gníomhach agus inár gcuiditheoir do ghníomhaíochtaí dearbhairte/feabhsúcháin cáilíochta náisiúnta agus idirnáisiúnta.

In 2016/17 cuireadh bailchríoch ar athbhreithnithe ardchaighdeán dóibh seo a leanas: Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha (Faomhadh Nósanna Imeachta QA); Dioplóma BAgSc/Gairmiúil UCD/Teagasc, Bainistíocht Feirme Déiríochta; Scoil na Fisce UCD; Kaplan (Cláir Gnó UCD), Hong Cong agus Singeapór; Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasáí Chultúrtha UCD; Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha (Soláthróir Nasctha); Scoil na gClasaicí UCD; Scoil na hInnealtóireachta Bithchórais agus na hInnealtóireachta Bia UCD; Seirbhísí Eastáit UCD; agus Ionad Forbartha Gairme UCD.






Thug Coiste Fhéile Ealaíne an Chlocháin a gcartlann d'ábhar clóite agus digiteach do Leabharlann UCD lena choinneáil slán, agus beidh sé ansin mar chuid de Bhailiúchán Oidhreachta UCD. Sa phictiúr seo a tógadh ag an ócáid (c-d) tá Carmel O'Sullivan, Leabharlannaí Comhlach; an tOllamh Andrew Deeks, Uachtarán UCD; agus Brendan Flynn, Bunaitheoir agus Stiúrthóir Cruthaitheach, Féile Ealaíne an Chlocháin.

Tá ról neamhspleách monatóireachta ag athbhreithniú piaraí, ag cumasú feabhsúcháin leanúnaigh ar ghníomhaíocht oideachais agus taighde, eispéreas na mac léinn agus an bonneagar tacaíochta. In 2016/17, áirithe i gcomhdhéanamh an ghrúpa athbhreithnithe bhí baill ó Ollscoil Oxford, Ollscoil Teicneolaíochta Nanyang (Singeapór), Ollscoil Ghlaschú, Ollscoil McGill (Ceanada) agus Ollscoil Chialifornia, Berkeley.

Leagann an chairt thíos amach na freagraí faoi phríomhréimsí ar lorgaíodh aiseolas uathu. Bhí formhór an aiseolais athbhreithnithe deimhneach agus breis agus 85% díobh sin a d'fhreagair ag léiriú go raibh gach réimse ar fheabhas nó go maith.

Tá an tAthbhreithniú Timthriallach Seachtrach ina ghné den chreat níos leithne d'Fhoras Cháiliúcháin Sheachtracha (ollscoileanna, DIT, RCSI). I mbliana dhearbhaigh QQI go reáchtálfar athbhreithniú institiúideach ar UCD in 2019. Déanann QQI comhordú ar athbhreithnithe institiúideacha agus buntacaithe ag na hait ábhartha den Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012. Ceapfaidh QQI foireann seachtrach athbhreithnithe chun an t-athbhreithniú sin a dhéanamh. Bíonn foirne athbhreithnithe comhdhéanta d'athbhreithnitheoirí ar mic léinn agus ceannairí sinseara institiúideacha iad ó institiúidí inchomparáide mar aon le hionadaithe seachtracha, fostóirí agus a leithéidí.

Aiseolas ó Léirmheastóirí d'Athbhreithnithe Caihdeáin UCD 10-15-16



Seachadadh Seirbhísí Bainistithe Leabharlainne, Faisnéise agus Eolais

Lean Leabharlann UCD dá tacaíocht do theagasc agus do thaighde na hOllscoile agus chuir sí go suntasach le caomhnú agus le follasacht oidhreachta chultúrtha na hÉireann. Lena chois sin mhéadaigh an Leabharlann a comhpháirteachas le mic léinn neamhthraidisiúnta agus leis an bpobal níos leithne, go háirithe ar théamaí scileanna digiteacha agus ar oidhreachta chultúrtha dhigiteach.

I mbliana, tháinig méadú 22% sa Leabharlann ar an rannpháirtíocht i scéim na hArdeiste agus níos mó ná 500 mac léinn Ardeiste as scoileanna i mBaile Átha Cliath ag baint úsáide as saoráidí staidéir leabharlainne. Bhain 8,500 mac léinn agus fostaí de chuid UCD feidhm as seisiúin oiliúna chun tacú le forbairt scileanna taighde agus faisnéise, agus le hinniúlachtaí digiteacha. Chuir Seirbhísí Cliant fáil ar 214 uair an chloig d'oiliúint (3,878 fochéimí; 3,207 céimí; agus 678 grúpa measctha) agus d'fhreastail 700 lucht dámh/taighdeoirí ar 35 ceardlann Seirbhísí Taighde Leabharlainne, faoi cheannas ár gCeannasaí Aonaid, Julia Barrett, a bhfuil gradaim bainte amach aici féin.

Ar dheis: Ainmníodh an tOlimpeach agus Céimí UCD, Paul O'Donovan, mar Phearsa Spóirt na Bliana an Dr Tony O'Neill.

Ar dheis ar fad: Foireann Rugbaí Ban na hÉireann in éineacht leis an Uachtarán Michael D Higgins agus a bhean, Sabina Higgins ag chéad chluiche an chomórtais ag UCD.

Tá an-áthas orainn go raibh sé mar thoradh ar an mbaint atá ag an Leabharlann le Féile Ealaíne an Chlocháin, atá nasctha le cuid de na hainmneacha is mó le rá sna healaíona lena n-áirítear Seamus Heaney agus Bill Whelan, go bhfuil cartlann 40 bliain na Feile tugtha anois do UCD. Chuir an Leabharlann tús freisin le clár de pháirtíocht acadúil le Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD.

Buaicphointí

- Breis agus 1.8 milliún cuairt ar an leabharlann, méadú 6% ar an mbliaín roimhe sin, ag leanúint de mhéadú ilbhliantúil san éileamh ar spás agus seirbhísí.
- I gcomhar le Seirbhísí IT UCD, cuireadh méadú ar an gclár iasachta féinseirbhíse ríomhairí glúine i leabharlanna James Joyce agus na nEolaíochtaí Sláinte araon.
- Urraíocht ar *121 Digital*, clár a chuireann oibrithe deonacha ar fáil chun tacú le forbairt scileanna digiteacha i meas na n-aosach trí thacaíocht duine le duine.
- Foilseacháin nua ó Leabharlann Digiteach UCD, an stór is sine agus is forleithne in Éirinn d'eolas taighde agus oidhreachta cultúir digiteach, lena n-áirítear *1916 and Me / 2016 and Us*, cartlann digiteach de 43 léargas aonair ar 1916; *Cartlann Grianghraf G & T*, bailiúchán suaithinseach de 667 grianghraf ó albaim G & T Crampton; agus *Hermes* (1907-1908), iris liteartha ó bhaill foirne agus mic léinn UCD.
- Óstáil na hócáide Ceiliúradh na Filíochta, an Focail Labhartha agus an Cheoil, leis an Dr Paul Perry, Comhalta Filíochta UCD, mar chuid d'Fhéile UCD.
- Rannpháirtíocht sa tSeachtain Oidhreachta Náisiúnta a d'eagraigh an tOllamh John McCafferty, Coimeádaí Acadúil, Bailiúchán Oidhreachta Cultúrtha, inar áiríodh *Cultural Heritage Treasures of UCD*, sraith de chainteanna léirithe fiche nóiméad ar fhad.
- Foilsiú an *UCD Library Cultural Heritage Collections Blog*, a aibhsíonn bailiúcháin uathúla agus sainiúla UCD.
- Sraith tionscnaimh podchraolta an Bailiúcháin Náisiúnta Béaloídis, *Blúiríní Béaloídis/Folklore Fragments*, a d'óstáil Claire Doohan agus Jonny Dillon, agus atá ar fáil ar Soundcloud.
- Clár Faisnéise trí pháirt, *John Connors: The Travellers* – comhshaothar idir an pobal Lucht Siúil, an déantóir scannán agus an Bailiúchán Náisiúnta Béaloídis, a fuair ardmholadh.
- Sheol Joe McHugh, an Aire Stáit don Ghaeilge, don Ghaeltacht agus do na hOileáin, an láithreán gréasáin nua dúchas.ie ina bhfuil 500,000 téacs agus grianghraf digiteach ag doiciméadú saol agus cultúr na hÉireann.
- Comhpháirtíocht le Bord na Gaeilge ar *An Teanga Bheo*, tionscadal de chuid UCD atá maoinithe ag SPARC ina gcuirtear fáil ar chainteanna faoi cheol, drámaíocht, polaitíocht agus spóirt in Éirinn.
- 3,400 leabhar uathúil breise, ón 15ú go dtí an 18ú haois a aistriú go dtí na Bailiúcháin Speisialta, mar chuid den comhaontú UCD-OFM (Proinsiasach).
- Tabhartas do na Bailiúcháin Speisialta de *Leabharlann agus Cartlann Maurice Harmon*, bailiúchán luachmhar de leabhair agus páipéir phríobháideacha Ollamh Emeritus UCD Maurice Harmon.
- Áirithe ar na taispeántais bhí: *The Gemma Hussey Papers*, a d'óstáil Cartlanna UCD; *Kavanagh Reconsidered*, a léirigh an Comhollamh Lucy Collins agus a d'óstáil *Special Collections*; agus rinneadh an taispeántas



taistil, *Ever Closer Union: The Legacy of the Treaties of Rome for Today's Europe*, a ghléas an Institiúid Ollscoile Eorpach, a sheoladh i Leabharlann UCD agus deichniúr ambasadóirí Eorpacha go hÉirinn i láthair.

Comhpháirtíocht Mac Léinn agus Scileanna Saoil

Aontaí Earcaíochta

Chun mic léinn UCD a chur i dteagmháil le mórfhostóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta, reáchtáil Ionad Forbartha Gairme UCD cúig aonach earcaíochta a ndearna 5,184 mac léinn agus 211 fostóir freastal orthu. Fógraíodh 3,106 folúntas ar líne do mhic léinn i rith na bliana agus reáchtáladh 108 ócáid earcaíochta fostóra ar an gcampas. Ghlac 61 mac léinn páirt i gclár ocht seachtainí fostóirbhunaithe Scileanna don Saol Oibre.

Tá an fócas seo ar cheangail bhríocha a dhaingniú idir UCD agus fostóirí céimithe tar éis cur le UCD a bheith rangaithe ag uimhir 1 in Éirinn agus uimhir 75 sa domhan d'infhostaitheacht sna rangaithe QS. Chun comhpháirteachas éifeachtach mac léinn a chumasú leis an margadh post do chéimithe, seachadadh 2,764 comhairleoireacht cóitseála duine le duine. Dúirt 99% de na mic léinn gur airigh siad níos mó muiníne ag déileáil leis an gcas a pléadh tar éis an chomhairliúcháin.

Gradaim do Scileanna Comhchuraclaim

Seoladh an scéim nua dámhachtainí comhchuraclaim níos luaithe i mbliana, chun comhpháirteachas luath a spreagadh le gníomhaíochtaí comhchuraclaim trí aitheantas a thabhairt do na scileanna, tréithe agus dearcaí a fhaightear as a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí lasmuigh den seomra ranga.

Tá na dámhachtainí struchtúrtha thart ar théamaí mar fhorbairt phearsanta agus ghairmiúil, agus comhpháirteachas cultúrtha, agus grúpa oibre tras-ollscoile a d'fhorbair iad i gcomhar le luch dámh, baill foirne agus mic léinn mar aon le príomhfhostóirí céimithe UCD. Déanfar an mórthionscnamh seo a bhainistiú trí Ionad Forbartha Gairme UCD.

Rochtain ar Chomhairle

Rud atá sainiúil in earnáil tríú leibhéal na hÉireann go bhfuil struchtúr tacaíochta déabhlóidithe forbartha ag UCD ar a bhfuil dáréag Comhairleoirí Mac Léinn ó gach ceard den ollscoil. Tá Comhairleoir Mac Léinn tiomanta an-fheiceálach sannta do gach clár fochéimí chun fáil a chur ar thacaíocht, faisnéis agus comhairle do na mic léinn ar fad, mic



léinn na céad bhliana atá ag teacht isteach ach go háirithe. I mbliana, dhírigh UCD ar ról na gComhairleoirí Mac Léinn a fhorbairt agus a fheabhsú, agus a gcuid seirbhísí a chur chun cinn don fhoireann agus do na mic léinn agus úsáid á bhaint as cainéil chumarsáide éagsúla, feachtas nua Twitter le linn an ionduchtaithe san áireamh.

Buaicphointí

- Tá rogha nuálach le teachtaireachtaí meandracha a chur ar líne tugtha isteach ar an leathanach gréasáin fabhrach d'fhóin phóca atá athsheolta do na Comhairleoirí Mac Léinn, rud a cheadaíonn do na mic léinn nascadh láithreach le Comhairleoir Mac Léinn de chuid UCD. Tástáladh é sin i mí Feabhra seo caite agus d'éirigh chomh maith leis go bhfuil sé feidhmithe go céimneach ar fud na hOllscoile anois.
- Bhí Comhairleoirí Mac Léinn páirteach san eisíocaíocht leanúnach cistí atáthar a chur ar fáil do mhic léinn a bhfuil riachtanas airgid acu. Fuair 427 mac léinn €500 de mhaoiniú ó Chiste Tacaíochta na Mac Léinn agus fuair 283 mac léinn breise a raibh tosca pearsanta agus deacrachtaí gan choinne acu maoiniú ó Chiste Leasa Mac Léinn UCD.
- Tá Comhairleoirí Mac Léinn ag treorú an chlár Píarmheantóireachta ina ndearnadh 600 mac léinn a earcú agus a oiliúint chun tabhairt faoin ról sin, ag tabhairt a seachtain deiridh de shaoire an tsamhraidh chun fáilte a chur roimh bhreis agus 4,500 mac léinn nua.
- Bronnadh Gradam Ollscoile Teagaisc agus Foghlama ar an Dr Niamh Nestor, Comhairleoir Mac Léinn i Scoil an Leighis Tréidliachta mar aitheantas ar a hionchur gairmiúil den scoth i bhfoghlaim na mac léinn, ag léiriú méadú na tábhachta agus tionchar an ról atá ag na Comhairleoirí Mac Léinn laistigh den Ollscoil.

Móreispéireas na hOllscoile

Sláinte agus Leas na Mac Léinn

Tá sláinte agus leas na mac léinn rithábhachtach. Oibríonn UCD i gcomhpháirtíocht le seirbhísí sláinte agus comhairliúcháin chun tacaíocht agus cabhair a thabhairt do mhic léinn chun a dtáirgíúlacht acadúil a bhaint amach trí stíl mhaireachtála atá sláintiúil agus cothromaithe. I mbliana mhéadaigh Seirbhís Sláinte Mhac Léinn UCD líon na foirne dochtúireachta agus tugadh isteach pointe nua féin-sheiceáil-isteach, rud a d'fheabhsaigh éifeachtúlacht na seirbhíse do chuallacht na mac léinn.

Ba í fíis Séiplíneachta UCD don bhliain seo ná méadú a chur ar aontas, ceangal agus comhpháirtíocht idir na pobail chreideamh-bhunaithe agus na sainchreidimh ar an gcampus. Rinne siad éascú agus treoraigh siad

coiste mac léinn chun ceannródaíocht a dhéanamh ar an gCafé Koinonia, siopa caife in aisce atá in Ionad na Mac Léinn, i gcomhar le *Come & See*, sraith de chainteanna a reáchtáladh sa Halla Astra. Lena chois sin, rinne siad éascú ar shaoire ciúnais deireadh seachtaine do ghrúpaí mac léinn le cur ar a gcumas a theacht ar chiúnas, anarachas agus treoraíocht spioradálta in am struis.

An Pobal Mac Léinn

Gné spreagúil den saol i UCD is ea na cumainn a bhfuil breis agus 100 díobh ann ag plé le gach saghas ní ó dhíospóireacht go scríbhneoireacht chruthaitheach go dtí lámhchleasaíocht agus damhsa. Don bhliain acadúil 2016/17, bhí an t-iomlán ba mhó riamh de bhallaíocht i gCumainn UCD agus ballraíocht iomlán de 54,000 mac léinn i gceist ar fud na gcumann go léir. Is é an Cumann Liteartha & Staire an cumann is mó ballraíochta ina bhfuil beagnach 6,000 mac léinn, agus tá 13 chumann eile ann a bhfuil ballraíocht de bhreis agus 1,000 mac léinn an ceann iontu. Tá an figiúr don bhallaíocht shainiúil iomlán díreach faoi bhun 16,000 mac léinn.

Chuir Cumainn UCD fáilte roimh lear mór aionna chuig an Ollscoil i mbliana, lena n-áirítear Iar-Chathaoirleach Chomh-Chinn Foirne SA, an Ginearál Martin Dempsey; Iar-Uachtarán ECB, Jean Claude Trichet; an Seanadóir David Norris; Sir Bob Geldof; Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Frans Timmermans; an gníomhaí Frans Timmermans; an t-aisteoir Jane Lynch; an fear grinn Oliver Callan; An Príomh-Bhreitheamh Susan Denham; an t-aisteoir as *Game of Thrones*, Kristian Nairn; agus an scannánaí David Yates.

Gaiscíochtaí Spóirt

Bunchuid de shaol na mac léinn i UCD is ea an spórt agus tá ról lárnach aige i gcumasú na mac léinn chun a n-acmhainn a bhaint amach lasmuigh den seomra ranga.

- Ag searmanas Ghradaim Spóirt Lúthchleasaíochta UCD 2016/17 a bhí ar siúl in Ionad Mac Léinn UCD ar an 18 Bealtaine, tugadh aitheantas do 450 mac léinn in 29 spórt. Léiríonn an teacht le chéile sin de thallanna spóirt an lear mór gaiscí a rinne ár mic léinn i ngach leibhéal spóirt, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon.
- Ainmníodh buaiteoir bhonn airgid na gCluichí Oilimpeach agus curadh an domhain, Paul O'Donovan, mar Phearsa Spóirt na Bliana an Dr Tony O'Neill, mar aitheantas ar a éachtaí spóirt agus a ionchur i saol na hollscoile agus an spóirt. Ainmníodh príomhfhóireann Haca na mBan mar Scothfhóireann na Bliana agus Club na Bliana, tar éis an tséasúir iontach a bhí acu inar bhuaigh siad Sraithchomórtais EYHL, Corn Sheaimpíní EYHL agus Corn Sinsir na hÉireann, mar aon le craobhchomórtais agus dathanna na hollscoile.

- Comhsheasmhach le Straitéis UCD 2015-2020 chun ár gcomhpháirteachas a mhéadú go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, rinne Spórt UCD óstáil ar staidheanna púil Chorn Domhanda Rugbaí na mBan 2017 ón 9-11 Lúnasa. Bhí dhá fhoireann déag, Éire san áireamh, páirteach sa chomórtas is tábhachtaí i rugbaí idirnáisiúnta na mban, agus bhí thart ar 700 lúthchleasaí, ball foirne agus oibríthe deonacha páirteach ar champas Belfield don tréimhse coicíse. Eagraíodh zón lucht leanta, rud a chur beocht sa champas i rith an chomórtais don 5,500 lucht leanta a bhí i láthair gach lá a raibh cluiche ar siúl. Imríodh suas le 18 gcluiche den staid phúil ag UCD. Rinneadh curiarrachtaí nua sna meáin shóisialta le linn an chomórtais freisin agus 45 milliún amharc déanta ar fud ardáin oifigiúla an chomórtais, an ócáid Rugbaí Domhanda ab fhearr a rinne an bhliain sin agus an ceann is mó ón gCorn Domhanda Rugbaí 2015.
- Roghnaíodh trí mhac léinn déag de chuid UCD chun ionadaíocht a dhéanamh ar son na hÉireann ag Cluichí Domhanda na nOllscoileanna i Taipei, an Téaváin ón 19-30 Lúnasa. Is iad na Cluichí Oilimpeacha an t-aon ócáid ó thaobh méide de atá níos mó ná Cluichí Domhanda na nOllscoileanna ina mbíonn breis agus 13,000 iomaitheoir agus oifigeach páirteach. Áirítear na mic léinn ó UCD a roghnaíodh ar fhoireann na hÉireann bhí: Lúthchleasaíocht, Mark English agus Sarah Lavin; Sacar na bhFear, Conor Kearns, Jason McClelland, Daire O'Connor agus Greg Slogget; Sacar na mBan, Dearbhaile Beirne, Jetta Berrill, Chloe Mustaki, Orlagh Nolan agus Claire Walsh; Snámh, Darragh Greene agus David Prendergast.
- Rinne foireann de 12 ban idirnáisiúnta ionadaíocht ar son UCD i gCluichí Áiseacha i Shang-hai na Síne i mí na Samhna 2016. Thraenáil an fhoireann go dícheallach faoi cheannaireacht Brian Mullins san ullmhúchán roimh na cluichí agus dá thoradh bhaineadar amach cluiche ceannais an Choirn.

I gcomhar le heagraíochtaí Éireannacha agus Domhanda Rugbaí, rinne UCD dearadh ar ghréasán fíorúil ar bhonneagar TF UCD chun an rochtain a raibh gá leis ar fud an láithreáin a chur ar fáil do Chorn Domhanda Rugbaí na mBan. Mar gheall ar an leibhéal ard de bhandaleithead a bhí ar fáil, bhí craoltóirí an Rugbaí Domhanda in ann laghdú 75% a dhéanamh ar an méid ama a raibh gá leis chun píosaí scannáin de na cluichí a chur ar fáil d'fhoirne agus do chomhpháirtithe craolacháin. Tarchuireadh díreach faoi bhun 5TB de shonraí thar an tréimhse coicíse (sin i gcomparáid le 50% den trácht iomlán a tarchuireadh ag Super Bowl 50 in 2016).

Foireann Teagasc agus Baill Foirne UCD ag Oibriú Níos Cliste le Chéile – cuireann UCD Inniúil an chruthaitheacht agus an comhoibriú chun cinn ar fud phobal UCD.



Gastacht agus Éifeachtúlacht

Cruthaíodh UCD Agile chun tacú lenár dtosaíocht straitéise a chinntiú go bhfuil próisis agus nósanna imeachta riaracháin, teagasc agus taighde UCD éifeachtúil agus oiriúnach don fheidhm. Ansin, tacaíonn sé le seachadadh sármhaitheasa agus forbraíonn sé cumais chun an deis a thabhairt do lucht dámh agus do bhaill foirne cultúr leanúnach feabhsúcháin a chruthú i UCD. An aidhm atá ann go mbeadh UCD ina áit níos fearr chun teagasc, taighde, foghlaim agus oibriú ann.

Oibríonn an teicneolaíocht bhairinneach atá glactha ag UCD mar chatalaíoch do chuir chuige nua i dtaca le fadhbanna a réiteach, oibríonn sí mar fhrithchrothromaíocht don 'phróiseas mar sprioc ann féin', agus cuireann sé an fócas ar luach a sheachadadh go héifeachtach agus go héifeachtúil. Agus sinn i mbun forbartha ar ár gcumais feabhsúcháin leanúnaigh, dhíríomar i mbliana ar chleachtadh agus ar thaithí tríd an gcur chuige oiliúna/tionscadail. Ó Dheireadh Fómhair 2016 go dtí Bealtaine 2017, rinneadh trí thionscadal i dtaca le Cuntais Thaighde, an Clár Sócmhainní, agus cuid den phróiseas rialachais clár acadúil, a chur i bhfeidhm go rathúil chun éifeachtúlacht agus luach 'custaiméirí' a sheachadadh. Fuair ceannasaithe tionscadal Teastais Ghairmiúla san Innealtóireacht Próiseas a chuireann ar a gcumas oiliúint a thabhairt agus cruithaigh sé sin, i gcomhar le taithí bhaill na bhfoirne tionscadal, toradh cuilitheach níba fhorleithne ar fud an tionscadail ina iomláine. I rith na bliana atá caite, cuireadh oiliúint ar bhreis agus dhá chéad ball foirne ar leibhéal éagsúla, agus a lán acu páirteach i dtionscadail níos lú a bhí fócasaithe go háitiúil agus ailínithe lena n-oiliúint.

Áirítear na forbairtí eile bhí timthriall de thionscadail a bhí dírithe ar na Scoileanna a rinneadh thar an gcéad leath de 2017 agus bunaíodh iad chun rathúlacht na Scoile a chur ag croílár na forbartha ar phróisis agus nósanna imeachta.

Tugadh isteach an ról mar Cheannasaí Forbartha Leanúnaí (CIL) in ocht gcinn de mhór-aonaid thacaíochta (Clárlann, Airgeadas, Eastáit, AD, Leabharlann, Taighde, Seirbhísí Idirnáisiúnta agus TF) mar bhealach chun feabhsúcháin leanúnacha a chomhtháthú le gnáthghníomhaíochtaí aonaid. Is é an ról atá ag CIL ná a chinntiú go bhfuil meicníochtaí soiléire

ag na haonaid chun tionscadail a aithint, tacú leis an bhfoireann sna tionscadail seo agus a bheith ag foghlaim astu.

Cuireann UCD Agile an chruthaitheacht agus an comhoibriú chun cinn ar fud phobal UCD agus i Márta 2017 bhailigh breis agus 400 comhghleacaí as gach ceard den Ollscoil le chéile don dara himeacht de 'Work Smarter Together'. Tháinig lucht dámh agus baill foirne le chéile chun éisteacht le príomhchainteoirí, freastal ar sheisiúin ar an imeall agus páirt a ghlacadh i gceardlanna, rudaí go léir a thug deiseanna chun eolas a roinnt, nithe a fhoghlaim agus spreagadh a fháil faoin mbealach a leanaimid de bheith ag feabhsú ár n-eispéireas i UCD. Deis a bhí san imeacht chun aitheantas poblí a thabhairt d'éachtaí agus don tiomantas agus inspioráid a thabhairt don chruthaitheacht sa todhchaí.

Tar éis na rathúlacht a bhain le WST 2017, sheol UCD na Pobail Chleachtas WST (CoPs) i mBealtaine 2017, tionscnamh a bhí dírithe ar *Work Smarter Together* a dhéanamh níos mó ná bheith ina imeacht aon lae. Is é an aidhm atá le pobal cleachtas i UCD na heolas a mhéadú agus a roinnt, scileanna a mhéadú agus a roinnt, gréasáin a thógáil agus aitheantas a mhéadú, ag cur bealaí ar fáil chun cabhrú le comhghleacaithe nascadh le chéile agus tacú lena chéile. Chláraigh 140 fostaí do sheoladh na himeachta agus d'fhreastail 90 ar scoil samhraidh i mí Iúil. Lena chois sin, seoladh nuachtlitr chun fócas a choinneáil ar an ngníomhaíocht leanúnach chruthaithe agus chomhoibriúch ar fud na hOllscoile.


Oideachas agus Forbairt ar Mhic Léinn Taighde Céime

In 2016/17 mhéadaigh an líon a chláraigh ar chúrsaí iarchéime múinte de 7%, geall leis, ag leanúint den treocht bhliantúil. Tá thart ar 50% den líon iomlán a chláraigh don mháistreacht mhúinte in Éirinn ag staidéar in UCD, ag léiriú gurb é UCD an Ollscoil roghnach do chlár máistreachta. San iomlán, cuimsíonn sé sin breis agus 30% den líon iomlán atá cláraithe i UCD.

Buaicphointí

- Mar chuid lárnach de mhisean agus d'fhís UCD tá an feabhsúchán ar phobal tacúil agus ionchuimsitheach mac léinn. Chun UCD a chur in aithne do mhic léinn chéime nua, rinne Staidéar Iarchéime óstáil ar an imeacht *GradsConnect*, a chuir béim ar na tacaíochtaí agus na saoráidí cuimsitheacha sóisialta, acadúla agus riaracháin atá ar fáil i UCD. Tar éis rathúlacht na n-imeachtaí roimhe sin agus an tinreamh ag méadú, i Meán Fómhair 2016 chuir *GradsConnect* fáilte roimh bhreis agus 500 mac léinn nua céime teagaisc agus taighde.
- Táimid ag déanamh forbartha go leanúnach ar an tacaíocht a chuirimid ar fáil do mhaoirseoirí taighde. I mbliana, de bhreis ar Chlár Tacaíochta agus Forbartha na Maoirseoirí Taighde, atá oscailte do na maoirseoirí go léir, tugadh isteach sraith nua seimineár am lóin i dtaca le maoirseacht ar thaighde. Rinneadh an fhorbairt sin mar fhreagra ar iarratais ó lucht dámh ar sheimineáir a bheadh dírithe ar ghnéithe sonracha den mhaoirseacht dochtúireachta, lena n-áirítear painéil staidéir dochtúireachta, plean taighde agus forbartha gairmiúil, agus measúnachtaí athraithe céime.
- Chun tuilleadh ailínithe a dhéanamh ar UCD leis an gCreat Náisiúnta um Oideachas Dochtúireachta agus Ráiteas Scileanna IUA, forbraíodh mír nua de láithreán gréasáin na Staidéar Iarchéime, ag aibhsiú na ndeiseanna oiliúna atá i modúil scileanna disciplín-oiriúnaithe agus inaistrithe do mhic léinn thaighde. In 2016/17, tháinig méadú ar líon na mac léinn taighde a bhí ag dul d'oiliúint scileanna inaistrithe. I mbliana, chláraigh beagnach 400 le ceardlanna oiliúna a bhí curtha ar fáil ag

Líon na gCéimithe, UCD



Staidéir Iarchéime, Ionad Forbartha Gairme UCD agus an Leabharlann.

- Tacar sainscileanna is ea an Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta (HPC) atá in úsáid ag éagsúlacht mhéadaitheach de réimsí taighde. In 2017, tháinig Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí UCD, Ionad na Héireann um Ríomhaireacht Ardleibhéil agus Seirbhísí TF UCD le chéile chun éascú a dhéanamh d'oiliúint HPC, ag cur cúrsaí ar fáil do na taighdeoirí go léir, agus creidiúintí ECTS tríd an gcúrsa ar Choincheapa Ríomhchláraithe Eolaíoch.

Caighdeán a chur chun cinn

Táimid ag oibriú go leanúnach i dtreo cultúir chomhtháite de dhearbhu cáilíochta ina gcuirfeadh mic léinn, maoirseoirí agus an fhoireann tacaíochta ar an eolas go hiomlán faoi, agus i gcomhpháirteachas le, nósanna imeachta a chuirfidh feabhas ar cháilíocht. Ar aon dul leis sin, forbraíodh tionscadal chun bainistiú a dhéanamh ar riarachán mac léinn taighde agus dá thoradh sin seoladh an Córas Bainistíochta Taighde (RMS) do Sheimeastar 1 2016/17. Áirithe sna feabhsúcháin tá:

- Próiseáil ar líne ar chéad iontrála agus faomhadh ar gach mac léinn taighde.
- Forchéimniú tráthúil ar mhic léinn PhD ó Chéim 1 go dtí Céim 2 dá gclár. (Tacaíonn an RMS le Scoileanna chun mic léinn a aithint nuair a bhíonn an t-am cuí sroichte acu chun tabhairt faoin Measúnacht Athraithe Céime (STA) agus le próiseáil fíor-ama ar thorthaí an STA).
- Tacaíocht don Mhac léinn: caidreamh maoirseora. Tá saoráid ag an RMS chun miontuairiscí cruinnithe a uaslódáil chuig comhéadan Infohub Mac Léinn- Maoirseora, agus dá réir sin stór de na hidirghníomhaíochtaí go léir a ghiniúint.

Clú a Chothú

Chun breis clú a tharraingt ar UCD, rinneamar óstáil ar chruinniú bliantúil Universitas 21 Dhéin agus Stiúrthóirí Scoileanna Céimithe. Áirithe leis sin bhí ceardlann dírithe ar 'Todhchaí na Dochtúireachta', faoi cheannas an Ollaimh Bob Harris ó Institiúid Karolinska i Stócólm.

Tá UCD aitheanta mar cheannasáí i maoirseacht agus oideachas dochtúireachta agus fuaireamar maoiniú ó U21 agus Erasmus Mundus chun sraith de Cheardlanna Tacaíochta agus Forbartha Maoirseoirí a sheachadadh do lucht dáimh in Ollscoil New South Wales i Meán Fómhair 2016. Lena chois sin, bhí an-áthas orainn ionadaíocht a bheith againn ar Choiste Feidhmiúcháin ORPHEUS (an Eagraíocht d'Oiliúint PhD sa Chóras Eorpach) ag a gcruinniú cinn bhliana sa Liotuáin in 2016, agus cuireadh a fháil chuig cruinniú cinn bhliana an United States of America's Council of Graduate Schools i Washington DC chun cur i láthair a dhéanamh ar fhorbairtí san oideachas dochtúireachta in Éirinn.

Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar

Réamhrá ón Leas-Phríomhaí um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchair

Le bliain anuas, bhí feidhmíocht láidir leanúnach i dtaighde, nuálaíocht agus tionchar UCD, agus buanna bainte amach i bpríomhchláir mhaoinithe agus freisin sa léann aonair.

Tá UCD chun cinn i bpéire de na ceithre lárionad náisiúnta taighde dhigitigh a d'fhógair Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) i mbliana: Ionad Taighde Bithghheilleagair BEACON agus Lárionad Taighde Ard-deántúsaíochta I-FORM. Clár mór taighde eile a seoladh i mbliana is ea CONSUS, comhpháirtíocht idir UCD agus Origin Enterprises i dtaca le beachteolaíocht talmhaíochta agus barr, atá páirtmhaoinithe freisin ag SFI. Tá taighdeoirí as gach cearn de UCD páirteach sna mórthionscnaimh seo, ag aibhsiú ár gcumas chun sármaidheas a sheachadadh i dtaighde idirdhisceplíneach. Comhghairdeas leis an Ollamh Kevin O'Connor, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus an Bithleighe UCD, an tOllamh Denis Dowling, Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar UCD; mar aon leis an Ollamh Gregory O'Hare, Scoil na Ríomheolaíochta UCD agus an tOllamh Shane Ward, Scoil na hInnealtóireachta Bithchórais agus na hInnealtóireachta Bia UCD, a threoraíonn na cláir sin, mar aon leis an iomad lucht dámh atá páirteach iontu.

Trí bhuanna mar iad seo, mhéadaigh luach na ndeontas taighde a cláraíodh go dtí €97.5 milliún i mbliana. Sin figiúr láidir, go háirithe mar nach bhfuil áireamh déanta fós ann ar an dá ionad nua taighde, rud a chlárófar sa chéad bhliain airgeadais eile.

Fuair riar de cheannairí taighde UCD aitheantas i mbliana. Toghadh an tOllamh Ken Wolfe ar Chomhaltacht an Chumainn Ríoga, ceann de na buanna is mó atá le fáil i saol na heolaíochta, as a shárshaothar ar éabhlóid na géanómaíochta. Is í Ollamh Emeritus UCD, Dervilla Donnelly, an chéad bhean a fuair Bonn Uí Chuinneagáin, an onóir is mó atá ag Acadamh Ríoga na hÉireann (RIA).

Ar na mórghradaim eile bhí an *Takeda Distinguished Research Award* ón *American Physiological Society*, a bronnadh ar an Ollamh Cormac Taylor, an *Governor General's International Award in Canadian Studies* a bronnadh ar an Ollamh Maeve Conrick, agus Bonn William Smith ón *Geological Society of London* a bronnadh ar an Ollamh John Walsh.



Tá lucht dámh agus foireann UCD chun tosaigh freisin in eagrú taighde agus scoláireachta go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. I mbliana, toghadh an tOllamh Imelda Maher ina hUachtarán ar Chumann na nAcadóirí Dlí, toghadh an tOllamh Tom Brazil ina Uachtarán ar an *IEEE Microwave Theory and Techniques Society* agus toghadh an tOllamh Peter Kennedy ina Uachtarán ar an RIA.

Ag léiriú ardchálíocht na foirne tacaíochta taighde in UCD, toghadh Sharon Bailey, an Stiúrthóir Airgeadais agus Oibríochtaí agus Taighde, ina Cathaoirleach ar Chumann Bainisteoirí agus Riarthóirí Taighde na hEorpa.

Áirithe i ngradaim nuálaíochta na bliana seo bhí Gradam na Bliana do Thionscnamh Aistrithe Eolais Éireann 2017 in aitheantas ar bhunú agus seoladh an Chiste Idirlinne Ollscoile €60 milliún. I mbliana freisin rinneadh an seoladh inmheánach ar ConsultUCD, seirbhís chomhairleoireachta bainistithe na hOllscoile.

Ar deireadh, buaicphointe pearsanta ab ea a bheith i gceannas iarratas buacach UCD don *Athena SWAN Bronze Award*, a thugann aitheantas do na gníomhaíochtaí atá ar siúl ag an Ollscoil i dtreo comhionannais inscne.

An tOllamh Orla Feely
Leas-Uachtarán um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchair UCD

Foilseacháin Thaighde: tá sonraí faoi na foilseacháin thaighde go léir do thréimhse na Tuarascála ar fáil ar líne ag www.ucd.ie/research/publications

Maoiniú Taighde

€97.5 milliún an t-iomlán a bhí sna conarthaí taighde maoinithe go seachtrach a cláraíodh i rith na bliana (féach Tábla 1). Taispeánann Tábla 2 na deontais thaighde ba mhó a bronnadh i mbliana. Tháinig ardú 4% ar luach na gconarthaí taighde maoinithe go seachtrach i mbliana.

I mbliana, tháinig ardú €1.8 milliún (11.7%) ar dhámhachtainí a bhí maoinithe ag an AE. Rud spreagúil is ea an t-ardú sin, go háirithe mar go bhfuil an foinse maoinithe sin chomh ríthábhachtach agus atá, i bhfianaise riocht statach an mhaoinithe náisiúnta le tamall anuas.

Tábla 1: Gradaim Thaighde

	2008/09	2009/10	2010/11	2011/12	2012/13	2013/14	2014/15	2015/16	2016/17
Luach Iomlán Conarthaí a Síníodh, Ranníocaíochtaí d'Fhorchostais san áireamh (€ milliún)	116.8	49.5	103.3	75.7	113.3	114.1	106.3	93.7	97.5
Ranníocaíochtaí Iomlána d'Fhorchostais (€ milliún)	21.0	6.7	17.0	9.5	17.4	16.5	17.2	13.2	12.3
Líon Iomlán na gConarthaí a Bronnadh	537	449	510	532	614	672	627	652	661
Líon na dTograí a Cuireadh Isteach	1,150	1,069	1,123	1,263	1,167	1,245	1,603	1,372	1,336

Foinse Maoinithe 2016/17	Líon na gConarthaí	Luach (€ milliún)
Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI)	73	34.8
An Coimisiún Eorpach (CE)	45	17.1
Comhairle Taighde na hÉireann (IRC)	114	9.3
Fiontraíocht Éireann (EI)	92	4.3
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	19	8.1
Eile	318	23.9
Iomlán	661	97.5

Ar dheis: Sa phictiúr tá cainteoirí ag TEDxUCD 2016, an Comhollamh Patricia Maguire, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis UCD agus Institiúid Mhic Con Mí UCD in éineacht leis an Dr Sandra Collins, Stiúrthóir Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.





Ó chlé go deas: An tOllamh Kevin O'Connor, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleigheis UCD agus Institiúid Domhaneolaíochta UCD, a fuair Gradam Nuálaíochta NovaUCD 2016; Sa phictiúr a tógadh ag NovaUCD tá Oisín McElhinney agus Jack Parsons, O'Kale Krisps, buaiteoir foriomlán Chlár Réalta Gnóilacht Nua-thionscanta UCD; Sa phictiúr (c-d) tá: Dawn Walsh, Kernel Capital; Des O'Leary, POF, OncoMark; an tOllamh William Gallagher, Stiúrthóir, Institiúid Mhíic Con Mí UCD agus combhunaithéoir, OncoMark; Deirdre Glenn, Bainisteoir, Earnáil na nEolaíochtaí Beatha, Fiontraíocht Éireann agus Kevin Healy, Bainisteoir Sinséarach, Bainc Éireann Chorpáraídeach Éireann, Banc na hÉireann.

Tábla 2: Na deontais ab airde a ceadaíodh don UCD 2016/17

Ceannaire	Foinse Maoinithe	Clár	Teideal	Iomlán €M
An tOllamh Gregory O'Hare	Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI)	Clár Páirtneireachta Straitéiseach	Core Optimisation through Sensing, Understanding and Visualisation (CONSUS)	9.3
An tOllamh Win Meijer	An Coimisiún Eorpach	INTERREG VA – Éire An Bhreatain Bheag	ACCLIMATIZE	3.1
An tOllamh Ulla Knaus	Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI)	Clár Imscrúdaitheora	Impact of ROS on Intestinal Health in Inflammatory Bowel Disease	2.6
An tOllamh Orla Feely	Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI)	Ionaid Thaighde – Lán tairiscint	Supplementary Award	2.4
An tOllamh Roland Erne	An Coimisiún Eorpach	ES – ERC Deontas Comhdhlúite	Labour Politics and the EU's New Economic Governance Regime (European Unions)	2
An tOllamh John Cotter	Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI)	Clár Páirtneireachta Straitéiseach	Valuation and Risk (VAR) Partnership Programme	1.9
An tOllamh Fionnuala McAuliffe	Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI)	Ionaid Thaighde – Lán tairiscint	SFI Microbe Mom	1.7
An tOllamh Kenneth A Dawson	An Coimisiún Eorpach	INTERREG VA – Éire An Bhreatain Bheag	Celtic Advanced Life Science Innovation Network (CALIN)	1.7
An tOllamh Walter Kolch & Dr Christina Kiel	Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI)	Dámhachtainí Ceannaireachta Taighde	Quantitative and Systems Analysis of (Patho) Physiological Signalling Networks	1.6
An tOllamh Comhlach Dermot Brougham	Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI)	Clár Imscrúdaitheora	NANO – MAG – FACTORY: Multi-functional Magnetic Nanocomposite Materials for Biomedicine	1.6
An tOllamh Comhlach Dieter Kolger	An Coimisiún Eorpach	ES – ERC Deontas Nuathionscanta	Technology Evolution in Regional Economies (TechEvo)	1.5
An tOllamh Comhlach Tasman Crowe	An Coimisiún Eorpach	INTERREG VA – Éire An Bhreatain Bheag	ECOSTRUCTURE: Climate Change Adaptation through Ecologically Sensitive Coastal Infrastructure	1.5
An tOllamh Dympna Devine	Fondúireacht Éireann	Clár Taighdeora	Safe Learning Model in Sierra Leone	1.4
An tOllamh Eoin Casey	Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI)	Bonneagar Taighde	Cryogenic Extreme-Resolution Scanning Electron Microscope	1.2
Dr Angela Feechan	Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI)	Bonneagar Taighde	PICS: Physiology Infrastructure for Crop Stress	1.2
Dr David Coyle	An Coimisiún Eorpach	ES – Lónra Oiliúna Nuálaíochta (ITN) Marie Skłodowska-Curie	Technology Enabled Adolescent Mental Health (TEAM)	1.2
An tOllamh Anding Zhu	Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI)	Clár Imscrúdaitheora	5GMMPA: Digitally Linearized High Efficiency Millimetre Wave Power Amplifiers for Next Generation High Speed Wireless Communications	1.1



Síolchistiú UCD

Tá Scéim Síolchistithe na hOllscoile ag leanúint de bheith ag cur go mór leis an bhforbairt ar thaighde trí thacaíocht a thabhairt do smaointe taighdeoirí atá ailínithe le spriocanna na hOllscoile. I rith na bliana seo caite fuarthas 363 iarratas thar shé sinn de chlár. Chuir 141 dámhachtain (39%) maoiniú comhroinnte de €0.5 milliún ar fáil. De bhreis air sin, chuir tionscnamh síolchistithe speisialta i mbliana maoiniú de €98,187 ar fáil do 12 thionscadal a bhain leis an Deich gCéad.

Scéim Tacaíochta Taighde Bunaithe ar Aschur UCD (OBRSS)

Tá gníomhaíocht taighde ríthábhachtach do chlú UCD mar ollscoil cheannródaíoch domhanda. Aithnímid go méadaíonn an tiomantas do thaighde den scoth an clú atá air UCD agus go bhfuil a lán de na costais ó lá go lá a bhaineann le gníomhaíocht taighde nach bhfuil clúdaithe ag deontais taighde. Mar fhreagra, tá an Scéim Tacaíochta Taighde Bunaithe ar Aschur (OBRSS) forbartha ag UCD chun eisíocaíocht a dhéanamh ar chistí tacaíochta taighde don lucht dámh bunaithe ar a n-aschuir taighde, mar a bhíonn léirithe i bhfoilseacháin agus ag maoirseacht PhD.

Tábla 3: Scéim Síolchistithe UCD

Síolchistiú 2017 de réir Cláir	Líon na nIarratas	Luach na nIarratas €	Líon na nDámhachtainí	Luach na nDámhachtainí €
Gradam Forbartha Gairme	54	608,572	12	127,270
Scaipeadh agus Torthaí	202	361,784	105	151,226
Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú Snáithe A	5	48,252	1	7,856
Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú Snáithe B	6	16,144	1	2,828
Scanadh Toghcháin	68	849,887	13	157,575
Ollaimh ar Cuairt – Ag Teacht Isteach agus ag Dul Amach	13	126,353	6	40,852
Ullmhú Tograí / Cruthúnas Coincheapa	15	61,554	3	11,784
Iomlán	363	2,072,546	141	499,391

Síolchistiú 2017 de réir Coláiste	Líon na nIarratas	Luach na nIarratas €	Líon na nDámhachtainí	Luach na nDámhachtainí €
Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí UCD	22	114,053	6	14,421
An Coláiste Gnó UCD	10	106,140	2	1,500
Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD	49	218,508	19	54,500
Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD	106	727,328	35	178,190
An Coláiste Eolaíochta UCD	112	535,053	50	122,798
Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí UCD	62	351,856	29	127,982
Institiúidí Taighde agus eintitis eile	2	19,609	–	–
Iomlán	363	2,072,546	141	499,391

I rith na bliana seo caite, bronnadh cistí tacaíochta ar 724 den lucht dámh trí OBRSS. Tá sonraí iomlána an OBRSS taispeánta i dTábla 4 thíos.

Meadarachtaí Foilseacháin

In 2016, liostaíodh 3,298 páipéar in Elsevier SciVal do UCD (féach Tábla 5). Cé nach léiríonn an clúdach atá sna sonraí seo iomláine foilseacháin UCD (a raibh 4,744 díobh i gceist don bhliain), is meadaracht thábhachtach atá anseo. San iomlán, tá an líon is mó d'fhoilseacháin acadúla sa tír curtha ar fáil ag UCD le deich mbliana anuas.

Tionchar Réimse-ualaithe Luanna

Déanann tionchar réimse-ualaithe luanna comparáid idir an líon fíor de luanna a fuair alt leis an líon luanna a bhfuil súil leo d'ailt den chineál céanna doiciméid (alt, athbhreithniú nó páipéar imeachta comhdhála), bliain a fhoilsithe agus réimse ábhair.

Léiríonn tionchar réimse-ualaithe lua de 1.00 go bhfuil foilseacháin institiúide luaite go díreach mar a bheifí ag súil leis, bunaithe ar an meán domhanda d'fhoilseacháin den chineál céanna. Ag baint úsáide as an tomhas seo, tá foilseacháin UCD luaite 69% níos mó ná an meán domhanda, ag cur UCD ar phlána atá comhionann lena lán de na príomh-ollscoileanna idirnáisiúnta diantaighde eile.

I rith na gcúig bliana seo caite, bhí 20% d'fhoilseacháin UCD sa 10% ab fhearr de na foilseacháin ba mhó a bhí luaite ar fud an domhain. Lena chois sin, bhí breis agus leath de na foilseacháin comhúdairithe le hinstiúidí i dtíortha eile, ag cur béime ar sheasamh UCD mar ollscoil dhomhanda.

Tábla 4: Scéim Tacaíochta Taighde Bunaithe ar Aschur

Coláiste	Líon na nDámhachtaí	Luach na nDámhachtaíí €
Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí UCD	85	49,569
An Coláiste Gnó UCD	39	21,805
Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD	79	91,779
Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD	207	215,261
An Coláiste Eolaíochta UCD	163	159,258
Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dí UCD	147	107,756
Institiúidí Taighde agus eintitis eile	4	4,638
Iomlán	724	650,066

Réimsí Tosaíochta Straitéise Taighde UCD – Buaicphointí Príomha

In UCD dírimid ar thaighde den scoth a sheachadadh i réimsí ina mbeidh an Ollscoil agus an tír in ann a bheith chun tosaigh iontu go domhanda, ag oibriú go dlúth le raon de chomhpháirtithe straitéiseacha.

Chun é sin a dhéanamh tá sé théama tosaíochta aitheanta againn:

1. **Bia Orgánach Feirme**
2. **Cultúr, Eacnamaíocht agus Sochaí**
3. **Fuinneamh**
4. **Comhshaol**
5. **Sláinte**
6. **ICT**

1. Bia Orgánach Feirme

Tá an earnáil agraibhia ar thús cadhnaíochta ár bhfreagra ar chuid de na dúshláin dhomhanda is mó agus seo é an tionscal dúchasach is mó in Éirinn. Tá UCD ag obair leis an earnáil chun inbhuanaitheacht agus iomaíochas domhanda a chinntiú, agus chun bianna nua difriúla a fhorbairt agus sláinte daoine a chur chun cinn. Tríd an saineolas atá againn in eolaíocht ainmhithe agus sa tréidliacht, cuirimid táirgíocht bheostoic chun cinn atá éifeachtúil, inbhuanaithe, sláintiúil agus fabhrach don leas. Tá ár gcéimithe ina gceannródaithe san earnáil agraibhia, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Buaicphointí an Agraibhia

Comhpháirtíocht chomhoibríoch taighde idir UCD agus Origin Enterprises plc is ea CONSUS a bhfuil tacaíocht faighte aige trí Chlár Straitéiseach Comhpháirtíochta Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI). €17.6 milliún luach an tionscadail cúig bhliana, agus déanfaidh sé imscrúdú ar eolaíocht dhigiteach, eolaíocht bheichte talmhaíochta agus eolaíocht barr trí chur chuige láidir ildisciplíneach agus idirdisciplíneach a chónascann saineolas UCD san eolaíocht sonraí agus san eolaíocht thalmhaíochta le gréasáin mhalartaithe Origin maidir le taighde chomhtháite bainistíochta barr, córais, cumais agus eolas ar an bhfeirm. Tá sé mar aidhm ag an gcomhpháirtíocht samhail barr a chruthú a bheidh inscálaithe, fuinniúil agus comhtháite a thabharfaidh an toradh is fearr feidhmíochta ó bharr inbhuanaithe trí chumais fheabhsaithe tuartha fainéise a chumasú ag an leibhéal páirce.

Tá UCD ina cheannasaí leanúnach smaointeoireachta san earnáil seo, i mbun teagmhála le lucht tionscail, acadóirí agus lucht déanta polasaithe

Tábla 5: Meadarachtaí Foilseacháin agus Tionchar Réimse-ualaithe Luanna

Bliain Fhoilsithe	Líon na bhFoilseachán in SciVal	Bliain Fhoilsithe (5 bliana)	Tionchar Réimse-ualaithe Luanna (5 bliana)
2012	2,928	2008-12	1.65
2013	3,022	2009-13	1.65
2014	3,011	2010-14	1.67
2015	3,066	2011-15	1.69
2016	3,298	2012-16	1.69

Foinse: Elsevier Scopus/SciVal (rinneadh rochtain air Meán Fómhair 25, 2017)



Sa phictiúr tá baill de thoscaireacht a thug cuairt ar an gColáiste as Cúige Guangdong na Síne, in éineacht leis an Ollamh Suzi Jarvis, Stiúrthóir Bunaidh, Acadamh Nuálaíochta UCD.

maidir le todhchaí na talmhaíochta agus an bhia. Áirithe ar na himeachtaí a d'óstáil an Institiúid Bia agus Sláinte agus Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochtaí Bia UCD bhí siad seo a leanas: Cónascadh a dhéanamh ar bhiana na hEolaíochta Tomhaltóirí agus Céadfacha le *Big Data in Agriculture and Food*.

Tá an tOllamh Lorraine Brennan, Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochtaí Bia UCD, ceaptha ar Shainghrúpa FOOD 2030 an Choimisiúin Eorpaigh. Cuideoidh sí leis an CE leis an bhforbairt bhreise ar FOOD 2030 d'fhonn fiosrú agus foirmiú a dhéanamh ar mholtaí agus ar ghníomhaíochtaí ionchasacha taighde agus polasaí nuálaíochta sa todhchaí, agus measúnacht a dhéanamh ar a dtionchair ionchasacha.

Bronnadh maoiniú ar an Dr Clodagh Kearney agus an Dr Conor McAloon, Scoil an Leighis Tréidliachta UCD, faoin *UCD Wellcome Trust ISSF Clinical Primer Scheme*. Tugann an scéim seo dreasacht agus tacaíocht do luathghairmeacha cliniceoirí míochaine agus tréidliachta, dochtúirí, agus daoine aonair laistigh de na seirbhísí comhghuaillithe sláinte. Tá an scéim dírithe ar an nglas a bhaint de linn nua tallainne cliniciúil a bheidh riachtanach chun buntaca a chur faoi rathúlacht na hOllscoile sa todhchaí sa phríomhréimse de One Health.

Tá infheistíocht déanta ag UCD i dtalamh féaraigh breise ag Feirm Lyons agus táimid tiomanta ar ardán trialach d'fhéarach fadtéarmach a chruthú a dhéanfaidh comhtháthú ar réimse leathan de leasa taighde agus a dhéanfaidh ar na dúshláin is mó atá ag an talmhaíocht fhéarbhunaithe. Beidh an t-ardán taighde féaraigh fadtéarmach seo ar an gcéad cheann dá leithéid in Éirinn agus déanfaidh sé comhlánú ar shaoráidí idirnáisiúnta den chineál céanna atá ag scrúdú gnéithe den éiceolaíocht agus den talmhaíocht. Tá an tsaoráid seo riachtanach chun treoir a thabhairt do chleachtas agus do pholasaí sa todhchaí i dtaca le tírdhreach shainiúil agus dhíonach talmhaíochta na hÉireann.

2. Cultúr, Eacnamaíocht agus Sochaí

Tá cáil ar UCD as na hionchuir a bhíonn againn sna hEalaíona, na

Daonnachtaí, Gnó, Eolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí. Tá taighdeoirí ag leanúint de bheith chun cinn i scoláireachtaí na hÉireann agus a timpeallacht dhomhanda: ag léirmhíniú na staire, ag ceistiú an ama i láthair go criticiúil agus ag samhlú an todhchaí. Cuireann siad polasaí poiblí agus díospóireacht phoiblí ar an eolas mar aon le hionchuir shuntasacha cultúrtha a sheachadadh agus tacú leo. Trína sholáthar de shaineolas criticiúil agus céimithe cumasacha, agus a bheith ag obair leis an ngréasán láidir atá againn, tugann UCD tacaíocht d'eacnamaíocht atá láidir agus inbhuanaithe agus cuidímid le hÉireann níos taitneamhaí mar áit chónaithe.

Buaicphointí Cultúir, Eacnamaíochta agus Sochaí

Bronnadh Deontas Comhdhlúthóra ERC ar an Ollamh Roland Erne, an Scoil Ghnó UCD dá thionscadal Aontais Eorpaigh ar Pholaitíocht an Lucht Oibre agus ar Réimeas Nua um Rialachas Eacnamaíoch an AE. Bronnadh Comhpháirtíocht Straitéiseach, Luacháil & Riosca (VAR) Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar an Ollamh John Cotter, an Scoil Ghnó UCD. Lena chois sin, bronnadh Gradam Éachta Horizon 2020 ar an Ollamh Suzanne Kingston, Scoil Dlí Sutherland UCD sa chatagóir Deontas Tionscnaimh ERC.

Rinne triúr ball d'Institiúid Uí Ghadhra UCD, an tOllamh William Roche agus an tOllamh Andy Prothero, an Scoil Ghnó UCD, agus an tOllamh Philip O'Connell, Stiúrthóir, Institiúid Uí Ghadhra UCD, an eagarthóireacht ar *Austerity and Recovery in Ireland: Europe's Poster Child and the Great Recession* agus d'fhoilsigh an Oxford University Press é. Seoladh an leabhar le sraith de siompóisiamáí ag UCD, Ollscoil Nua Eabhrac agus san Institiúid Ollscoile Eorpach, Flórans.

Ceapadh an tOllamh Liam Delaney, Scoil na hEacnamaíochta UCD, ina Ollamh le hEacnamaíocht Iompraíochta agus seoladh clár nua ar an eacnamaíocht iompraíochta agus polasaí poiblí ag Institiúid Uí Ghadhra do Pholasaí Poiblí.

Rinne Institiúid Daonnachtaí UCD, Institiúid um Fhionnachtain UCD agus Institiúid Uí Ghadhra do Pholasaí Poiblí UCD ceannaireacht ar shraith tharraingteach de léachtaí poiblí faoi Bheartú don Todhchaí.

Áiríthe sna mórghadaim i Scoil Ghnó UCD bhí Comhaltacht CAROLINE Chomhairle Taighde na hÉireann, faoi cheannas an Ollaimh Maeve Houlihan ar na Spriocanna Forbairt Inbhuanaithe a Mhaoiniú; agus maoiniú H2020 don Dr Seán McGarraghy mar chuid den tionscadal VALUMUCS faoi thuiscint a fháil ar shlabhraí breisluacha bia agus ar dhinimic gréasán.

Tá Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí UCD aitheanta as a ionchuir shochoaíochta trí thaighde. Bronnadh an *Chevalier (Knight) of the Ordre des Palmes Académiques*, ainmnithe ag Aire Oideachais agus Taighde Náisiúnta na Fraince, ar an Dr Marie-Luce Paris, Scoil Dlí Sutherland UCD as a saothar ag cur oideachas agus taighde dlí chun cinn in Éirinn agus sa bhFrainc.

Bronnadh Ollúnacht ar Cuairt Fhondúireacht Ollscoile na hÉireann agus Cheanada Uí Fhlatharta 2017-18 ar an Ollamh Judith Harford, Scoil an Oideachais UCD. Tá an tOllamh John McCafferty, Coimeádaí Acadúil, Bailiúchán Oidhreachta Cultúrtha UCD ceaptha ina Chathaoirleach ar Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann (IMC). Áiríthe ar na comhaltaí nua atá ceaptha ar Bhord an IMC tá an Dr Elva Johnston, Scoil na Staire UCD, agus Kate Manning, Príomh-Chartlannaí UCD.

Bhuaigh an tOllamh Michelle Norris, Scoil an Pholasaí Shóisialta, na hOibre Sóisialta agus na Córa Sóisialta UCD an chéad Chomórtas Cás-staidéir Tionchair Taighde UCD as an gcás-staidéar tionchair a rinne sí faoin teideal *Funding Social Housing for Low-Income Households after Ireland's Economic Crisis*.

I rith na bliana, d'fhoilsigh Preas UCD réimse éagsúla de theidil nua agus reáchtáil siad a lán imeachtaí seolta ar éirigh go maith leo. Reáchtáladh imeachtaí seolta do *Ireland's Allies: America and the 1916 Easter Rising*, comhshaothar le Glucksman Housewere NYU, i mBaile Átha Cliath agus Nua Eabhrac, agus tá an tríú athchló den leabhar déanta anois. Rinneadh

Thíos, ar chlé: An tOllamh Michelle Norris, Ceannasaí Scoil an Pholasaí Shóisialta, na hOibre Sóisialta agus na Córa Sóisialta UCD, a fógraíodh mar bhuaiteoir foriomlán ar chéad chomórtas cás-staidéir tionchair taighde UCD. Tionscnamh nua é sin a bhunaigh Taighde agus Nuálaíocht UCD chun acmhainn a thógáil ar fud na hollscoile sa réimse a bhaineann le tionchar taighde a aimsiú agus a chur in iúl.

léirmheas go forleathan ar *Michael Davitt after the Land League* a thóg fiche bliain lena déanamh, agus bhuaigh sé Duais Thaighde Stairiúil OÉ.

3. Fuinneamh

Táimid ag obair i UCD chun réitigh a fháil ar dhúshláin fuinnimh an 21ú haois. Clúdaíonn ár saineolas taighde na foinsí traidisiúnta ola agus gáis, mar aon leis an gcomhtháthú ar fhuinneamh in-athnuaite agus an comhéadan idir fuinneamh agus ICT i réimsí ar nós Greillí Cliste agus Cathracha Cliste. Déanaimid anailís ar na heacnamaíochtaí agus ar an eolaíocht iompraíochta a bhaineann le roghanna fuinnimh, dírimid ar an gcreat polasaithe a chumasú chun úsáid fuinnimh atá éifeachtúil agus inbhuanaithe a chur chun cinn agus tiomáinimid teacht chun cinn fiontar nua fuinnimh. Déanaimid comhpháirtíocht go forleathan le cuideachtaí fuinnimh inár dtaighde, agus is céimithe de chuid UCD cuid mhór de cheannasaithe na hearnála go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Buaicphointí Fuinnimh

Tá Institiúid Fuinnimh UCD ag cur leis an rathúlacht atá ar a Chlár Comhpháirtíochta um Chomhtháthú na gCóras Fuinnimh (ESIPP) chun a chlár a leathnú san AE. Tá sé anois ina chomhpháirtí lárnaigh i sraith de chlár atá maoinithe ag an AE, lena n-áirítear RealValue (stóráil cliste fuinnimh), NewTREND (aisfheistiú éifeachtúlachta fuinnimh), MIGRATE (fearais chumhachta leictreonacha) agus Sim4Blocks (bainistíocht fuinnimh atá tacaíthe ag ionsamhlú). Is é an beart is deireanaí, faoi threoir an Chomhollaimh Andrew Keane, ná rannpháirtíocht sa tionscadal RE-SERVE le UCD, ina bhfuil €575,000 den tionscadal uile-Eorpach €5 mhiliúin i gceist. Díríonn sé sin ar chothabháil chobhsaíochta na greille le hionchair mhéadaithe ó fhoinsí in-athnuaite.

Sa chóras náisiúnta atá á bhainistiú ag SFI, tá dámhachtain Imscrúdaitheora SFI de €800k faighte ag an Comhollamh Damian Flynn, Scoil na hInnealtóireachta Leictirí & Leictreonaí UCD, i dtaca le stóráil fuinnimh agus solúbthacht freagartha do éileamh laistigh de mhargáí

Thíos, ar dheis: Sa phictiúr ag UCD tá Richard Bruton TD, an tAire Oideachais agus Scileanna in éineacht le mic léinn a bhí páirteach i gclár samhraidh Cruthaitheachta, Nuálaíochta agus Fiontraíochta Acadamh Nuálaíochta UCD.



leictreacha sa todhchaí, ag obair i gcomhar le hOllscoil Uladh. Tagann sé sin sna sála ar an dámhachtain Imscrúdaitheora SFI de €1.7 milliún a fuair an tOllamh Federico Milano i dtaca le hArd-samhlú d'Anailís agus Ionsamhlú Córas Cumhachta. Lena chois sin rinneadh Comhalta den *Institute of Electrical and Electronics Engineers (IEEE)* den Ollamh Milano, Scoil na hInnealtóireachta Leictreolaí agus Leictreonaí UCD de dheasca a ionchuir i samhlú agus in ionsamhlú córas cumhachta.

Tá Institiúid Fuinnimh UCD ag leathnú a cumas acadúil go leanúnach isteach i réimsí nua agus bhíodas in ann an dá cheapachán de dhá phost acadúil in Eacnamaíochtaí Fuinnimh agus Córais Fuinnimh Chliste a dhéanamh tríd an gcomhpháirtíocht idir Institiúid Fuinnimh UCD, Scoil na hEacnamaíochta UCD agus Scoil na hInnealtóireachta Leictreolaí agus Leictreonaí UCD.

Déantúsaíocht

Réimse is ea an Ard-déantúsaíocht ina bhfuil UCD ag méadú a chumais agus a ghníomhaíochtaí taighde. Tá an iomaíocht déantúsaíochta aitheanta ag an Grúpa Stiúrtha Náisiúnta um Beartú Tosaíochtaí Taighde mar réimse tábhachtach fócas, agus tá Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD ag ailíniú a straitéisí chun díriú ar dhúshláin sa réimse sin.

Rinne UCD ceannaireacht agus comhordú ar an iarratas buacach don I-FORM Ard-déantúsaíochta i Lárionad Taighde SFI, maoinithe le €18 milliún ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus le fiche a cúig comhpháirtí tionscail. Tá an t-ionad nua faoi cheannas an Ollaimh Denis Dowling, Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar UCD. Áirítear sa chuibhreas acadúil tá DCU, Coláiste na Tríonóide, IT Shligigh agus IT phort Láirge. Díríonn an t-ionad ar dhéantúsaíocht bhreiseánach (priontáil 3D) i gcomhar le hardteicneolaíochtaí digiteacha.

Tá próifíl shuntasach idirnáisiúnta á chuirsiú ag an taighde ard-déantúsaíochta ag UCD chomh maith leis an obair atá á dhéanamh ag an Ollamh Fengzhou Fang, Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar UCD. Saineolaí a bhfuil cáil dhomhanda air i dtaighde agus i nuálaíocht micridhéantúsaíochta / nanaidhéantúsaíochta is ea an tOllamh Fang agus tá sé ag cur lena chlár ceannródaíoch taighde le hinfeistiú de €5 mhilliún faoin gClár Taighde Ollúnachta SFI.

4. Comhshaoil

Baineann cuid mhór de na dúshláin dhomhanda is suntasaí lenár gcumas chun ár dtimpeallacht a chothú agus acmhainní nádúrtha a úsáid go stuama. Cuireann taighdeoirí UCD réitigh phraiticiúla ar fáil sna réimsí a bhaineann le maireachtáil inbhuanaithe, acmhainní nádúrtha, athrú aeráide, guaiseanna nádúrtha agus an timpeallacht thógtha. Leathann a saineolas thar réimse leathan de dhisciplíní, lena n-áirítear na heolaíochtaí bitheolaíochta agus fisiciúla mar aon le geilleagar, iompraíocht agus rialachas, agus díríonn siad ar na dúshláin atá le sárú ag timpeallacht uathúil na hÉireann mar aon leis na mórcheisteanna domhanda.

Buaicphointí Comhshaoil

Móronad nua taighde is ea BEACON a bunaíodh le maoiniú substaintiúil ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus ó chomhpháirtithe tionscail. Tá sé faoi cheannas an Ollaimh Kevin O'Connor, Institiúid Domhaneolaíochta UCD agus Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus an Bithleigheis UCD. An aidhm atá leis ná malairt teicneolaíochtaí a fhorbairt bunaithe ar acmhainní bitheolaíochta in-athnuaite le cur in ionad a lán de na hearraí agus de na hábhair a úsáidimid atá bunaithe ar acmhainní teoranta atá ag dul i léig.

Tionscadal nua de chuid Horizon 2020 is ea iSCAPE a dhíríonn ar rialú chaighdeán an aeir agus ar astúcháin charbóin i gcathracha na

hEorpa agus é á chomhordú ag an Ollamh Francesco Pilla, Scoil na Seandálaíochta, Pleanála agus Bheartais Comhshaoil UCD.

Bhí cuid mhaith rathúlachta ar thaighdeoirí comhshaoil UCD i gclár Interreg na hÉireann-na Breataine Bige i mbliana agus trí mhórtionscadal maoinithe ina raibh rannpháirtithe UCD, péire acu comhordaithe ag taighdeoirí UCD.

Rinne an Dr Dieter Kogler agus an Dr Francesco Pilla, ar baill an bheirt acu den Scoil na hAiltireachta, na Pleanála & an Pholasaí Comhshaoil UCD, Scoil na Dinimice Spásúlachta a bhunú. Fuair an Dr Dieter Kogler Deontas Tionscnaimh ERC i mbliana.

Tháinig fás suntasach ar chlár taighde iCRAG, Lárionad na hÉireann um Thaighde sna Geo-eolaíochtaí Feidhmeacha atá maoinithe ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus comhpháirtithe tionscail, agus cuireadh bailchríoch rathúil ar a athbhreithniú dhá bhliain ionaid. San Aibreán, reáchtáil iCRAG a shárthaispeántas tionscnaimh taighde i Stáid Aviva agus bhí breis agus 200 i láthair as an tionscal, comhpháirtithe polasaí stáit, geo-eolaíocht, innealtóireacht agus taighde. Tá iCRAG ag déanamh forbartha go leanúnach le comhpháirtithe tionscail an Ionaid agus tá a théarmaí tagartha leathnaithe amach go dtí geo-ghuaiseanna agus innealtóireacht gheoiteicniúil.

Rinneadh an tOllamh Emma Teeling, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD agus Institiúid Domhaneolaíochta UCD, a infheistiú mar Chevalier des Palmes Academiques ag stáit na Fraince; i ngach cás tá siad sin ar na honóracha is mó is féidir a bhronnadh ar eolaithe ina dtíortha faoi seach.

5. Sláinte

Ag UCD, táimid ag breathnú ar thodhchaí an chúraim shláinte, ceann ina mbeidh teiripí nua, teicneolaíochta nua agus fearais nua ag teacht chun cinn as siombóis na teicneolaíochta agus na bitheolaíochta. Tá cuma iontach maith ar ár gcur chuige don bheachtleigheas chun spriocadh níos fearr a dhéanamh ar theiripe agus ar sheachthorthaí a laghdú thar réimse de speisialtachaí lena n-áirítear aise, galar meitibileach agus cardashoithíoch, agus deirmeolaíocht.

Réimse tosaíochta do UCD is ea One Health a dhíríonn ar ghalair ionfhabhtaíochta agus annamha agus a chuireann sláinte ainmhithe san áireamh chomh maith le sláinte daonna. Leis an rochtain ar an ngréasán d'ospidéal acadúla is mó sa tír, Grúpa Ospidéal Éireann Thoir (IEHG), a fhreastalaíonn ar dhaoine othar de bheis agus 1.1 milliún, faightear deiseanna ar leith aistriúcháin agus feidhmithe. Lena chois sin, táimid inár gceannródaíochta i gcothú na sláinte, ag cur eolais ar fáil do pholasaí agus do chleachtadh, agus oibríonn ár gclár sláinte comhnasctha le cliniceoirí, tionscal agus othair chun athrú a chur ar an mbealach a gcuirtear cúram sláinte ar fáil.

Buaicphointí Sláinte

Toghadh an tOllamh Kenneth Wolfe, Scoil an Leighis UCD agus Institiúid Mhic Con Mí UCD, ina Chomhalta den *Royal Society (UK)* as a mhóir-ionchur san eolaíocht in 2017. Níl ach cúigear Comhalta eile den *Royal Society* in Éirinn. Is é an tOllamh Wolfe an chéad eolaí a toghadh as UCD ó toghadh Edward Conway in 1947.

Tá an tOllamh Walter Kolch, Scoil an Leighis UCD agus Stiúrthóir ar Chórais Bitheolaíochta Éireann (SBI) agus an tOllamh Boris Kholodenko, Institiúid Mhic Con Mí UCD agus Leas-Stiúrthóir ar SBI, ag déanamh ceannródaíochta ar fhorbairt an bheachtleigheis go hidirnáisiúnta. Tá a

Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar

gcuid saineolais ag mealladh comhpháirtíochtaí suntasacha acadúla agus tionscail. I Meán Fómhair, rinne siad óstáil ar chomhshimpóisiam SBI-EMBL agus tá sé mar aidhm acu comhpháirtíocht a bhunú le EMBL chun díriú ar an réimse criticiúil d'aíslí luath-óige. Lena chois sin, toghadh an tOllamh Kolch ar Acadamh Ríoga na hÉireann i mblíana.

Fuair *Genomics Medicine Ireland (GMI)*, a chomhbhunaigh an Dr Sean Ennis, Scoil an Leighis UCD, infheistíocht de \$40 milliún chun clár forbartha den scoth do thaighde géanómaíoch a bhunú i mBaile Átha Cliath. Cruthóidh GMI 150 post ardsciliúla a bheidh dírithe ar ard-taighde géanómaíoch thar na trí bliana seo romhainn. Lena chois sin tá comhpháirtíocht déanta ag Scoil na Sláinte Poiblí Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt agus Institiúid Spóirt agus Sláinte UCD le GMI chun GenoFit a sheoladh, an chéad staidéar mórsála taighde in Éirinn chun ról na géineolaíochta sa chorpachmáin agus sa tsláinte a fhiosrú.

Fuair UCD Ciste Straitéiseach Tacaíochta Institiúideach Wellcome Trust (ISSF) a bhí tacaíthe faoin Chomhpháirtíocht Taighde Bithleighe SFI-HRB-Wellcome Trust, le maoiniú meaitseáil ó UCD. An sprioc atá ag an gciste ná tionscnaimh phríomha thaighde a chur chun cinn laistigh de théamaí taighde sláinte na hOllscoile den leigheas pearsantaithe agus den mhíochaine aistritheach, agus One Health.

Fuair an tOllamh Alistair Nichols, Scoil an Leighis UCD, dámhachtainí suntasacha ón mBord Taighde Sláinte (HRB), agus le gairid foilsíodh a shaothar ar fhuilaistriúchán san *New England Journal of Medicine*. Laistigh de Scoil an Altranais an Cnáimhseachais agus na gCóras Sláinte UCD, bronnadh Gradam Ignite HRB PPI ar an Ollamh Thilo Kroll chun Comhpháirtíocht na nOthar agus an Phobail a leabú i struchtúir agus i nósanna imeachta institiúideacha UCD, agus bronnadh Gradam Imscrúdaitheora Éirithigh HRB ar an Dr Attracta Lafferty.

Sa phictiúr a tógadh ag seoladh inmheánach ConsultUCD tá: an tOllamh Orla Feely, Leas-Uachtarán UCD do Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar, an t-aoichainteoir, an Dr Hugh Hunt, Ollscoil Cambridge agus Elizabeth Nolan, Ceannasaí na Seirbhíse Sainchomhairleoireachta, UCD.

Bronnadh Gradam Imscrúdaitheora SFI ar an Ollamh Dermot Brougham, Scoil na Ceimice UCD agus ar an Ollamh Ulla Kanus, Scoil an Leighis UCD a dtionscnaimh faoi seach ar ábhair ilfheidhmeacha agus nanastruchtúrtha don bhithleigheas agus don ghalar putóg athlastach.

Fuair an tOllamh Fionnuala McAuliffe, Scoil an Leighis UCD gradam Spokes SFI chun fiosrú a dhéanamh faoin bhféidearthacht go bhfeadfaí micribhithíom sláintiúil a chothú sa máthair agus a sheoladh ar aghaidh chuig a leanbh. Tá an tOllamh Carel le Roux, Ionad Taighde Aimhréidheanna Diaibéitis UCD, Scoil an Leighis UCD agus Institiúid Mhic Con Mí UCD, an t-údar comhfhreagrach ar fhoilseachán sa *The Lancet* a bhaineann le laghdú a dhéanamh ar riosca diaibéitis.

Laistigh den téama Sláinte Phoiblí agus Cothú na Sláinte, bhuaigh an Dr Catherine Phillips agus an tOllamh Cecily Kelleher, Scoil na Sláinte Poiblí Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt, Tionscnamh Cláir Nasctha Eorpach Bia Folláin do Shaol Folláin atá fócasaithe ar chlár luathshaoil de shláinte luath-óige.

Rinne an Dr Mirjam Heinen agus an tOllamh Cecily Kelleher, Scoil na Sláinte Poiblí Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt UCD, ceannródaíocht ar an tuarascáil *Healthy Ireland Childhood Obesity Surveillance Initiative (COSI)* a rinne an tIonad Náisiúnta um Fhaireachas ar Chothú mar chuid de chlár WHO, agus beidh torthaí uaidh sin mar threoir don obair laistigh den FSS chun laghdú a dhéanamh ar líon na leanaí in Éirinn atá róthrom nó murtallach.

Bhuaigh téama Sláinte Chomhnasctha an Ollaimh Brian Caulfield Marie Skłodowska-Curie ITN faoin teideal *Technology Enabled Adolescent Mental Health (TEAM)* mar aon le gradam tráchtálaíochta 'runAid' atá ina chomhshaothar leis an Ollamh Barry Smyth, Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD chun feidhmchlár móibileach bunaithe ar intleacht shaorga a fhorbairt do chóitseáil oiriúnaitheach pearsantaithe.



6. ICT

Cuireann an taighde i UCD eolas chun cinn agus seachadann sé taighdeoirí ardoilte i réimsí ar nós Anailísíocht Sonraí, Intleacht Shaorga, Idirlíon na nEarraí, Córais Chliste, Príobháideacht agus Slándáil. Lena chois sin, nascann sé na réimse sin le cinn eile, ag díriú ar fheidhmchlár ar nós Talmhaíocht Chliste, Sláinte Chomhnasctha, Tionscal 4.0 agus na Daonnachtaí. Tá cuid de na taighdeoirí is luaithe sa domhan ag UCD i dtaca le meaisínfhoghlaim agus i roinnt fearann den intleacht shaorga.

Buaicphointí ICT

Tá ról ceannródaíoch leanúnach in ionaid taighde anailísíochta sonraí náisiúnta na hÉireann lena n-áirítear an Ionad Anailísíochta Sonraí Insight, CeADAR, agus Ionad Anailísíochta Gnó UCD. I rith na bliana, fuair Ionad Anailísíochta Sonraí Insight 10 ndámhachtain taighde éagsúla as a thaighde sa bhaile agus thar lear, lena n-áirítear duaiseanna ó chomhdhála cearnródaíochta idirnáisiúnta.

Rinne UCD agus IBM Research Ireland óstáil ar chomhchollóiciam ag an Ollscoil dar teideal *'The Cognitive IoT Disruption'*. Tugann *Cognitive IoT* le chéile péire de na smaointe is toirmeascaí atá ag trasfhoirmiú réimse de thionscail i láthair na huair – Idirlíon na nEarraí (IoT) agus Córais Chognaíochta. Leis na córais mhórsála atá in ann brath, parsáil, réasúnú agus díospóireacht a dhéanamh le hoibreoírí tá féidearthachtaí nua don nuálaíocht curtha ar fáil mar aon le seans ar raon d'éifeachtúlachtaí i ngach fearann, geall leis. Tá IBM Research ar thús cadhnaíochta na dteicneolaíochtaí sin agus tá UCD ag déanamh comhpháirtíochta leo chun cuid de na teicneolaíochtaí nua sin a fhorbairt.

Tá an Comhollamh Eleni Mangina, Scoil na Ríomheolaíochta UCD ag comhordú tionscadail phiolótaigh ar a dtugtar *AAA – AdHd Augmented* atá maoinithe ag an gCoimisiún Eorpach (*DG Connect*). Déanfaidh an tionscadal seachadadh ar réiteach réaltachta breisithe do chlár litearthachta atá ar líne cheana féin do mhic léinn bhunscoile a bhfuil Neamhord Hipirghníomhaíochta Easnamh orthu.

Bhuaigh an tOllamh Barry Smyth, Scoil na Ríomheolaíochta UCD an *ACM Intelligent User Interfaces inaugural Most Influential Paper Award*. Tá an páipéar *'Trust in Recommender Systems'*, ar cheann de na páipéir is mó tionchair agus is luaithe dá raibh ag an gcomhdháil le 23 bliana anuas.

Bronnadh Gradam Imscrúdaitheora SFI ar an Ollamh Anding Zhu, Scoil na hInnealtóireachta Leictirí agus Leictreonaí UCD as a thionscadal ar chumarsáid ardluais gan sreang.

Bhuaigh Siobhan Grayson mac léinn na bliana ag Gradaim Eolaíochta Sonraí na hÉireann 2017. Ar na daoine eile a fuair gradaim bhí: An Comhollamh Andrew Parnell, Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí UCD; an Comhollamh Neil Hurley, Scoil na Ríomheolaíochta UCD; an tOllamh Pádraig Cunningham, Scoil na Ríomheolaíochta UCD; agus Martin O'Reilly, Scoil na Sláinte Poiblí Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt.

Nuálaíocht

Tá UCD tiomanta dá ról príomha in éiceachóras nuálaíochta agus malairte eolais na hÉireann mar chumasóir ar fhás eacnamaíoch agus mar rannpháirtí don fhorbairt eacnamaíoch, chultúrtha agus shóisialta. Tacaímid leis an sprioc sin tríd ár mic léinn agus ár gcéimithe nuálaíochta agus fiontraíochta, trí fhorbairt comhpháirtíochtaí le gnóthaí, áisíneachtaí Rialtais agus fiontair shóisialta agus chultúrtha, tríd an tráchtálaíocht ar aschuir thaighde, giniúint fiontar nua agus cruthú post.

Ceann dár n-eochairchuspóirí chuige sin is ea leanúint de bheith ag feabhsú ár n-acmhainn chun mac-chuideachtaí iomaíochta a fhorbairt, trí thionscnaimh ar nós an Chiste Idirlíon Ollscoile de €60 milliún. Comhoibriú ceannaireachta idir UCD agus Coláiste na Tríonóide a thionscain an ciste seo arb é an chéad chiste infheistíochta riamh in Éirinn é atá le hinfeistiú go hiomlán in aschuir thaighde a bheidh ginte ag an dá ollscoil mar aon le gach institiúid trí leibhéal agus gach ollscoil in Éirinn.

Tá UCD tiomanta go hiomlán freisin don chomhpháirtéachas i réimse leathan gníomhaíochtaí atá ag méadú go leanúnach agus a cheadóidh do pháirtithe leasmhara ar nós lucht tionscail, an earnáil phoiblí agus eagraíochtaí neamhbhrabúis, leas a bhaint as an saibhreas teicneolaíochta, taighde, nuálaíochta agus saineolais a ghineann an Ollscoil.

Seirbhís Nua Shainchomhairleoireachta

I rith na bliana, mar chuid den fheidhmiú ar an gclár níos leithne seo, rinne an Ollscoil ConsultUCD a bhunú agus a sheoladh, seirbhís nua shainchomhairleoireachta faoi bhainistíocht. Tá ConsultUCD leagtha amach chun tairbhe gheilleagrach agus shochoíoch a chur ar fáil in Éirinn agus go hidirnáisiúnta trí eolas agus saineolas na hOllscoile a chumasú chun a bheith ar fáil níos forleithne agus níos éasca do pháirtithe leasmhara. Bunaíodh ConsultUCD freisin chun tacú leis an bpobal acadúil agus foirne i gcoitinne a chuireann seirbhísí sainchomhairleoireachta ar fáil do chliant sheachtracha agus chun ardeibhéal gairmiúlachta agus fócas tráchtála a chinntiú do chliant a bhíonn i gcomhpháirtéachas leis an Ollscoil.

Comhpháirtíocht le Tionscail

Tá cuntas teiste láidir ag UCD as a bheith ag obair le lucht tionscail agus lorgaíonn sé comhpháirtéachas láidir agus straitéiseach le fiontair ghnó, shóisialta agus chultúrtha; ag cur breisluach ar fáil, ag méadú gréasáin agus ag fiosrú deiseanna nua chun tionchar a imirt trí chomhpháirtíocht.

Áirithe inár éiceachóras nuálaíochta tá clár chomhoibriúchá a le tionscail mhórsála ar nós CETanna atá maoinithe ag SFI, Lárionaid agus Cnuasaigh Straitéiseacha Taighde, agus ionaid teicneolaíochta atá maoinithe ag Fiontraíocht Éireann agus tionscaltreoirithe.

Lena chois sin, tá maoiniú déanta ar thaighde i UCD ag breis agus 250 cuideachta le blianta beaga anuas agus freisin tá breis agus 1,000 cuideachta tar éis comhoibriú le UCD ar thionscadail thaighde.

Tá breis agus 50 cuideachta lonnaithe ag UCD anois, ó thionscnaimh ardteicniúla atá i dtús fáis go dtí cuideachtaí seanbhunaithe atá treoirithe ag an nuálaíocht. Clúdaíonn na cuideachtaí sin earnálacha ó thalmhaíocht go dtí bia go dtí eolaíochtaí beatha go dtí ICT go dtí eolaíochtaí fisiciúla, innealtóireacht agus teicneolaíocht ghlan, agus tá siad lonnaithe go príomha ag NovaUCD, in Ionad na hOllscoile d'Fhiontair Nua agus d'Fhiontraíochta nó NexusUCD, an tIonad Comhpháirtíochta Tionscail, agus tá siad lonnaithe ar an gcampas chun comhoibriú níos daingne le UCD.

Tráchtálaíocht ar Aschuir Thaighde

Cuireann NovaUCD saoráid shaintógtha ghorlainne den dearadh is déanaí ar fáil do chuideachtaí dlútheolais mar aon le clár cuimsitheach tacaíochta gnó.

I rith na bliana, thug roinnt toscaireachtaí idirnáisiúnta cuairt ar NovaUCD as tíortha mar an tSín, an Mhalaeisia, Alba, Srí Lanca, an Ísiltír, an Tuirc agus SAM, chun tuilleadh a fhoghlaim faoi rathúlacht UCD le gníomhaíochtaí tráchtálaíochta agus fiontraíochta.

Trí fhoireann aistrithe teicneolaíochta UCD atá lonnaithe ag NovaUCD, cuidítear le taighdeoirí ó UCD agus ón gColáiste Náisiúnta Ealaíne is

Deartha (NCAD) le haithint agus cosaint ar mhaoin intleachtúil (IP) a eascraíonn as cláir thaighde agus ag leathadh amach go dtí tráchtáil an IP trí cheadúnais do chuideachtaí agus trí mhac-chuideachtaí a chruthú.

Lena chois sin tugann an fhoireann oiliúna um Fhorbairt Fiontraíochta agus Nuálaíocht san Oideachas ag NovaUCD tacaíocht do thaighdeoirí i dtráchtáil aschuir IP trí shraith de chlár oiliúna lena n-áirítear Grodchúrsa Tráchtálaíochta Nuálaíochta Sprint agus Clár Luaithe VentureLaunch.

I rith na bliana thuairiscigh taighdeoirí as UCD 57 aireagán san iomlán. Anuas air sin, chomhdaigh UCD 14 iarratas tosaíochta paitinne thar réimsí na hinnealtóireachta, na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide, agus na n-eolaíochtaí beatha. Lena chois sin, chuir UCD bailchríoch ar 15 chomhaontú ceadúnais le réimse de chuideachtaí dúchasacha agus idirnáisiúnta agus dhá mhac-chuideachta nua de chuid UCD corpraithe.

Cláir Thráchtálaíochta UCD

I rith na bliana chuir deichniúr taighdeoirí UCD bailchríoch ar dhá chlár éagsúla aon lae Nuálaíochta Sprint UCD a reáchtáladh i réimsí taighde MedTech agus na Ríomheolaíochta, seachadta ag NovaUCD. An aidhm atá le clár Nuálaíochta Sprint UCD ná spreagadh a thabhairt don fhorbairt ar aschuir thráchtála a eascraíonn as taighde a dhéantar i UCD trí dul i dteagmháil le taighdeoirí ag céim níos luaithe den phróiseas tráchtálaíochta.

I rith na bliana, chuir 11 taighdeoir bailchríoch ar Ghrodchúrsaí Tráchtálaíochta a cuireadh ar fáil ag NovaUCD. Bhí na rannpháirtithe ar na grodchúrsaí ionadaíoch ar naoi dtionscadal ionchasacha tráchtála atá ag teacht chun cinn ó thaighde atá ar siúl i UCD. An aidhm iomlán atá le Grodchúrsa Tráchtálaíochta UCD ná treisiú a dhéanamh ar an bpíblíne de dheiseanna tráchtála atá ag teacht as cláir thaighde UCD agus NCAD.

Gradam Gnólachtaí Nua-Thionscanta UCD 2016

Fógraíodh gurbh é EpiCor Therapeutics, tionscnamh bith-theicneolaíochta luathchéime, an buaiteoir foriomlán de Chlár Luaithe VentureLaunch UCD 2016. Tacaíonn an clár chun fiontair nua bhrabúsacha atá bunaithe ar mhaoin intleachtúil atá ag teacht as cláir thaighde UCD a chruthú agus a sheoladh.

Tá EpiCor Therapeutics ag forbairt cóireálacha nua do mhaolú galar a dhíríonn ar na meicníochtaí atá mar bhunús le teacht chun cinn teipe croí. An chéad fhócas atá ag EpiCor Therapeutics ná athearraíocht a bhaint as druga atá ann cheana féin, 5-asaicitídín, chun cóireáil a dhéanamh ar ghalar uafásach croí ar a dtugtar cairdimiópaithe hipeartrófach thoirmeasach. Is iad an Dr John Baugh, an Dr Nadia Glezeva, an Dr Chris Watson, an Dr Mark Ledwidge an tOllamh Ken McDonald a bhunaigh EpiCor Therapeutics, tionscnamh de chuid Scoil an Leighis UCD.

Gradam Nuálaíochta NovaUCD 2016

Rinne Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew J Deeks, Gradam Nuálaíochta NovaUCD 2016 a bhronnadh ar an Ollamh Kevin O'Connor, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus an Bithleighe UCD, agus Institiúid Domhaneolaíochta UCD, ag ócáid a reáchtáladh ag NovaUCD. Bronnadh an gradam ar an Ollamh O'Connor in aitheantas do cháiliúcht agus do thionchar a thaighde a raibh athbhreithniú píaraí déanta air, a fhorbairtí teicneolaíochta do tháirgeadh táirgí bithbhunaithe, mar aon lena chomhoibriú agus a ghnóthachtálacha leis an tráchtáil ar an maoin intleachtúil a d'eascair as a thaighde ag an Ollscoil.

Réalta Gnólachtaí Nua-Thionscanta UCD

I rith na bliana, reáchtáil NovaUCD, Acadamh Nuálaíochta UCD agus Scoil Chéimithe Ghnó Michael Smurfit UCD an clár Réalta Gnólachtaí Nua-

Thionscanta UCD, clár tacaíochta fiontraíochta, atá anois ina thríú bliain, do mhic léinn fhochéime agus iarchéime UCD a bhíonn ag iarraidh oibriú le chéile chun gnólachtaí nua-thionscanta a thógáil.

Thosaigh Réalta Gnólachtaí Nua-Thionscanta UCD le sraith de cheardlanna trasdisciplíneacha agus de mhodúil chúrsaí a seachadadh thar thréimhse 3 mhí ag Scoil Chéimithe Ghnó Michael Smurfit UCD agus Acadamh Nuálaíochta UCD. Roghnaíodh cúig fhiontar luathchéime mac léinn chun páirt a ghlacadh i gclár dianmheantóireachta agus tharla sé sin thar thréimhse ceithre seachtainí ag NovaUCD.

An aidhm a bhí leis an gclár sin ná cuidiú le mic léinn chun a smaointe tionscnaimh a mhíneoireáil agus áirithe ann bhí sraith de cheardlanna struchtúrtha í shaineolaithe tionscail, ceardlanna idirghníomhacha, seisiúin rialta pitseanna agus meantóireacht.

Tar éis na bpitseanna deiridh chuig painéal moltóirí, fógraíodh gurb iad O'Kale Krisps buaiteoir foriomlán chlár na bliana seo. Fiontar luathchéime bia ab ea O'Kale Krisps atá forbartha agus atá ag díol brioscán aerthriomaithe cáil atá an-chothaitheach chun malairt shainiúil sláintiúil de shneaic a thabhairt do thomhaltóirí nuair a bhíonn siad ar a n-aistear.

Beirt mhac léinn fhochéime UCD atá ina mbaill d'fhoireann O'Kale Krisps, Jack Parsons (Gnó agus Dlí) agus Oisín McElhinney (na hEalaíona).

AIB, Arthur Cox, Ericsson, Goodbody Stockbrokers, Growing Capital agus Xilinx na hurraitheoirí atá ar an gclár Réalta Gnólachtaí Nua-Thionscanta UCD.

Grodchúrsa Gnó BT d'Eolaithe Óga 2017

Is é an aidhm atá leis an nGrodchúrsa Gnó BT d'Eolaithe Óga, a sheachadann BT go bliantúil i bpáirtíocht le UCD, ná an bearna idir oideachas agus gnó a dhúnadh do mhic léinn a léiríonn cumas fiontraíochta agus géire intinne gnó.

Agus é anois ina ochtú bliain, reáchtáladh an campa ceithre lá nuálaíochta agus scileanna ag NovaUCD, agus páirteach ann bhí mic léinn dara leibhéal as gach ceard d'Éirinn a léirigh cumas chun a thuiscint cén chaoi agus cén fáth ar féidir smaoinreamh simplí a fhorbairt ina fhiontar atá inmharthana ó thaobh tráchtála.

Roghnaíodh na mic léinn a bhí páirteach ann as na mic léinn mheánscoile go léir a ghlac páirt i dTaispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT 2017. Fógraíodh grúpa cumasach de dhéagóirí as Gaillimh, Corcaigh, Cill Chainnigh, Uíbh Fhailí agus Baile Átha Cliath mar bhuaiteoir foriomlán ar chlár na bliana seo lena dtionscadal Mí Contact. Aip is ea an tionscadal buacach atá bunaithe ar anailís iompraíochta fheidhmeach chun feabhas a chur ar chlár luath-idirghabhála, agus chun leanaí a bhfuil uathachas orthu a spreagadh chun breathnú sna súile ar dhaoine.

Rathúlacht an Tiomsaithe Airgid

I rith na bliana, bhí rath ar roinnt mac-chuideachtaí agus cuideachtaí altrama ag tiomsú airgid agus ag fógairt post nua.

Chuir Kinesis Health Technologies, mac-chuideachta teicneolaíochta sláinte de chuid UCD, bailchríoch ar a chéad bhabhta infheistíochta agus d'urraigh sé €590,000 chun leathnú a dhéanamh ar a dhíolacháin dhomhanda d'fhearais chliste diagnóiseacha sláinte. Fuarthas an maoiniú ó chuibhreas d'infheisteoirí próbháideacha mar aon le infheistíocht do Ghnólachtaí Nua-Thionscanta Ard-Acmhainne ó Fhiontraíocht Éireann.



Sa phictiúr (c-d) tá comhbhunaitheoirí EpiCor Therapeutics, gnólacht nua-thionscanta de chuid Scoil an Leighis UCD, an Dr Chris Watson, an Dr Nadia Glezeva agus an Dr John Baugh, buaiteoir Chlár Luaithe VentureLaunch UCD 2016.

Seamus Small agus an Dr Barry Greene a bhunaigh Kinesis in 2013 mar mhac-chuideachta ón Ionad Taighde Teicneolaíochta do Mhaireachtáil Neamhspleách (TRIL), clár mór taighde ar aosú ag UCD. Tá ceanncheathrú ag an gcuideachta faoi láthair ag NexusUCD.

D'urraigh Terra Solar, mac-chuideachta de chuid UCD, infheistíocht de €2.5 milliún ó BSL chun géarú a dhéanamh ar an bhforbairt ar ghineadh fuinnimh ghréine in Éirinn. Tá sé d'acmhainn ag Terra Solar agus BSL breis agus 260 meigeavata de chumas giniúna leictreachais a sheachadadh as fuinneamh na gréine, rud a thabharfadh cumhacht do bhreis agus 50,000 teach gach bliain. David Fewer agus André Fernon a bhunaigh Terra Solar a bhfuil a gceanncheathrú ag NovaUCD.

D'urraigh OncoMark, mac-chuideachta de chuid UCD, infheistíocht de €2.1 milliún i mbabhta maoinithe ina raibh; Kernel Capital, Kernel Capital Venture Funds Bhanc na hÉireann, an sindeacáit Irrus Investments, an sindeacáit Galway HBAN MedTech, infheisteoirí príobháideacha agus Fiontraíocht Éireann. Tá OncoMark fócasaithe ar phainéil nuálacha de bhithchomharthaí ailse a fhorbairt, chun cuidiú le cinntí cóiríochta agus bainistíocht níos saincheaptha ar othair a cheadú, rud a fheabhsóidh cáilíocht na beatha d'othair ailse i ndeireadh na dála. Déanfaidh an babhta infheistíochta seo maoiniú ar thráchtálú phríomhtháirge OncoMark, tástáil phrognóiseach, agus súil acu é a sheoladh in 2018. Tástáil phrognóiseach is ea tástáil phrognóiseach do luathchéim ailse cíche a laghdóidh an líon d'othair ailse cíche a bheidh ag fáil ceimiteiripe nach bhfuil gá leis. An tOllamh William Gallagher agus Steve Penney a bhunaigh an chuideachta mar mhac-chuideachta ó Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus an Bithleighe UCD, a bhfuil a gceanncheathrú ag NovaUCD.

Mac-chuideachta de chuid UCD is ea OxyMem a d'urraigh infheistíocht ó Saudi Aramco Energy Ventures (SAEV), fochuideachta chorparáideach

fiontraíochta de chuid Saudi Aramco, ceannródaí domhanda i bhfuinneamh comhtháite agus ceimicí. Tá sé d'ionchas ag an teicneolaíocht cheannródaíoch, Imoibreoir Bitsceo Scannán-aerithe, atá ag OxyMem, cóireáil fuíolluisce a thabhairt níos gaire do neodracht fuinnimh trí laghdú suas go dtí 75% a dhéanamh ar an idiú fuinnimh d'aerú. Leis na maoiniú atá bailithe, beidh an chuideachta in ann díriú níos fearr ar fhás an ghnó trí mhéadú a dhéanamh ar infheistíochtaí i bhforbairt táirgí, leathnú a dhéanamh ar a cumas déantúsaíochta agus méadú a chur ar a fórsa oibre. Wayne Byrne, an tOllamh Eoin Casey agus an Dr Eoin Syron a chomhbhunaigh OxyMem in 2013 mar mhac-chuideachta as Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD.

Gnóthachtálacha Eile

- I rith na bliana bhuaigh UCD Gradam Aistrithe Eolais na hÉireann 2017. Fuair an Ollscoil Gradam na Bliana do Thionscnamh Aistrithe Eolais 2017 i gcomhar le Coláiste na Tríonóide mar aitheantas ar bhun u agus ar sheoladh an Chiste Idirlinne Ollscoile €60 milliún Atlantic Bridge.
- Ciara Bunaitheoir THEYA Healthcare Ainmnithe mar *Laureate for Europe*. Ainmníodh Ciara Donlon, bunaitheoir agus POF THEYA Healthcare, mar Laureate for Europe ag babhta ceannais 2017 *Cartier Women's Initiative Awards*. Ó 2016, lorgaíodh an gradam seo chun spreagadh agus tacaíocht a thabhairt a thabhairt d'fhiontraithe ban as gach ceard den domhan atá ag treorú cuideachtaí nuathionscanta atá cruthaitheach, a bhfuil tionchar sóisialta acu agus atá inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de. Seoladh THEYA Healthcare go foirmiúil in 2015, tá a gceanncheathrú ag NovaUCD; dearann siad agus déanann siad baill éadaigh cúram sláinte. Tá príomhréimse fo-éadaí iar-obráide na cuideachta deartha go príomha d'othair ailse cíche, tá sé ar díol ar fud na hÉireann agus sa Ríocht Aontaithe agus tá sé seolta freisin san Eoraip agus i gCeanada.

Gradam Fhiontraíocht Éireann Buaite ag POF Mac-chuideachta UCD

Is é Tony McEnroe, POF SiriusXT, mac-chuideachta de chuid UCD, a bhuaigh Gradam tionscnaimh Fhiontraíocht Éireann do Bhunaitheoir Ghnólachta Nua-Thionscanta Ard-Acmhainne a bhfuil tacaíocht aige ó Grant Thornton. An Kenneth Fahy, an Dr Fergal O'Reilly, an Dr Paul Sheridan agus Tony McEnroe a bhunaigh SiriusXT in 2015. Bunaíodh an chuideachta tar éis ocht mbliana de thaighde i Scoil na Fisice UCD, ag forbairt teicneolaíochta atá mar bhuntaca ag micreascóp binse nuálach don tomagrafaíocht x-gha ísealfhuinnimh (SXT). Tá an micreascóp, an SXT100, á thráchtáil anois ag SiriusXT. Is é an SXT100 an t-aon réiteach ard-tréchuir bunaithe ar an saotharlann atá ar fáil chun struchtúir fhocheallacha a íomhá. Tá cumas ardaifeach modúlachta íomháithe an mhicreascóip in ann íomhá a dhéanamh go cainníochtúil ar an eagraíocht fhocheallach atá ar chealla iomlána hidráitithe atá suas go dtí 15µm ar tiús ag taifigh suas go dtí 40nm, ina staid dúchais, le fórbheagán ullmhúcháin agus gan úsáid a bhaint as ruaimníú ná as oibreáin eile chun codarsnacht a fheabhsú.

Acadamh Nuálaíochta UCD

I mbliana, chuaigh Acadamh Nuálaíochta UCD i gcomhpháirteachas leis an réimse ba leithne d'fhoghlaimoirí go dtí seo, ó mic léinn a bhí in oideachas meánscoile go dtí bainisteoirí sinsearach i gcuid de na cuideachtaí is ceannródaí in Éirinn.

Buaicphointí

- Rinneadh athsciliú ar **250 céimí as gach ceard d'Éirinn** tríd an Teastas Iarchéime sa Nuálaíocht, Fiontraíocht agus Fiontar i gcomhar le tionscnamh Springboard an Údarás um Ard-Oideachas;
- **Ghlac 187 fochéimí páirt** sna modúil Tús Eolais ar Smaointeoireacht Chruthaitheach agus Dianiaracht Fiontraíochta;
- **Ghlac 100 leanbh meánscoile as ceantar Bhaile Átha Cliath**, ar tháinig 40% de na rannpháirtithe as Scoileanna DEIS, páirt i gclár samhraidh um Chruthaitheacht, Nuálaíocht agus Fiontraíocht;
- **Ghlac 88 mac léinn PhD páirt** i modúil do Smaointeoireacht Chruthaitheach, Fiontraíocht Shóisialta agus Giniúint agus Aitheantas Deiseanna;
- **Ghlac 54 mac léinn ó Coláiste na hEolaíochta UCD agus Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD** i modúl saincheaptha ar líne do Smaointeoireacht Chruthaitheach agus Nuálaíocht;
- **Ghlac 54 oideoir gairmiúil**, lucht dámh as UCD san áireamh, páirt sa Teastas Gairmiúil agus Diplóma d'Oideoirí Fiontraíochta;
- **Ghlac 100 mac léinn fochéime UCD** páirt go rathúil sa dara ceann de na Tumlaethanta Tionscail a d'óstáil Deloitte i mBaile Átha Cliath.

Lean Acadamh Nuálaíochta UCD ag méadú a chomhpháirteachas in eagraíochtaí tionscail i rith na bliana agus d'oibrigh siad i bpáirt le 55 eagraíocht thar gach clár agus modúl creidiúnaithe fochéime agus iarchéime.

Lena chois sin, rinne Acadamh Nuálaíochta UCD forbairt agus feidhmiú ar riar de chláir shaincheaptha foghlama do príomh-chuideachtaí sna seirbhísí gairmiúla, seirbhísí airgeadais agus tionscail fhuinnimh in Éirinn i rith na bliana agus rinne siad clár píolótach ar líne i gcomhar le Fiontraíocht Éireann agus úsáid á bhaint as ardán foghlama nua-fhorbartha (online.innovators.ie). Dearadh na cláir sin chun inniúlacht don nuálaíocht a chothú agus shroich siad 280 bainisteoir sóisearach, meánbainisteoir agus bainisteoir sinsearach.

Tar éis tionscnamh píolótach a bhí rathúil, leathnaigh Acadamh Nuálaíochta UCD a gcuid oibre leis an Aireacht Ardoideachais a

Mhalaeisia, UKM agus UiTM tríd an gClár um Fheabhsú Oideoirí Fiontraíochta (3EP). Dearadh an clár chun tacú le lucht acadaimh a gcleachtas teagais a fheabhsú agus tá thart ar 300 lucht acadaimh thar earnáil an ardoideachais sa Mhalaeisia sroichte aige.

Rinne an tOllamh Suzi Jarvis agus an Dr Colman Farrell ionadaíocht thar ceann Acadaimh Nuálaíochta UCD ag an gcéad Chruinniú Mullaigh d'Oideoirí Fiontraíochta in Kuala Lumpur agus rinne Acadamh Nuálaíochta UCD óstáil ar roinnt toscaireachtaí mac léinn agus lucht acadaimh as an tSín, an Danmhairg, an Araib Shádach, Vítneam agus na Stáit Aontaithe.

Tháinig Bord Comhairleach Idirnáisiúnta Acadamh Nuálaíochta UCD le cheile i rith na bliana agus ar na haíonna a tháinig i rith na bliana bhí; an tAire Oideachais agus Scileanna, Richard Bruton TD; an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta Mary Mitchell O' Connor TD; an Dr Graham Love, POF, an tÚdarás um Ard-Oideachas; Denis O'Brien, POF, Communicorp agus Mark Little, Iar-Stiúrthóir Bainistíochta, Twitter Ireland.



Institiúidí Taighde UCD

Institiúid Uí Ghadhra UCD do Pholasáí Poiblí

An tOllamh Philip O'Connell, Stiúrthóir

Institiúid Mhic Con Mí UCD um Thaighde Bhithmhóilínigh agus Bitheleigis

An tOllamh William Gallagher, Stiúrthóir

Institiúid Domhaneolaíochta UCD

An Comhollamh Tasman Crowe, Stiúrthóir

Institiúid um Fhionnachtain UCD

An Comhollamh Patricia Maguire, Stiúrthóir

Institiúid Daonnachtaí UCD

An tOllamh Anne Fuchs, Stiúrthóir

Institiúid Bia agus Sláinte UCD

An tOllamh Dolores O'Riordan, Stiúrthóir

Institiúid Fuinnimh UCD

An Comhollamh Andrew Keane, Stiúrthóir



LÁRIONAD EOLAÍOCHTA UÍ BHRIAIN
O'BRIEN CENTRE FOR SCIENCE



Díolta amach! – Oíche ag an bPictiúrlann le Ceolfhoireann Shiansach UCD agus Ceolfhoireann Fhiolarmónach UCD.



An tOllamh Sarah Prescott Príomhoide an Choláiste

An Leas-Phríomhoide Scoil na
gCéimithe
Mr Patrick Cooke

Leas-Uachtarán um Thaighde,
Nuálaíocht agus Tionchair
An Comhollamh Jane Grogan

An Leas-Phríomhoide um Theagasc
agus Foghlaim
An Comhollamh Rosario-Maria
Hernandez

An Leas-Phríomhoide um
Chomhpháirteachas Domhanda
An tOllamh Robert Gerwarth

Déan na nEalaíon
An Comhollamh Marie Clarke

Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí

Sa bhliain acadúil 2016-17, tharla forbairtí agus gnóthachtálacha suntasacha i gColáiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí thar príomhréimsí straitéiseacha barr feabhais i dtaighde, comhpháirteachas náisiúnta agus domhanda agus sa soláthar d'oidreachas den scoth.

Tá tógáil shuntasach déanta go leanúnach ag an gColáiste ar a rathúlacht acadúil bhunaithe agus ar a chlú idirnáisiúnta. Dá thoradh, tá réimse d'ábhair ealaíon agus daonnachtaí le feiceáil anois sa 100 is fearr i Rangú Domhanda QS 2017, agus ardú suntasach tagtha ar an mBéarla agus ar litríocht an Bhéarla go dtí an 50 is fearr, ag uimhir 45.

Le bliain anuas, tá an Coláiste tar éis tabhairt faoi nuálaíocht shuntasach oideachais tríd an bhforbairt ar chlár nua agus athchóirithe BA, agus beidh an chéad líon mac léinn á dtógáil dóibh sin in 2018. De bhreis ar athbhreithniú mór curaclaim a dhéanamh ar fud na gclár ar fad, tá obair déanta ag comhghleacaithe i gComh-Scoileanna an Choláiste chun céim nua ceithre bliana BA sna Daonnachtaí a fhorbairt chomh maith hatbhóiriú mór a chur i bhfeidhm ar an

gcéim trí bliana BA sna hEalaíona. Cuirfear le rogha agus solúbthacht staidéir na mac léinn sna céimeanna nua, mar aon le deiseanna spreagúla a chruthú do chosáin idirdisciplíneacha, intéirneachtaí struchtúrtha, tionscnaimh bhreisithe taighde agus taithí staidéir idirnáisiúnta. Múinfeadh Scríbhneoireacht Chruthaitheach mar ábhar fochéime don chéad uair in 2018. Lena chois sin, aithníodh agus rinneadh ceiliúradh ar an tsármhaitheas sa teagasc agus sa tiomantas d'eispéireas na mac léinn sa Choláiste leis an iomlán de 12 ghradam teagasc a fuarthas ag leibhéal Coláiste chomh maith le dhá ghradam ag leibhéal Ollscoile. Fuair an Dr Fionnuala Dillane 'Gradam Ollscoile as Éacht ar son Fhoghlaim na Mac Léinn (Ceannaireacht in Oideachas)' agus fuair an Dr Paul Perry 'Gradam Ollscoile do Shármhaitheas Teagasc'.

Mheall an Coláiste réimse leathan de chomhlachtaí maoinithe idirnáisiúnta agus Éireannacha chun tacú le sármhaitheas a thaighde, agus orthu sin bhí An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Comhairle Taighde na hÉireann, an Chomhairle Oidhreacht, Fiontraíocht Éireann, The Wellcome Trust, agus Fondúireacht Choigríche Ambasáid Ríoga na hAraibe Sádaí. Áirithe i measc an iomad comhghleacaí sna hEalaíona agus sna Daonnachtaí a fuair gradaim agus a thuill meas as a dtaighde le bliain anuas bhí an Comhollamh Elva Johnston (Stair), a roghnaíodh chun Léacht Chuimhneacháin Kathleen Hughes a thabhairt ag Ollscoil Cambridge, agus an Dr Conor Lucey (Stair na hEalaíne agus Polasaí Cultúrtha), a ceapadh ina Uachtarán ar Chumann Ríoga Ársaíochta na hÉireann (RSAI). Bronnadh an Governor General's International Award in Canadian Studies ar an Ollamh Maeve Conrick, an chéad uair ar bronnadh an onóir seo ar acadóir Éireannach. Toghadh an tOllamh Sarah Prescott ina Comhalta den *Royal Society of Arts* agus ina Comhalta den *English Society*. Tugadh aitheantas freisin d'ionchas ceannaireachta comhghleacaithe ban sa Choláiste nuair a ghlac an Dr Selena Daly (Teangacha, Cultúir, agus Teangeolaíocht) agus Catherine Carey (Institiúid Clinton) páirt sa chlár Aurora, Clár Forbartha Ceannaireachta do Mhná 2016/17.

Fuair ár mic léinn aitheantas suntasach i mbliana freisin, ina measc, Emma Dunne, (Teangacha, Cultúir agus Teangeolaíocht), buaiteoir Dhuais an Lucht Féachana/*le Prix du Public* as an leiriú a thug sí ar a tráchtas '*Le Boheur dans les Oeuvres Complètes d'Isabelle de Charrière*' ag Mí La Francophonie in Éirinn; an Dr Mirna Vohnsen (Teangacha, Cultúir agus Teangeolaíocht) ar bronnadh Duais Foilseacháin larchéime (2017) uirthi ón *Association of Hispanists of Great Britain*, as a dochtúireacht '*Rethinking Argentinidad: Portrayals of Jews in Contemporary Argentinian Cinema*'.

De bhreis air sin, rinne Scoileanna agus Institiúidí eagrú agus óstáil ar riar de léachtaí gradamacha, cainteanna, sraitheanna de sheimineáir

agus comhdhálacha idirnáisiúnta i rith 2016-17, lena n-áirítear '*Commemorating 1916 and the absence of State Formation*' (Béarla, Drámaíocht agus Scannánaíocht, Deireadh Fómhair 2016); '*A Conversation with Roddy Doyle on Translating Don Giovanni*' (Teangacha, Cultúir, agus Teangeolaíocht, Deireadh Fómhair 2016); Léacht Bhliantúil Keith Cameron ar Stair na hAstráile (Stair, Samhain 2016); Seimineáir Clasaicí Bhaile Átha Cliath (Clasaicí, Márta/Aibreán 2017); '*Trump's America*' (Institiúid Clinton UCD, Bealtaine 2017); Comhdháil Dhomhanda Dhiaspóra na hÉireann (Gaeilge, Staidéir Cheilteacha agus Béaloideas, Lúnasa 2017).

Léan Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Chultúrtha leis an gceiliúradh ar 50 bliain a bunaithe le seoladh *Art History after Françoise Henry: 50 years at UCD – 1965-2015* i mí na Samhna 2016 agus leis an óstáil ar Shiompóisiam Françoise Henry, le tacaíocht ó Ambasáid na Fraince, ag Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí i Meitheamh 2017. San Aibreán, d'eagraigh Ionad um Staidéir Cheanadacha UCD agus Cathaoirleach Staidéir Cheanadacha Craig Dobbin 2016-2017, an tOllamh Linda Morra (*Bishop's University*), an chomhdháil idirnáisiúnta dhá lá, 'Untold Stories of the Past 150 Years'. I rith na bliana, stiúir an Dr

// Tá tógáil shuntasach déanta go leanúnach ag an gColáiste ar a rathúlacht acadúil bhunaithe agus ar a chlú idirnáisiúnta. Dá thoradh, tá réimse d'ábhair ealaíon agus daonnachtaí le feiceáil anois sa **100 is fearr i Rangú Domhanda QS 2017** //



An Dr Selena Daly, Scoil na dTeangacha, na gCultúir agus na Teangeolaíochta i gcuideachta Roddy Doyle ag an ócáid 'A Conversation with Roddy Doyle Translating Don Giovanni'.

Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí

Ar chlé: An Dr Paul Perry, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta, buaiteoir Ghradam Ollscoile do Shármhaitheas Teagaisc.

Sa lár: A Soilse, Anne Anderson, a fuair Gradaim Chéimithe UCD 2016 sna hEalaíona agus sna Daonnachtaí.

Ar dheis: An Dr Fionnuala Dillane, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta, buaiteoir Ghradam Éachta ar son Fhoghlaim na Mac Léinn.



Tá seacht scoil i gColáiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí UCD

Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Chultúrtha UCD

Ceann na Scoile
An Dr Nicola Figgis

Scoil na gClasaicí UCD

Ceann na Scoile
Dr Alexander Thein

Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD

Ceann na Scoile
An tOllamh Danielle Clarke

Scoil na Staire UCD

Ceann na Scoile
An Comhollamh Tadhg Ó hAnnracháin

Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis UCD

Ceann na Scoile
An Comhollamh Regina Uí Chollatáin

Scoil na dTeangacha, na gCultúr agus na Teangeolaíochta UCD

Ceann na Scoile
An tOllamh Bettina Migge

Scoil an Cheoil UCD

Ceann na Scoile
An Dr Jamie Jones

Ó Mheán Fómhair 2016

// Chríochnaigh an bhliain go buacach do Choláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí agus míonna an tsamhraidh ag ceiliúradh an dara Féile UCD agus facthas an chéad chéim eile sa bhforbairt spreagúil ar Ionad Ulysses ag Teach Newman //

Ciaran Crilly agus an Dr Desmond Earley ó Scoil an Cheoil, sraith de cheolchoirmeacha, ceadail agus léiriúcháin de Ceolfhoireann Shiansach UCD agus de Scoláirí Córúla UCD faoi seach, lena n-áirítear an léiriúchán dhá oíche de *'Nights at the Movies'* a díoladh amach (Ceolfhoireann Shiansach UCD agus Cór Fhiolarmónach UCD, Samhain 2016). I mí Lúnasa 2017, rinne stáisiún ceoil chlasaiceach i Meiriceá Thuaisceála coimisiúnú ar an Dr Earley chun saothar nua ocht nóiméad a cheapadh, *'Body of the Moon'*, chun fuaimrian a chur le hurú na gréine le linn dó a bheith ag trasnú stáit Oregon ar an gcósta thiar. In 2016, bronnadh dochtúireachtaí onóra ar an taidhleoir agus an fear déanta síochána, Tim O'Connor, ar an seandálaí an tOllamh Sir Barry Cunliffe agus ar an scríbhneoir Dame Hilary Mantel.


Rinneadh tionchar agus caighdeán domhanda chéimithe UCD sna hEalaíona agus sna Daonnachtaí, mar aon le macalla litríocht na hÉireann ar an ardán idirnáisiúnta, a cheiliúradh i Nua Eabhrac i mí Feabhra nuair a bronnadh Bonn Lá an Bhunaithe UCD ar Colm Tobin. Mar chuid den ócáid rinne Colm léamh as a shaothar féin agus comhrá agallaimh leis an Ollamh Margaret Kelleher (Cathaoirleach ar Litríocht agus Drámaíocht Angla-Éireannach). I Samhain na bliana roimhe sin, bhí an-áthas ar an gColáiste fáilte a chur go UCD roimh Anne E Anderson (an 17ú Ambasadóir na hÉireann chuig na Stáit Aontaithe) nuair a tugadh onóir di mar bhuaiteoir Ghradam Ealaíon do Chéimithe UCD 2016.

I dtéarmaí comhpháirteachais níos leithne, chríochnaigh an bhliain go buacach do Choláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí agus míonna an tsamhraidh ag ceiliúradh an dara Féile UCD agus facthas an chéad chéim eile sa bhforbairt spreagúil ar Ionad Ulysses ag Teach Newman. Bhí freastal mór agus moladh ar na hionchuir chultúrtha agus liteartha a bhí ag na hEalaíona agus na Daonnachtaí sa bhFéile i Meitheamh; ar na buaicphointí bhí *'In Conversation: The Cusacks join Frank McGuinness on Stage'* a rinne ceiliúradh ar an ionchur suntasach a bhí acu sna healaíona agus sa chultúr in Éirinn agus níos faide ó bhaile. I mí Iúil, ceapadh Simon O'Connor (coimeádaí bunaidh Mhúsaem Beag Bhaile Átha Cliath) ina Stiúrthóir ar Ionad Ulysses agus tá an Coláiste ag tnúth le tuilleadh comhoibríthe leis an acmhainn uathúil liteartha agus cultúrtha seo agus é ag gluaiseacht i dtreo a oscailte in 2018.


An tOllamh Sarah Prescott
Príomhoide an Choláiste



2,626 Líon iomlán mic léinn in Éirinn




205 Foireann (FTE)



2,194
Mic léinn fochéime (FTE)

432
Mic léinn chéime (FTE)

 Tuairim is = 100 duine

€1.9m 
Ioncam taighde



Seoladh Straitéis 2020 leis an Ollamh Ciarán Ó hÓgartaigh agus Niall FitzGerald, Cathaoirleach Bhord Comhairleach Scoil Smurfit UCD.



An tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh Príomhoide an Choláiste Ceann na Scoile/Déan An Coláiste Gnó UCD

An Coláiste Gnó UCD

I gColáiste Gnó UCD, tá pobal bríomhar, éagsúil, agus é ag dul i méid, ina bhfuil 2,039 mac léinn fochéime, 1,375 mac léinn iarchéime, 2,000 rannpháirtí forbartha feidhmiúcháin, agus 4,515 mac léinn ón iasacht, agus iad lonnaithe ag ár dtrí champas i Hong Cong, Singeapór agus Srí Lanca.

I nDeireadh Fómhair 2016 sheolamar ár Straitéis Choláiste Gnó UCD 2020. Déanann an straitéis sin leabú ar ár bhfís agus ár n-uaimhian – a bheith inár gceannródaí in oideachas agus i dtaighde an ghnó, daingnithe sa 50 scoil ghnó is fearr sa domhan. Tá ár bhfoireann de 100 lucht dámh agus 160 ball foirne gairmiúil tiomáinte ag tiomantas comhroinnte chun ár n-uaimhian straitéiseach a sheachadadh, chun tairbhe dár mic léinn, do UCD agus d'Éirinn.

Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar

Bliain eile de bhuanna agus de dhul chun cinn dár ngníomhaíochtaí taighde ab ea an bhliain acadúil 2016-2017. Le trí bliana anuas, tá méadú 63% tagtha ar ár n-aschur ó thaighde sna hirisí is mó le rá. Lena

chois sin, tá méadú suntasach tagtha ar rathúlacht ár lucht dámh ag buchan dámhachtainí iomaíocha maoinithe, agus dámhachtainí de luach €5 mhilliún faighte sa bhliain atá caite. Díol suntais go n-áirítear sna dámhachtainí sin an dámhachtain Comhdhlúthóra ERC a fuair an tOllamh Roland Erne as a thionscnamh Aontais Eorpaigh ar Pholaitíocht an Lucht Oibre agus Réimeas Nua um Rialachas Eacnamaíoch an Ae; dámhachtain Comhpháirtíochta Straitéisí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar an téama Luacháil agus Riosca, faoi cheannas an Ollaimh John Cotter; Comhaltach CAROLINE Chomhairle Taighde na hÉireann, faoi cheannas an Chomhollaimh Maeve Houlihan ar *'Financing the Sustainable Development Goals: Enhancing the role of Law in the Governance of Blended Finance'*; agus maoiniú H2020 a bronnadh ar an Dr Seán McGarraghy mar chuid den tionscadal VALUMICS: *'Understanding food value chains and network dynamics'*.

I Meán Fómhair 2017 rinneadh an seoladh oifigiúil ar ghrúpáil nua taighde laistigh den Choláiste, Ionad Gnó agus Sochaí UCD. Tá sé mar aidhm ag an ionad seo cleachtas gnó freagrach a spreagadh trí iarracht chomhoibríoch a thabharfaidh le cheile na taighdeoirí acadúla, lucht gnó, lucht rialtais, NGOanna agus tomhaltóirí chun samhla den dea-chleachtas a fhorbairt.

Oideachas agus eispéireas na mac léinn

Ar fud an Choláiste, bímid ag obair chun ceannairí an lae inniu agus an todhchaí a chumasú chun forbairt a dhéanamh ar an léargas, an saineolas agus an spreagadh a theastóidh uath chun tionchar a imirt ina réimsí féin. Dírimid ar smaointeoirí agus déantóirí eolasacha, lúfara agus criticiúla a chothú trí dheiseanna a chruthú chun foghlaim ó dhearcaí éagsúla agus i suíomhanna éagsúla.

// Le trí bliana anuas, tá méadú 63% tagtha ar ár n-aschur ó thaighde sna hirisí is mó le rá. Lena chois sin, tá méadú suntasach tagtha ar rathúlacht ár lucht dámh ag buachan dámhachtainí iomaíocha maoinithe, agus dámhachtainí de luach €5 mhilliún faighte sa bhliain atá caite //

In 2016/17 ba príomhfhócas dár gcuid an rud a mhúinimid, agus an bealach múinimid é, ag nascadh le taithe na mac léinn agus le thorthaí na mac léinn. Trí phróiseas Athbhreithniú Churaclaim na hOllscoile, rinneamar athbhreithniú agus mapáil ar thorthaí ar fud ár gclár go léir. Rinneamar athbhreithniú cuimsitheach ar ár gclár fochéime is mó (an BComm) agus as sin tháinig athruithe tábhachtach a rachaidh chun tairbhe d'eispéireas oideachasúil ár mic léinn. Ba é an Comhollamh Ciaran Heavey a bhí i gceannas an athbhreithnithe sin. Rinneadh athbhreithniú mór freisin ar an BSc sa Gheilleagar agus Airgeadas agus an tOllamh Valerio Poti i gceannas air sin.

I rith na bliana, rinneamar go maith ar na rangaithe seachtracha, agus trí cinn dár gcláir MSc rangaithe faoi seach sa 50 ab fhearr ar domhan ag an Financial Times. Táimid creidiúnaithe in athuir ag riar de chomhlachtaí idirnáisiúnta agus seachtracha lena n-áirítear AMBA, CEMS agus PRME. Cuireadh próiseas an-tairbheach athbhreithnithe cáilíochta i bhfeidhm freisin ar ár gcláir idirnáisiúnta i Singeapór agus Hong Cong.

In 2016/17 leanaimid de bheith ag infheistiú i bhfeabhsúcháin agus i nuálaíochtaí sa timpeallacht fhoghlama, lena n-áirítear tacaíochtaí do mhic léinn agus do lucht dámh le clár ar nós 'Tacaíocht do Scríbhneoireacht Acadúil', 'Clár Fiontraí Cónaithe', agus an clár 'Déanta go Bródúil san Afraic'. Tá infheistiúcháin sa ríomhfhoghlaim ag leanúint ar aghaidh ag ár bhfoireann tiomanta ríomhfhoghlama gnó. Bhí an-áthas orainn freisin fáilte a chur roimh an Ealaíontóir Cónaithe, Alice Rekab, chuig an gColáiste mar chuid de Scéim Parity AIR UCD.

Compháirteachas agus Compháirtíocht

Chun ár straitéis 2020 a chur chun cinn, tá an Coláiste tar éis tabhairt faoi fheachtas bunathraitheach daonchaidris dar teideal 'Leathnú ár dTeorainneacha Sármhaitheasa'. Ceadáíonn an feachtas don Choláiste



Na hOllaimh Donna Marshall, Colm McLaughlin agus Andy Prothero ag seoladh Ionad Gnó agus Sochaí UCD (CeBaS).

An Coláiste Gnó UCD

curaclam 'nua-eacnamaíochta' a chruthú, ag díriú ar réimsí d'ábharthacht dhomhanda ina bhfuil buntáiste iomaíoch ag Éirinn. Leis an maoiniú suntasach a bailíodh in 2016/17, táimid in ann Cathaoirligh nua a earcú, méadú a chur ar líon na scoláireachtaí atáimid in ann a chur ar fáil dár mic léinn, agus infheistiú in athuair sa soláthar de shaoráidí den scoth.

Díríonn an Coláiste ar fhás agus feabhsúchán leanúnach a chur ar a chomhpháirteachas lena pháirtithe leasmhara go léir – mic léinn, lucht dámh agus an fhoireann ghairmiúil, lucht tionscail/corparáidí, chomh maith le comhpháirtithe seachtracha i ngrúpálacha acadúla idirnáisiúnta, lena n-áirítear GNAM, PIM, PRME agus CEMS. Táimid bródúil as a bheith ina gcuid de na comhghuaillíochtaí gradamúla domhanda son, á nascadh le scoileanna móra gnó eile agus leis an bpobal gnó go domhanda. Cuireann na comhpháirtíochtaí sin ar an mapa domhanda sinn agus cuireann siad deiseanna uathúla ar fáil dár mic léinn.

Pobal

Tá ár bpobal céimithe gnó méadaithe go dtí breis agus 80,000, lonnaithe thar bhreis agus 100 tír difriúil. Le 35 caibidil gníomhach domhanda céimithe, reáchtáladh 65 imeacht agus gníomhaíocht i rith na bliana ar fud na n-ionad sin, ag tabhairt deise do chéimithe agus dá gcairde a theacht le chéile, líonrú agus nascadh in athuair le céimithe eile agus lena n-alma mater.

I rith 2016/17, seoladh an Tairseach Céimithe mar ardán ar líne do mhic léinn agus céimithe chun dul i dteagmháil lena chéile agus le UCD. Tá lán feidhmeanna ag an ardán seo, ach gné lárnach is ea an cumas atá ann chun meantóireacht ar líne a éascú idir mic léinn agus céimithe agus i measc na gcéimithe féin.


Ar chlé: Dave Bunworth, Annmarie Cunningham agus Alan Ralph ag Gradaim Chéimithe 2017.

Déanann an Coláiste éascú ar chomhphlé agus ar dhíospóireacht faoi bhuncheisteanna trí imeachtaí agus cainteoirí a óstáil agus cur le díospóireacht phoiblí. Chomh maith le sceideal gnóthach 2016/17, rinne an Scoil óstáil ar Chomhdháil Bhliantúil an Irish Academy of Management faoi cheannas an Ollaimh Colm McLoughlin agus foireann mhór a chuir fáilte roimh 190 toscaire ó 12 tír dhifriúla. Ba é an téama a bhí ag an gcomhdháil ná *'Ireland 2016: Re-imagining business and the role of ethics'*, agus dá réir sin nascadh leis na himeachtaí náisiúnta comóraidh ar Éirí Amach 1916, agus freisin ag tabhairt cuireadh dúinn todhchaí níos fearr a athshamhlú.

Forbairtí Coláiste

Bhí an bhliain acadúil 2016/17 an-ghnóthach i dtéarmaí forbairtí bonneagair ag an gColáiste. Rinne an Dr Michael Smurfit an oiscailt oifigiúil ar Ionad Smurfit don Fhorbairt Feidhmíochta UCD i Meán Fómhair 2016.

Rinneadh athmhúnlú go forleathan agus athchóiriú ar bhialann Scoil Smurfit i rith mhíonna an tsamhraidh agus tá spás sóisialta agus pobail ag na mic léinn ann anois.



An tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh
Príomhoide an Choláiste/Déan an Choláiste Gnó UCD

Ar dheis: Sa phictiúr a tógadh ag Ionad nua Smurfit don Fhorbairt Feidhmíocháin UCD tá Niall FitzGerald, KBE, Cathaoirleach Bhord Comhairleach Scoil Smurfit UCD, Helen Brophy, Stiúrthóir Fhorbairt Feidhmíochta Smurfit agus an Dr Michael WJ Smurfit.



3,284 Líon iomlán mic léinn in Éirinn



1,660
Mic léinn fochéime (FTE)


1,624
Mic léinn chéime (FTE)

3,529 Oibríochtaí Thar Sáile




3,259
Mic léinn fochéime (FTE)

270
Mic léinn chéime (FTE)

 Tuairim is = 100 duine

FTE = Lánaimseartha


248 Foireann (FTE)



€5.06m 
Ioncam taighde



Sa phictiúr seo a tógadh ag Searmanas Bronnta Lá an Bhunaithe UCD 2016 tá (c-d) an tOllamh Andrew Deeks, Uachtarán UCD, Ian Quinn, Creig Eanaigh agus an tOllamh David FitzPatrick, Príomhoide an Choláiste, Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta.



Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta

An tOllamh David FitzPatrick
Príomhoide an Choláiste/
Déan na hInnealtóireachta

Déan na hAiltireachta
An tOllamh Hugh Campbell

Déan Comhlach na hAiltireachta
Dan Sudhershnan

An Leas-Phríomhaí um Theagasc & Foghlaim
An Comhollaimh Amanda Gibney

An Leas-Phríomhoide um Thaighde, Nuálaíocht & Tionchair
An Comhollamh David Browne

Tá oidhreacht fhada de bharr feabhais san oideachas agus sa taighde ag Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta agus chun comóradh a dhéanamh air sin, rinneadh ceiliúradh ar dhá chuimhneachán sa bhliain acadúil dheiridh.

Rinneadh sceidealú thar 2016-2017 ar chlár imeachtaí leis an téama 'Pleanáil Toghcháin' mar chomhartha ar chomóradh 50 bliain Phleanáil UCD, agus i mí na Samhna, d'fhill 400 céimí agus cairde ar Halla Uí Raghallaigh chun ceiliúradh a dhéanamh ar 60 bliain d'Innealtóireacht Ceimicé agus Bithphróisis UCD. Is í seo an scoil is mó agus is sine dá leithéid in Éirinn agus, ó 1956, tá breis agus 1,400 céimí tagtha amach aisti agus iad imithe ar aghaidh chun ról lárnacha a bheith acu i dtionscail agus i ngnó, ar fud an domhain.

Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar

Cláraíodh breis agus €18m i ndeontais an bhliain seo caite, 26% de ón gCoimisiún Eorpach, agus 18% ina raibh comhoibriú i gceist idir lucht tionscail agus acadaimh trí mheascán de thaighde a bhí maoinithe go díreach ag an tionscal agus clár chomhpháirtíochta urraithe ag gníomhaireachtaí maoinithe.

In I Meán Fómhair 2017, sheol Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) ceithre Ionad Taighde SFI nua, le hinfeistíocht de bhreis agus €144m ó SFI agus lucht tionscail, péire acu faoi cheannas UCD, agus le comhpháirteachas Coláiste.

Tá Lárionad Taighde SFI um Ard-déantúsaíocht I-FORM faoi cheannas an Ollaimh Denis Dowling agus páirteach ann tá na hOllaimh Bob Shorten, Fengzhou Fang agus Alojz Ivankovic ó Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar UCD, an tOllamh Pádraig Cunningham ó Scoil na Ríomheolaíochta UCD, agus áirithe leis na hinstiúidí acadúla comhpháirtíochta tá Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, OÉ Gaillimh, Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, Instiúid Teicneolaíochta Shligigh agus Instiúid Teicneolaíochta Phort Láirge. Feabhsóidh I-Form an éifeachtúlacht phróiseála do thionsclaíocht na hÉireann.

Tá Ionad Taighde SFI Bithghilleagair BEACON faoi cheannas an Ollaimh Kevin O'Connor ó Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus an Bithleighis UCD agus páirteach ann freisin tá an tOllamh Eoin Casey ó Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD agus an tOllamh Nick Holden ó Scoil na hInnealtóireachta Bithchórais agus na hInnealtóireachta Bia UCD mar chomhscrúdaitheoirí príomha. Áirithe ar na hinstiúidí acadúla comhpháirtíochta tá TCD, Ollscoil Luimnigh, OÉG agus Teagasc. Dírionn BEACON ar an dhúshlán éagsúla eolaíoch, teicneolaíochta agus sóisialta chun fuil a bhíonn in sna hearnálacha agraibhia agus mara a thiontú ina dtáirgí ardluacha.

I mbliana, tháinig an Comhollamh Dieter Kogler go dtí Scoil na hAiltireachta, na Pleanála & an Pholasaí Chomhshaoil UCD le Deontas Tionscnaimh gradamúil de bhreis agus €1m ón gComhairle Eorpach um Thaighde a bhronn An Coimisiún Eorpach do thionscadal dar teideal Éabhlóid na Teicneolaíochta in Eacnamaíochtaí Réigiúnacha (TechEvo). San iomlán, tá an Coláiste ag óstáil seisear a bhfuil dámhachtainí ERC faighte acu (an Comhollamh Aoife Gowen, an tOllamh Debra Laefer, an tOllamh Eoin Casey, an tOllamh Bogdan Staszewski, an tOllamh Madeleine Lowery agus an Comhollamh Dieter Kogler).

Thíos, ar chlé: Bonn Óir EGA 2016 - Buaiteoirí: [Chun tosaigh] Muyang Liu, Innealtóir Leictreachais; Gerard Murphy, innealtóireacht leictreonach; Anna McHugh (máthair Rosin McHugh), Ailtireacht; Caitlin McDonnell, Innealtóireacht Struchtúr le hAiltireacht; Michael Murphy, Innealtóireacht Bhithchórais [ar chúl] Art O'Connor, Innealtóireacht Cheimiceach; Keith O'Donovan, Innealtóireacht Mheicniúil; Minjie Liu, Innealtóireacht Shibhialta; Christopher Bohane, Innealtóireacht le Gnó; Robert Brennan, Innealtóireacht Bithleighis.

Bliain an-rathúil a bhí inti do bhaill an Choláiste a bhfuair a lán acu duaiseanna agus bearta gradaim:

- Bhronn Acadamh Innealtóireachta na hÉireann Bonn Parsons do Thaighde Innealtóireachta 2016 ar an **Ollamh Tony Fagan** as an ról a bhí aige sa bhfeabhsúchán ar an teicneolaíocht chumarsáide domhanda.
- Bronnadh Gradam Fraunhofer Thaler ar an **tOllamh Gerry Byrne** in aitheantas dá cheannaireacht den scoth agus de na gnóthachtálacha suntasacha a bhí aige sa réimse taighde feidhmigh.
- Toghadh an **Comhollamh Finola O'Kane Crimmins** ar Acadamh Ríoga na hÉireann i mBealtaine 2017 as a foilseacháin nuálacha faoi stair dhearadh tírdhreacha na hÉireann.
- Bronnadh an Duais Idirnáisiúnta RIBA ar na céimithe agus na **lán-Ollaimh Thaca Yvonne Farrell agus Shelley McNamara** ó *Grafton Architects* agus Scoil na hAiltireachta, na Pleanála & an Pholasaí Chomhshaoil UCD, as a ndearadh ar fhoirgneamh an *Universidad de Ingeniería y Tecnología i bPeiriú*.
- **Bhí an-áthas orm féin gur bhronn** Roinn na Bithinnealtóireachta d'Acadamh Ríoga an Leighis in Éirinn an 23ú Bonn Airgid RAMI orm as m'ionchur i réimse na bithinnealtóireachta.

Tá gníomhaíochtaí na mac-chuideachtaí ón gColáiste ag fáil dámhachtainí go leanúnach in aitheantas dá mbuanna nuálaíochta agus fiontraíochta. Bronnadh Gradam Fiontraíochta SFI 2016 ar an Ollamh Brian Glennon agus an Dr Mark Barrett, comhbhunaitheoirí APC Ltd. Ainmníodh an mac-chuideachta OxyMem Ltd, a bhunaigh an tOllamh Eoin Casey agus an Dr Eoin Syron, ar an 2017 Global Cleantech 100: liosta cuimsitheach de chuideachtaí príobháideacha a bhfuil an acmhainn is airde acu chun an tionchar is mó a imirt ar an margadh thar na cúig go dtí na deich mbliana seo romhainn.

Thíos, ar dheis: Gradam THINKTECH á bhronnadh ar FBM Nua-thionscanta Mac Léinn PhD APEP. Fuair FBM nua-thionscanta Space Engagers Aoife Corcoran agus Phillip Crow dámhachtain ThinkTech de €100,000 maoinithe ag Google Ireland, Ciste Nuálaíochta Sóisialta Éireann agus an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Faoi láthair, tá Aoife agus Phillip ina mic léinn PhD i Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus an Pholasaí Chomhshaoil agus bhí an bheirt acu páirteach i dtionscadal FP7, Transitioning Towards Urban Resilience and Sustainability (TURAS; 2011-16). Mar chuid den tionscadal sin, smaoinigh siad ar agus, i gcomhar le Future Analytics Consulting Ltd., d'fhorbair siad feidhmchlár ReUsing Dublin, a bhí mar bhunús le bunú a gcuideachta neamhbhrabúis féin.



Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta

An tOllamh Gerry Byrne ag fáil Chradam Fraunhofer Thaler ón Ollamh Reimund Neugebauer in aitheantas dá cheannaireacht den scoth agus de na gnóthachtálacha suntasacha a bhí aige sa réimse taighde feidhmhighearch.



Stiúrthóir Scoil na gCéimithe

An Comhollamh Kenneth Stanton

Tá sé scoil i gColáiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí UCD

Scoil na hAiltireachta, na Pleanála & an Pholasáí Chomhshaoil UCD

Ceann na Scoile
An tOllamh Hugh Campbell

Scoil na hInnealtóireachta Bithchórais & na hInnealtóireachta Bia UCD

Ceann na Scoile
An tOllamh Colm O'Donnell

Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí & Bithphróisis

Ceann na Scoile
An tOllamh Eoin Casey

Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta

Ceann na Scoile
An Comhollamh Aoife Ahern

Scoil na hInnealtóireachta Leictirí & Leictreonaí

Ceann na Scoile
An Comhollamh Andrew Keane

Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla & Ábhar UCD

Príomhoide an Choláiste
An tOllamh Michael Gilchrist

Ó Mheán Fómhair 2016

Cuireadh dhá fhiontar nua-thionscanta a tháinig ón gColáiste ar taispeáint ag Clár Luaithe VentureLaunch UCD 2016. Tá DuBrand, a bhunaigh an Dr Eamonn Ahearne, an Dr Diego Carou agus an Dr Jinghang Liu ó Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla & Ábhar, ag forbairt teicneolaíocht nuálach chun brandaí feistí leighis a chosaint mar aon le cosaint a thabhairt in aghaidh góchumtha agus inrianaitheacht a sholáthar do pháirteanna feistí leighis, ag cloí le rialacháin dhaingne tionscail.

Tá Latch Medical a bhunaigh an Dr Eoin Ó Cearbhaill ó Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar UCD, in éineacht leis an Dr Seamus Morris agus an Dr Nicky Bertollo, Scoil an Leighis UCD, i mbun forbartha ar chóras réabhlóideach daingnithe fíochán atá bunaithe ar mhicritheicneolaíocht chun baol ionfhabhtaithe a laghdú, feabhas a chur ar thorthaí cosmaideacha agus am a shábháil le linn obráidí.

Lena chois sin, bhunaigh an Dr Shane Keaveney agus an Dr Colin Keogh carthanacht, *The Rapid Foundation*, chun tacaíochtaí priontáilte 3D a chur ar fáil i suíomhanna atá ar acmhainn íseal agus le gairid réachtáil siad tionscadail fhíolótacha san India agus i Uganda, i gcomhar le hOibríthe Deonacha Thar Sáile UCD.

Oideachas agus Eispéireas na Mac Léinn

In 2015, chuaigh UCDi mbun Athbhreithniú Curaclaim agus Próisis Fheabhsaithe faoi cheannas an Chomhollaimh Amanda Gibney, an Leas-Phríomhaí Teagaisc agus Foghlama. Bhí an próiseas sin ailínithe le Straitéis 2015–2020 UCD, tionscnamh straitéiseach 2: Barr Feabhais Oideachais a Shainiú. Tá forbairt déanta ar pheleananna gníomhaíochta agus feidhmíthe clár, agus tá feabhsúcháin ag dul chun cinn ina lán réimsí a bhaineann le measúnacht, aiseolas, agus forbairt scileanna agus cáilíochtaí.


Rinneadh an chéad bhronnadh de Bhonn Tiernan Byrne agus Searmanas Bronnta UCD sa Márta. Rinneadh an bronnadh sin ar John Fleming, mar aitheantas ar bharr feabhais a chuid oibre in innealtóireacht

gheoiteicniúil. Chuir Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta tús leis an mbronnadh i gcuimhne ar chéimí óg inspioráideach, Tiernan Byrne, a bhásaigh le linn a chúrsaí staidéir PhD san innealtóireacht gheoiteicniúil. Bhí dearcadh an-dearfach ag Tiernan ar an saol agus bhí inspioráid iontach le fáil as a chumas chun déileáil lena thinneas. Sa Bhealtaine, thacaigh an Coláiste le Ceardlann Cuimhneacháin Mata agus Códaíthe Tiernan Byrne, agus d'oibrigh na mic léinn innealtóireachta, Sophie Cassidy, Joshua Gorman, James Carron agus Christopher Hill go deonach mar theagascóirí ar an lá. Tá na fáiltais ón gceardlann tugtha go flaitiúil ag teaghlach Tiernan do Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta UCD chun maoiniú a dhéanamh ar Sparánacht nua Tiernan Byrne, chun tacú le mic léinn a bhfuil riachtanas airgid acu.

Bronnadh céad Chradaim Theagaisc agus Foghlama an Choláiste i mbliana chun ceiliúradh a dhéanamh ar ghnóthachtálacha comhghleacaithe a bhfuil ionchur suntasach déanta acu i dtaca le barr feabhais teagaisc agus feabhsúcháin ar fhoghlaim na mac léinn. Bhí dhá chatagóir de ghradaim i gceist: Gradaim Shármhaitheasa Teagaisc, a thug aitheantas do lucht dámh agus bail foirne atá i róil teagaisc as a dtiomantas leanúnach d'fheabhas teagaisc agus d'fhoghlaim na mac léinn; Gradaim Éachta ar son Foghlaim na Mac Léinn, a thug aitheantas do dhaoine aonair nó d'fhoirne lucht dámh, ball foirne, teagascóirí nó taispeántóirí de chuid UCD a bhfuil éachtaí déanta acu ar son fhoghlaim na mac léinn i réimse ar leith Bronnadh Gradaim Shármhaitheasa Teagaisc ar an Dr Tom Curran, an Dr Vincent Hargaden agus an Dr Arturo Gonzalez. Lena chois sin, bronnadh gradam leibhéil Ollscoile ar an Dr Hargaden sa chatagóir sin. Bronnadh Gradaim Éachta ar son Foghlaim na Mac Léinn ar Barry Brophy, an Dr Enda Cummins, Alice Clancy, Michael Heurich agus an Comhollamh Aoife Gowen. Lena chois sin, bronnadh grúp-ghradam ar an gceannasaí grúpa Peter Cody do Stiúideo Bunbhliana – Ailtireacht Céad Bhliana.

An tOllamh David FitzPatrick
Príomhoide an Choláiste/Déan na hInnealtóireachta

1,917 Líon iomlán mic léinn in Éirinn



1,081
Mic léinn fochéime (FTE)


836
Mic léinn chéime (FTE)

72 Oibríochtaí Thar Sáile (Mic Léinn Fochéime FTE)

Tuairim is = 100 duine

Thíos, ar chlé: Sa phictiúr seo a tógadh ag Plé Painéil an Fhómhair na gCéimithe Innealtóireachta 2016 ar 'Innealtóireacht, Taighde, Nuálaíocht agus Jabchruthúchán' tá (c-d): A tOllamh Eoin Casey, Ceannasaí, Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí & Bithphróisis; an Dr Helen McBreen, Stiúrthóir Infheistíochta, Atlantic Bridge; PJ Rudden, Uachtarán EGA; Seán Kyne, TD an tAire Stáit Gaeltachta & Acmhainní Nádúrtha; an tOllamh Orla Feely, Leas-Uachtarán um Thaighde, Nuálaíocht & Tionchair agus an tOllamh David FitzPatrick, Príomhoide & Déan na hInnealtóireachta, Coláiste na hInnealtóireachta & na hAiltireachta.

296 Foireann (FTE)



€17.36m Ioncam taighde

Thíos, ar dheis: Ba í Khadija Mu'azzam, mac léinn sa bhliain dheireanach le hInnealtóireacht Cheimiceach & Bhithphróiseas UCD, a bhuaigh an chéad chomórtas Talking Engineers de chuid Innealtóirí na hÉireann i Márta 2017. Bhí an comórtas oscailte do mhic léinn sa bhliain dheireanach Innealtóireachta as gach institiúid tríú leibhéal in Éirinn, agus cuireadh ag gach institiúid ionadaí amháin a ainmniú. Dhírigh an cur i láthair a rinne Khadija ar rathúlacht na nInnealtóirí Ceimiceach/Próiseas Éireannach sa nuáil áitiúil don fheidhmiú domhanda agus ar na dúshláin agus na deiseanna atá ag Innealtóirí óga, cosúil léi féin, agus iad ag tabhairt faoina ngairmeacha gairmiúla.





Mar chuid den tsraith Agri Aware's Farm Walk 2017, d'fhreastail thart fá 300 daltaí ó scoileanna ó Chúige Laighean ar Lyons Research Farm.



**An tOllamh
Cecily Kelleher
Príomhoide an Choláiste**

**An Déan Comhlach um Thaighde,
Nuálaíocht agus Tionchar**
An tOllamh Helen Roche (PHPS)

**An Déan Comhlach um Theagasc
agus Foghlaim**
An tOllamh Jason Last (SM)

**An Déan Comhlach um
Chomhpháirteachas Domhanda**
An Comhollamh Pat Felle (SM)

Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD

Agus an dara bliain den Choláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD faoi lán seoil, leanann an Coláiste ar aghaidh le forbairt a dhéanamh ar an téama Aon Sláinte Amháin chomh maith le straitéis uailmhianach agus uileghabhálach a thabhairt chun tosaigh.

Tá obair nach beag déanta ag Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar agus ag an ghrúpa Oideachas agus Oilíúint agus Coraíocht Dhomhanda trasna cúig Scoil le solas a chaitheamh ar réimsí sinéirgí agus ar chomhroinn oibre. Ba chéim chun tosaigh é an punann Gnóthaí Sláinte a tharraingt isteach faoi choimirce an Choláiste, céim a dhéanfaidh neartú agus treisiú ar an chaidreamh atá ann idir Grúpa Ospidéal Oirthir na hÉireann agus comhaltaí cliniúla na nEolaíochtaí Sláinte.

Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar

D'éirigh le Genomics Medicine Ireland (GMI), dá raibh lámh ar leith ag an Dr Sean Ennis ó Scoil an Leighis UCD ann, infheistíocht Series A ar luach \$40 milliún é, a fháil ó infheisteoirí neamhspleácha agus idirnáisiúnta. Bainfear úsáid as an infheistiú seo le clár géanómaíoch d'ard caighdeán a bhunú i mBaile Átha Cliath agus le 150 postanna a rachaidh chun sochair ar oibrithe sár-oilte atá dírithe ar thaighde géanómaíoch. De thairbhe an infheistithe



Thuas ar chlé: Fuair Ceann na Scoile, An tOllamh Alex Evans, Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíochtaí an Chothaithe UCD, gradam as ceannaireacht a chur ar fáil in oiliúint agus oideachas talmhaíoch. Thuas ar dheis: Mic léinn ón Scoil agus Saorálaithe Thar Lear UCD (UCDVO) in Uganda sa samhradh 2017.



seo, beidh faille ag an GMI tabhairt faoi staidéir ghéanómaíochas ar bhonn daonáireamh. Beidh tuiscint níos fearr mar sin ar na cúinsí géiniteacha agus ar na nósanna maireachtála a bhaineann le haicídí agus rachaidh na staidéir seo i gcbhair chomh maith ar fholláine, ar fheabhsúcháin fháthmheasa, agus ar theiripí spríochdhírthe.

Thug an coiste idirnáisiúnta Stockholm Prize in Criminology aitheantas nach beag don Ollamh Richard Tremblay, Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus Eolaíocht an Daonra UCD, mar scoláire ceannródaíoch ar domhan as ceangail eolaíochta a thabhairt chun solais idir cúinsí bitheolaíochta, teaghligh, agus sóisialta i bhforbairt an duine. Thug an coiste suntas dá shaothar ceannródaíoch, dá raibh 150 foilseachán, a thosaigh sna 1980í i Montreal go Páras agus Baile Átha Cliath sa lá atá inniu ann, le taighde nua a dhéanann tastálacha ar chosc ar an gcoireacht réamhbhreithe le máithreacha atá faoi phriacal.

Bronnadh €2.2 milliún thar cúig bliana ar an gCiste Tacaíochta Um Straitéis Institiúideach Wellcome UCD (ISSF) le tionscnaimh a réachtáil taobh istigh de réimsí taighde de chuid UCD ar Mhíochaine Aistritheach agus ar Aon Sláinte Amháin. Bronnadh maoiniú don Ollamh Clodagh Kearney agus don Dr Conor McAloon le Scoil an Leighis Tréidliachta UCD faoin scéim seo le taighde a dhéanamh ar leagan eachaí a rachaidh chun sochair ar airtríteas mar aon leis an ról atá ag an timpeallacht ar ghalar anáilaithe na mbó.

Oideachas agus Eispéireas na mac léinn

Bhí lúcháir ar an gColáiste a bheith páirteach leis na Gradaim Theagaisc agus Fhoghlama UCD. Bhí ceathrar ainmnithe as Feabhas sa Mhúinteoireacht, cúigear ainmnithe as an dul chun cinn a bhí déanta acu d'fhoghlaim na Mac Léinn ag oideachas trúí leibhéal, agus triúr a d'éirigh

leo gradaim ollscoile a bhaint amach: Dr Niamh Nestor (SVM), Dr James Matthews (SPHPSS) agus Dr Monica Gorman (SAFS).

Fuair Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Chothaithe UCD duais shuntasach as ceannaireacht den chéad scoth a chur ar fáil in oiliúint agus in oideachas talmhaíochta ag Agribusiness Awards i mí na Samhna. Tugann na gradaim seo deis thábhachtach le ceiliúradh a dhéanamh ar líon na n-éachtaí atá déanta san earnáil agus rinneadh níos mó ná 200 daoine mór le rá freastal orthu.

Mar chuid den fheidhm rialaithe atá acu, thug Bord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann (NMBI) cuairt ar Scoil an Altranais, an Cnáimhseachais agus na gCóras Sláinte UCD i mí na Bealtaine. Mar chuid den chuairt, rinneadh iniúchadh ar na céimeanna gairmiúla, tugadh cuairt ar na hionaid chliniciúla, agus tionóladh cruinnithe leis an dámh, leis na mic léinn agus le baill foirne na Scoile.

Rannpháirtíocht agus Comhpháirtíocht

Fuair an tIonad Um Eolaíocht Éigeandála Leighis UCD dhá ghradam idirnáisiúnta as an tionscnamh HeartSafe. Le cuidiú ón British High Commission, An Cóir Liachta Óglaigh na hÉireann, agus Ambasáid na hÉireann i Siarra Leon, chuir grúpa UCD clár éifeachtach le chéile a thug oiliúint do 150 ball foirne mar chéad fhreagróirí cairdiaca. De thoradh an ghradam seo, tugadh tuilleadh aitheantais dóibh agus bronnadh Public Sector Organization of the Year orthu sna gradaim HeartSafe i Manchain. Bhuaigh siad duais don tionscnamh oideachais ab fhéarr ag an Irish Healthcare Awards 2016. Mura leor sin, thug an grúpa UCD faoi fheachtas uailmianach le hoiliúint a chur ar fáil do 600 mac léinn agus ball foirne ar fud na hOllscoile.

Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte

An tOllamh Philip Larkin (sa lár), Scoil an Altranais, an Cnámhseachais agus na gCóras Sláinte, Uachtarán an Comhlachas Eorpach um Chúram Maolaitheach agus Dr Mikolasik, cathaoirleach, EPP Bioethics and Human Dignity Group, agus an Dr Benoit Beuselink, ag freastal ar an chur i láthair a thug an tOllamh Larkin do Pharlaimint na hEorpa.



Cúig Scoil atá i gColáiste na Sláinte agus na nEolaíochtaí Talmhaíochta UCD

Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia

Ceann na Scoile
An tOllamh Alexander Evans

Scoil an Leighis

Ceann na Scoile
An tOllamh Patrick Murray

Scoil an Altranais, an Chnámhseachais agus na gCóras Sláinte

Ceann na Scoile
An tOllamh Gerald Fealy

Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt

Ceann na Scoile
An tOllamh Giuseppe De Vito

Scoil an Leighis Tréidliachta

Ceann na Scoile
An tOllamh Michael Doherty

Ó Mheán Fómhair 2016

I gcuideachta le Scoil an Leighis Tréidliachta UCD, An Scoil Ghnó Uí Chuinn UCD agus Coláiste na hEolaíochta UCD, tá Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Chothaithe UCD ar thús cadhnaíochta ag iarraidh caidreamh a chruthú le hOllscoil Fondwa in Haiti, an t-aon ollscoil sa tír atá lonnaithe faoin tuath agus a bhfuil a haird dírithe aici ar chúrsaí tuaithe. Cé go bhfuil sé luath go fóill, is é seo an sampla is dlúth dá bhfuil ag UCD ar choraíocht dhomhanda.

Chuir Scoil an Leighis Tréidliachta UCD fearadh na fáilte roimh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, an tUasal Michael Creed TD, go dtí seoladh an National Farmed Animal Health Strategy ar 11 de mhí Iúil. Chuir Déan agus Ceann na Scoile, an tOllamh Michael Doherty agus Príomhoide an Choláiste UCD, an tOllamh Andrew Deeks fáilte mhór roimh an Aire agus roimh a fhoireann go dtí an Ollscoil. Tugann seoladh na straitéise aitheantas don ról lárnach atá ag an Ollscoil san earnáil seo agus déanann sé treisiú ar an idirghníomhaíocht atá idir lámh againn le comhaltaí tábhachtacha cosúil leis an Roinn Talmhaíochta agus Sláinte na n-Ainmhithe.

Lean Scoil an Altranais, an Cnámhseachais agus na gCóras Sláinte UCD leis an idirghníomhaíocht dhomhanda dá chuid nuair a tionóladh Scoil Samhraidh na nEolaíochtaí Sláinte, dá raibh méadú ar líon na mac léinn ó thrí ollscoil déag as na Stáit Aontaithe, agus nuair a eagraíodh Scoil Samhraidh UCD-Ollscoil Duquesne do lucht PhD. Lean an Scoil leis an gcomhoibriú le seirbhísí sláintiúla saorálacha, le forais reachtúla agus leis an pobal.

Pobal

Tá tionscnamh Sláinte UCD, mar aon le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Sláinte Éireann, tionscnamh atá urraithe ag an rialtas, tiomanta do dhul chun cinn an choincheapa 'Healthy Campus' de chuid an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. Bunaíodh Coiste Stiúrtha Sláinte UCD, dá bhfuil an tOllamh Patricia Fitzpatrick ó Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt UCD ina cathaoirleach, chun an coincheap a chur i bhfeidhm agus chun cultúr a chruthú a thabharfadh tacaíocht nach beag do roghanna sláintiúla i measc na bhfoirne acadúla agus na mac léinn. Tá aird na hOllscoile dírithe ar fad ar fhorbairt an duine agus ar dheiseanna a sholáthar le nósanna fada saoil a chruthú maidir le foghlaim, feasacht phobail, folláine, leas agus sláinte.


I rith an tsamhraidh 2017, thug naoi mac léinn déag fisiteiripe agus cúig theagascóir chliniciúla aghaidh ar Uganda agus ar an India le tabhairt faoi shocrúcháin chliniciúla le ceithre eagraíocht atá dírithe ar chúram sláinte. I gcuideachta le mic léinn leighis, altranais, cothaithe, agus diaitéitice, d'oibrigh siad as lámha a chéile le hoibríthe áitiúla i dtionscnaimh a thug tacaíocht do phobail agus do pháistí faoi mhíchumas agus a dteaghligh.

An tOllamh Cecily Kelleher
Príomhoide an Choláiste


// I rith an tsamhraidh 2017, thug naoi mac léinn déag fisiteiripe agus cúig theagascóir chliniciúla aghaidh ar Uganda agus ar an India le tabhairt faoi **shocrúcháin chliniciúla** le ceithre eagraíocht atá dírithe ar chúram sláinte //

6,864 Líon iomlán mic léinn in Éirinn



 **24** Mic léinn chéime thar lear (FTE)


1,000 Foireann (FTE)



5,020 Mic léinn fochéime (FTE)

1,844 Mic léinn chéime (FTE)

€33.83m  Ioncam taighde

 Tuairim is = 100 duine

An tOllamh Cecily Kelleher (sa lár) le roinnt buaiteoirí ón CHAS (chun tosaigh agus ó chlé go deas) an tOllamh Jeremy Simpson, an tOllamh Guiseppe De Vito, an Dr Deborah Wallace agus an tOllamh Comhlach Amanda McCann, Scoil an Leighis, an tOllamh Gerald Fealy. Ar chúil ó chlé go deas: An tOllamh Patrick Murray, an tOllamh Michael Doherty, an Dr James Matthews agus an Dr Cliona O'Sullivan, Scoil na Sláinte Poiblí Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt, an Dr Sue Rackard, Scoil na Tréidliachta agus an tOllamh Alex Evans.





Gréasán nua taighde agus oiliúna c4 mhiliúna a seoladh ag UCD i rith na bliana is ea TEAM atá dírithe ar theicneolaíochtaí nua a fhorbairt chun tacú le soláthar seirbhísí meabhairshláinte do dhaoine óga. Gréasán Oiliúna Nuálaíochta (ITN) 4 bliana is ea TEAM (Meabhairshláinte le Cuidiú Teicneolaíochta do Dhaoine Óga) atá á mhaoiniú ag clár Horizon 2020 an Aontais Eorpaigh faoi thionscnamh gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie. Sa phictiúr tá an Dr David Coyle, comhordaitheoir tionscadail TEAM, agus taighdeoir in idirghníomhaíocht daoine le ríomhairí ag Scoil na Ríomheolaíochta UCD.



An tOllamh Joe Carthy
Príomhoide an Choláiste

Déin Chomhlacha

Déan Comhlach na hEolaíochta

An Comhollamh Professor
Tasman Crowe

**An Déan Comhlach don Léann
Idirnáisiúnta (Meiriceá Thuaidh)**
an Dr Jennifer Mitchell

An Déan Comhlach um Leathnú Rannpháirtíochta

An Comhollamh John O'Connor

An Coláiste Eolaíochta

Cúis áthais dom a thuairisciú go raibh 2016/17 rathúil do Choláiste na hEolaíochta UCD. I rith na tréimhse sin, mhéadaíomar ár ngníomhaíochtaí oideachasúla, mheallamar maoiniú toirtiúil taighde agus leanamar de bheith i dteagmháil le comhpháirtithe agus an pobal. Mar shampla, mar chuid dár bhfor-rochtain ar 25 bunscoil DEIS tugadh beagnach 1,500 cuairt ar ár Saotharlann For-rochtana i Kilty do leanaí ón dara go dtí an séú rang.

Teagasc agus Foghlaim

Is é cúrsa ceannais UCD, Eolaíocht DN200, an cúrsa eolaíochta coitianta iontrála is iomaíche sa tír go fóill agus íosleibhéal iontrála de 510 pointe CAO ag teastáil dó. Lena chois sin, is iad Ríomheolaíocht DN21 agus Staidéir Airgeadais DN230 na cúrsaí is iomaíche ina réimsí féin faoi seach. San iomlán, tá an rannpháirtíocht méadaithe ag an gclár Eolaíochta le 20% de mhic léinn ó na bealaí HEAR, DARE, FET/QQI agus mac léinn lánfhásta. Bliain an-rathúil a bhí inti freisin don mhéadú ar mhic léinn nach as an AE dóibh agus méaduithe suntasacha tagtha ag na leibhéil chéime múinte agus fochéime.

Gradaim Teagaisc agus Foghlama

Bhí comhpháirteachas láidir ón gColáiste leis na Scéimeanna nua Gradam Teagaisc agus Foghlama Ollscoile. D'ainmnigh mic léinn agus baill foirne acadúla 116 duine aonair agus foireann le haghaidh gradaim agus astu sin fuarthas sé ghradam Sármhaitheasa Teagaisc agus cúig ghradam Éachta ar son Foghlaim na Mac Léinn, lena n-áirítear:

- **Gradaim Shármhaitheasa Teagaisc Choláiste na hEolaíochta:** An tOllamh Cúnta Tadhg Ó Cróinín, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus Bithleighis; an Comhollamh Emma Sokell, Scoil na Fisice; an tOllamh Cúnta Gavin Stewart, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Sóisialta

UCD; an Comhollamh John O'Connor, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus Bithleighe; an Comhollamh Brian Vohnsen, Scoil na Fisice; agus an Comhollamh Patrick Murphy, Scoil na nEolaíochtaí Matamaitice.

- **Gradaim Éachta ar son Fhoghlaim na Mac Léinn Choláiste na hEolaíochta:** An Dr Anthony Cronin agus Foireann Teagascóireachta an Ionaid Tacaíochta Matamaitice, Scoil na nEolaíochtaí Matamaitice; an tOllamh Cúnta Brett Becker, Scoil na Ríomheolaíochta; an tOllamh Cúnta John Sheekey, Scoil na nEolaíochtaí Matamaitice; an Comhollamh John Quinn, Scoil na Fisice; agus an tOllamh Cúnta Andrew Phillips, Scoil na Ceimice.
- **Chuaigh dhá dhámhachtaí leibhéal coláiste ar aghaidh chun dámhachtainí leibhéal Ollscoile a fháil;** an Comhollamh Emma Sokel agus foireann teagascóireachta an Ionaid Tacaíochta Matamaitice.

Scéim Síolchistithe Fhoghlaim Trí Thaighde

D'éirigh leis an gColáiste roinnt dámhachtainí Síolchistithe d'Fhoghlaim Trí Thaighde a fháil chun tacú le feabhsúcháin churaclaim i dtaca le taighde a leabú sa churaclam fochéime. Bronnadh na dámhachtainí ar cheithre fhoireann Eolaíochta faoi cheannas an Ollaimh Geraldine Butler, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus Bithleighe chun giostaí nuálacha a aithní as comhshaoil na hÉireann; an Dr Michael Casey, Scoil na Ceimice don Fhorbairt ar Shaotharlanna ar Bhonn Fiosraithe sa Cheimic; an Comhollamh Thomas McCormack, Scoil na Fisice as taighde a leabú i saotharlann fisice fhochéimithe an 3ú agus an 4ú bliain; an Dr Tom Wilkinson, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil don Bhitheolaíocht Chomhshaoil sa 21ú céad – ag ullmhú an chéad ghlúin eile de choimeádaithe bithéagsúlachta.

Ba é Ionad Eolaíochta Uí Bhriain UCD an láthair do Léacht Eolaíochta bliantúil Uí Bhriain. Ba é an t-eacnamaí agus an t-epidéimeolaí ceannródaíoch idirnáisiúnta, an tOllamh Ramanan Laxminarayan a thug an léacht faoi ró-úsáid agus drochúsáid cógas frithmhiocróbach i gcúram sláinte daonna agus ainmíoch agus an dóigh a bhfuil sé sin anois ina bhaol don sláinte poiblí domhanda. Sa phictiúr a tógadh ag an léacht tá (c-d) Denis O'Brien, an Dr Jennifer Westrup, Ospidéal an Beacon, an tOllamh Ramanan Laxminarayan, an tOllamh Andrew Deeks, Uachtarán UCD agus an tOllamh Joe Carthy.

Taighde agus Tionchar

Tá an-áthas orm go bhfuil an Coláiste ar thús cadhnaíochta fhorbairt na teicneolaíochta. Tá cead faighte ag foireann de thaighdeoirí atá lonnaithe in Éirinn, baill de Scoil na Fisice UCD san áireamh, ó Gníomhaireacht Spáis na hEorpa chun an chéad shatailít Éireannach a fhorbairt. Cruthaíodh a bheidh ar an satailít seo, í ar chóimhéid le bosca beag bróg agus tógfaidh mic léinn í ag UCD agus Ollscoil na Banríona, Béal Feirste. Ag cuidiú leis na mic léinn beidh acadóirí, cúig chuideachta Éireannacha agus Gníomhaireacht Spáis na hEorpa. Fithiseoidh an tsatailít an domhan, ag bailiú eolais ar fead dhá mhí dhéag nó mar sin, agus déanfar í a bhainistiú agus a rialú ó stáisiún talún i Scoil na Fisice UCD.

I rith 2016/17, lean Coláiste na hEolaíochta de bheith ag mealladh mórmhaoiniú taighde. Tá riar de na tionscadail sin ailínithe le comhshaothair idirdhisciplíneacha agus le Institiúidí Taighde UCD. Áirítear sna tionscadail sin tá:

CONSUS, Barrfheabhsú Barr trí Bhrath, Tuiscint agus Amharcléiriú, ar bronnadh €9,337,055 air ón SFI do Chomhpháirtíocht Straitéiseach le Origin Enterprises plc. Comhoibriocht thrasdisciplíneach é sin ina bhfuil acadóirí ó Choláiste na hEolaíochta, Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte agus Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta. Is iad na himscrúdaitheoirí príomha ná, an tOllamh Gregory O'Hare, Scoil na Ríomheolaíochta UCD, James Burke, Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochtaí Bia UCD, Nicholas Holden, Scoil na hInnealtóireachta Bithchórais agus na hInnealtóireachta Bia UCD, Tahar Kechadi, Scoil na Ríomheolaíochta UCD, Kevin McDonnell, Scoil na hInnealtóireachta Bithchórais agus na hInnealtóireachta Bia UCD agus Fiona Doohan, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Sóisialta.

Sa phictiúr tá cainteoirí a bhí ag TEDxUCD, John Sloan, mac léinn MSc ríomhtheangeolaíochta ag Scoil na Ríomheolaíochta UCD agus Dearbhla Burke, a fiseiteiripeoir cairte agus mac léinn PhD ag Scoil na Sláinte Poiblí Fiseiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt UCD.



Leas-Phríomhoide

Idirnáisiúnta

An tOllamh Jeremy Simpson

An Leas-Phríomhoide um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchair

An tOllamh Fiona Doohan

An Leas-Phríomhoide um Theagasc agus Foghlaim

An Comhollamh Carmel Hensey

Stiúrthóir Scoil na gCéimithe

An Comhollamh Emma Sokell

Tá seacht scoil i gColáiste na hEolaíochta

Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil

Ceannasaí na Scoile

An tOllamh Jeremy Simpson

Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis

Ceannasaí na Scoile

An tOllamh Wim Meijer

Scoil na Ceimice

Ceannasaí na Scoile

An tOllamh Gareth Redmond

Scoil na Ríomheolaíochta

Ceannasaí na Scoile

An tOllamh Pádraig Cunningham

Scoil na nDomhaneolaíochtaí

Ceannasaí na Scoile

An tOllamh Frank McDermott

Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí

Ceannasaí na Scoile

An tOllamh Gary McGuire

Scoil na Fisice

Ceannasaí na Scoile

An tOllamh Martin Grunewald

Ó Mheán Fómhair 2016

ECOSTRUCTURES a fuair €1,174,380 ón CE – Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa. Breathnaíonn Ecostructures ar oiriúnú d'athrú aeráide trí bhonneagar cósta atá fogair ó thaobh éiceolaíochta de. Áirithe leis tá comhoibríocht idir Coláiste na hEolaíochta agus Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta trí ardán Institiúid Domhaneolaíochta UCD. Tá an tionscadal faoi cheannas an Chomhollaimh Tasman Crowe, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Sóisialta, orthu sin atá ar an bhfoireann tá na Dr Jens Carlsson, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Sóisialta, Ciaran McNally, Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta UCD agus John O'Sullivan, Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta UCD.

Bronnadh €3,130,114 ar ACCLIMATE ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa chun tabhairt faoi éifeacht an truaillithe ar uiscí snámha in Éirinn agus sa Bhreatain Bheag. Tá an tionscadal, atá faoi cheannas foirne ó UCD, i gcomhpháirtíocht le hOllscoil Aberystwyth. Is é an tOllamh Wim Meijer, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus an Bithleighis UCD, an comhordaitheoir ar an tionscadal. Ar na hacadóirí UCD eile atá páirteach ann tá an Dr John O'Sullivan, Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta UCD an tOllamh Gregory O'Hare, Scoil na Ríomheolaíochta UCD.

De bhreis ar roinnt tionscadal comhshaoil, fuair riar tionscnamh sa spás sláinte mórmhaoiniú chomh maith. Mar shampla, fuair an tOllamh Ken Dawson, Scoil na Ceimice UCD, €1,656,625 ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa do thionscadal dar teideal 'Celtic Advanced Life Science Innovation Network', CALIN.

I bhFeabhra 2017, fuair an mac-chuideachta OncoMark, a chomhbhunaigh an tOllamh Liam Gallagher, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus an Bithleighis UCD agus Stiúrthóir Institiúid Mhic Con Mí UCD, infheistiú de €2.1 milliún chun tráchtáil a dhéanamh ar tástáil dhiagnóiseach nua d'aile chíche. Tá sé mar aidhm ag an tástáil nochtadh luath do chóireáil neamhéifeachtach agus tocsaineacht gan gá a chosc ar othair aile chíche luathchéime.

Bhí triúr lucht dámh i measc na gcéad dámhachtaithe a fuair an *UCD Wellcome Institutional Strategic Support Fund Mid-Career Stimulus and Diversification Scheme*. Tá sé mar aidhm ag an scéim seo, ar fiú €2.2 milliún í thar cúig bliana, eochairthionscnaimh thaighde a thiomáint i Leigheas Pearsantaithe agus Míochaine Aistritheach, agus OneHealth. Fuair an Comhollamh Orina Belton, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus an Bithleighis UCD agus Institiúid Mhic Con Mí UCD, tacaíocht do thaighde ar fhorbairt straitéisí barrmhaitheasa teiripeacha do chóireáil diaibéitis agus galar cardashoithíoch; fuair an tOllamh Emma Teeling, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta

Comhshaoil UCD agus Institiúid Mhic Con Mí UCD, tacaíocht do thaighde ar úsáid an sciatháin leathair mar shamhail ainmíoch chun soiléiriú a dhéanamh ar na meicníochtaí atá i réisí sláinte níos faide, agus ar an mbunús atá le himdhíonadh nuálach d'fhulaingt galar. Fuair an Comhollamh Margaret McGee, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus an Bithleighis UCD agus Institiúid Mhic Con Mí UCD, tacaíocht do thaighde ar thréithriú cioglaifilíní eachtarcheallacha le linn fáis agus meiteastáise ailse.

Comhshaothar idirdhisciplíneach eile idir trí Choláiste UCD: Fuair Eolaíocht; Eolaíochtaí Sláinte agus Talmhaíochta, agus Eolaíocht Shóisialta agus Dlí dámhachtain de €1,191,744 ó H2020 an Choimisiúin Eorpaigh do thionscadal dar teideal '*Technology Enabled Adolescent Mental Health*', TEAM. Is iad an David Coyle, Scoil na Ríomheolaíochta UCD, an Comhollamh Gary O'Reilly, Scoil na Síceolaíochta UCD agus an tOllamh Brian Caulfield, Scoil na Sláinte Poiblí, Físíteiripe agus na hEolaíochta Spóirt UCD, atá ina n-acadóirí ceannais ar an tionscadal.

Tá an-áthas orm a nótaíl go bhfuair gnóthachtálacha roinnt dár n-acadóirí aitheantas poiblí i rith na bliana acadúla seo, trí dhámhachtainí agus ballraíocht i gcumainn léannta: Fuair an tOllamh Jennifer McElwain, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Sóisialta UCD, aitheantas ó Acadamh Ríoga na hÉireann as na hionchuir mhóra a rinne sí inár dtuiscint ar na gaolmhaireachtaí a bhí idir plandaí agus a dtimpeallacht athraitheach sa stair geolaíoch; rinneadh an tOllamh Emma Teeling, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD, a mbaineann a taighde úsáid as sciatháin leathair mar shamhail chun an bunús bitheolaíoch atá le haosú sláintiúil a nochtadh, a infheistiú mar Chevalier des Palmes Académiques; agus fuair an tOllamh John Walsh, Scoil na nDomhaneolaíochtaí UCD, Bonn gradamach William Smith ón Geological Society of London. Roghnaigh Fiontraíocht Éireann an tOllamh Fiona Doohan, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD, le haghaidh Gradaim Éachta do Cheannaireacht in H2020. Fuair beirt lucht dámh Gradam Fulbright Éireannach: An Dr Aggeliki Georgiopolou, Scoil na nDomhaneolaíochtaí UCD agus an Dr David Lillis, Scoil na Ríomheolaíochta UCD.




An tOllamh Joe Carthy
Príomhoide an Choláiste

4,588 Líon iomlán mic léinn in Éirinn



523 Foireann (FTE)




2,994
Mic léinn fochéime (FTE)

1,593
Mic léinn chéime (FTE)

€29.63m 
Ioncam taighde

590 Oibríochtaí Thar Sáile (Mic Léinn Fochéime FTE)



 Tuairim is = 100 duine

Lonsamhlóir Aeráide, Céim 1, scannán aonchainéil atá comhroinnte mar shaothar ealaíne foinse oscailte – roghnaíodh Ealaíontóir Cónaithe Choláiste na hEolaíochta, Méadhbh O'Connor, chun taispeántas a thabhairt ag an Antarctic Pavilion ag an 57ú La Biennale di Venezia.





An tOllamh Jeffrey Sachs, duine de na príomhshaineolaithe domhanda ar fhorbairt gheilleagrach, ar mhaicreacnamaíocht dhomhanda, agus ar an troid in aghaidh na bochtaineachta, leis an mBonn Ulysses a bhronn UCD air.



An tOllamh Colin Scott
Príomhoide an Choláiste

Déan na nEolaíochtaí Sóisialta
An Dr Sara O'Sullivan

An Leas-Phríomhoide um Thaighde,
Nuálaíocht agus Tionchair
An tOllamh Alun Jones

An Leas-Phríomhoide um Theagasc
agus Foghlaim
An Dr Eilis Hennessy

An Leas-Phríomhoide don
Choraíocht Dhomhanda
An Dr Richard Collins

Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí

Is é UCD an t-ionad is mó in Éirinn do thaighde agus oideachas sna heolaíochtaí sóisialta agus sna disciplíní a bhaineann leo. Tugann Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí tacaíocht dá aon scoil déag chun a spriocanna uaimhianacha a bhaint amach agus chun bláthú an tsochaí a chur chun cinn in Éirinn agus ar fud an domhain trí oideachas, taighde agus comhphárteachas sna heolaíochtaí sóisialta agus sna disciplíní lena mbaineann.

Bhain ár Scoileanna aitheantas idirnáisiúnta den scoth amach nuair a rinne Rangú údarásach Domhanda Ollscoileanna QS UCD a liostú ag uimhir a haon in Éirinn ar fud ár réimsí go léir, geall leis, agus ar cheann de den 100 is fearr ar domhan don Ailtireacht, Staidéir Fhorbartha, Tíreolaíocht, Dlí, Fealsúnaíocht agus Polaitíocht, agus díreach taobh amuigh den 100, ag 111 sa domhan do na hEolaíochtaí Sóisialta.

Ceann de na luaíochtaí a bhaineann le bheith i do Príomhaí ar an gColáiste ná go mbíonn tú ag obair go dlúth le Ceannasaithe Scoileanna, Coláiste agus

comhghleacaithe chun a spriocanna a bhaint amach. Ag UCD, aithnímid go bhfuil an ról mar Cheannasaí Scoile ar de na ról is tábhachtaí agus i dúshlánaí san Ollscoil agus tá an t-ádh orainn go bhfuil grúpa chomh breá sin againn de cheannairí tiomanta agus cumasacha.

Cláir Nua

Tá an t-oideachas sna hEolaíochtaí Sóisialta agus Dlí ag UCD éagsúil, seachtadair é i dtrí mhór-réimse clár

sna hEalaíona, Daonnachtaí agus Eolaíochtaí Sóisialta, Dlí agus Eolaíocht Shóisialta agus le líon mór de chéimeanna teagaisc a chuireann an t-aon Scoil dhéag agus an Coláiste ar fáil. I mbliana, tugadh roinnt clár nua isteach, lena n-áirítear Dlí le Gaeilge ag leibhéal fochéime, agus clár chéime i dTíreolaíocht Dheisceart an Domhain, Rialachas Eorpach (clár dhá bhliain ar fáil i gcomhar le hOllscoil Utrecht), agus Rialachán Gairmiúil (diplóma gairmiúil). Tá an buíon mór de mhic léinn PhD an Choláiste, atá ag méadú go leanúnach, ina chuid lárnach dár ngníomhaíocht oideachasúil agus taighde araon. Faoi cheannaireacht an Leas-Phríomhaí agus Stiúrthóir Scoil na gCéimithe, an tOllamh Enda Murphy, cuireadh bailchríoch i rith na bliana ar threoiríní nua cuimsitheacha don taighde dochtúireachta chun taithí den chaighdeán is airde a chothú do mhic léinn taighde i gcúrsaí struchtúrtha PhD.

Fócas príomha d'obair na bliana ab ea an dearadh ar chlár nua fochéime sna hEolaíochtaí Sóisialta a fuair faomhadh ó Bhord Clár na hOllscoile i rith na bliana. Beidh an clár nua ceithre bliana seo, a ghlacfaidh lena chéad mhic léinn i Meán Fómhair 2018, ar an gclár is mó san Ollscoil agus pleananna déanta do bhreis agus cúig chéad iontrálaí. Cuireann an clár nua béim ar eolas ábhar thar dheich gcinn d'ábhair phríomha agus i gceithre réimse idirdisciplíneacha, mar aon le deiseanna feabhsaithe chun inniúlacht idirchultúrtha a fhorbairt trí staidéar thar lear, forbairt a dhéanamh ar chumarsáid, obair foirne agus scileanna ceannaireachta trí intéirneacht agus gníomhaíochtaí gairmiúla agus cleachtais eile, agus am ar fáil do bhreis gníomhaíochtaí ard-taighde. Déanfaidh an clár nua comhlánú ar mhórchláir aonair reatha agus leanúnacha sa Gheilleagar agus sa Síceolaíocht agus ar an mórchlár BSocSc sa Pholasáí Sóisialta agus Socheolaíocht. Táimidne sa Choláiste faoi chomaoin ag ceannaireacht Dhéan na nEolaíochtaí Sóisialta, an Comhollamh Sara O'Sullivan agus a foireann sa Choláiste agus sna Scoileanna, ag oibriú thar líon de ghrúpaí, a bhfuil na pleananna seo forbartha acu a shaibhroidh na deiseanna d'oideachas na n-eolaíochtaí sóisialta in Éirinn.

Tá neartú leanúnach déanta ag an gColáiste ar a mhodúil agus a chlár idirdisciplíneacha agus is iad a chuir fáil ar cheann amháin den dá Mhodúl Fionnachtana phiolótacha a sheachaid an Ollscoil: 'Spriocanna Forbartha Domhanda' faoi cheannas Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta.

Thíos, ar chlé: Catherine Day, Iar-Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh a thug Léacht bhliantúil Ghearóid Mhic Gearailt 2017 ag UCD ar an ábhar 'Where to After Brexit/Trump? Navigating an Uncertain Future'.

Tá téagar mór i gcáilíocht an teagaisc agus na foghlama sa Choláiste, a bhfuil tacaíocht á fáil ag a fhorbairt ó na stiúrthóirí teagaisc agus foghlama atá i ngach scoil, comhordaithe trí choiste Coláiste faoi cheannas an Leas-Phríomhaí Teagaisc agus Foghlama, Eilis Hennessy. Tá an Coláiste ag tabhairt spreagadh leanúnach d'fhorbairt ghairmiúil an lucht dámh ina róil teagaisc. Faoi Scéim nua Gradam Teagaisc agus Foghlama Ollscoile, bronnadh trí cinn déag de ghradam Coláiste agus cúig ghradam Ollscoile ar bhaill den Choláiste in aitheantas dá dtiomantas, dá nuálaíocht agus dá n-éacht i gcothú na foghlama.

Comhpháirteachas Domhanda

Leis an gcáil láidir idirnáisiúnta atá ag UCD sna heolaíochtaí sóisialta, tá méadú suntasach tagtha ar ár dtarraingteacht mar cheannphointe do mhic léinn thar lear a thagann chugainn do chlár fochéime, ar sheimeastar nó ar mhalairt bliana, nó bliain shóisearach thar lear, agus do chéimeanna máistreachta agus taighde múinte. Tá an comhpháirteachas domhanda sa Choláiste faoi cheannas an Leas-Phríomhaí, Richard Collins, atá ina chathaoirleach ar choiste an Choláiste agus a bhfuil ionchur aige freisin i bpolasaí agus i ngníomhaíochtaí na hOllscoile ar roinnt bealaí. D'fhreastail Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew Deeks, mar chomóradh ar an aitheantas atá tugtha ag Comhairle Bharra na hIndia do na céimeanna dlí i UCD, rud a léiríonn an t-ardchaighdeán atá ag an oideachas dlí ag UCD agus is ardán é chun aitheantas níos forleithne a bheith ag táirgí oideachasúla ar gColáiste san India.

Taighde

Le fada, tá an Coláiste ar thús cadhnaíochta an taighde agus an oideachais sna heolaíochtaí iompraíochta trí ghníomhaíochtaí na Scoileanna Eacnamaíochta agus Síceolaíochta. Thógamar céim mhór chun tosaigh chun breis forbartha a dhéanamh sna réimsí sin le ceapadh an Ollaimh Liam Delaney mar Ollamh AIB le hEacnamaíocht Iompraíochta. Tá grúpa taighdeoirí curtha le chéile go gasta ag an Ollamh Delaney, ag obair go dlúth le hInstitiúid Uí Ghadhra UCD agus tugaim aitheantas don ionchur mór atá déanta ag AIB plc, Scoil na hEacnamaíochta UCD, Institiúid Uí

Thíos, ar dheis: Manan Kumar Mishra, Abhcóide Sinsearach agus Cathaoirleach Chomhairle Bharra na hIndia agus Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew J Deeks a chomhshínigh Litir Intinne a thugann aitheantas foirmiúil don chreidiúnú ó Chomhairle Bharra na hIndia do na clár dhlí atá ag Scoil Dlí Sutherland UCD.



Stiúrthóir Scoil na gCéimithe agus an Leas-Phríomhoide do Staidéir Iarchéime

An Dr Enda Murphy

Aon scoil déag atá i gColáiste na hEolaíochta UCD

Scoil na Seandálaíochta UCD

Ceannasaí na Scoile

An Comhollamh Graeme Warren

Scoil na hEacnamaíochta UCD

Ceannasaí na Scoile

An tOllamh Karl Whelan

Scoil an Oideachais UCD

Ceannasaí na Scoile

An tOllamh Dymrna Devine

Scoil na Tíreolaíochta UCD

Ceannasaí na Scoile

An Comhollamh Gerald Mills

Scoil an Léinn Eolais agus Cumarsáide UCD

Ceannasaí na Scoile

An Dr Kalpana Shankar

Scoil an Dlí UCD

Ceannasaí na Scoile

An tOllamh Joseph McMahon

Scoil na Fealsúnachta UCD

Ceannasaí na Scoile

An tOllamh James O'Shea

Scoil na Polaitíochta & Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD

Ceannasaí na Scoile

An tOllamh David Farrell

Scoil na Síceolaíochta UCD

Ceannasaí na Scoile

An Dr Alan Carr

Scoil an Pholasáí Shóisialta, na hOibre Sóisialta agus na Córa Sóisialta UCD

Ceannasaí na Scoile

An Dr Michelle Norris

Scoil na Socheolaíochta UCD

Ceannasaí na Scoile

An Dr Diane Payne

Ó Mheán Fómhair 2016

Ar dheis: Linda Senden, Scoil Dlí Ollscoil Utrecht ; Colin Scott, Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí UCD; Annetje Ottow, Dámh an Dlí, An Gheilleagair agus Rialachais in Ollscoil Utrecht; Sebastiaan Princen, Scoil an Rialachais in Ollscoil Utrecht. Áirítear sa chomhoibriú atá idir UCD agus Ollscoil Utrecht céim nua máistreachta dúbailte dhá bhliain sa Rialachas Eorpach a scrúdaíonn na hábhair is mó inné don Eoraip san am i láthair.

Ar dheis ar fad: Toghadh an tOllamh Aidan O'Sullivan, Scoil na Seandálaíochta UCD, ina bhall d'Acadamh Ríoga na hÉireann mar thaighdeoir ceannródaíoch ar sheandálaíocht thús na meánaoise in Éirinn. Tá an tOllamh O'Sullivan ina Stiúrthóir ar Ionad na Seandálaíochta Turgnamhaí agus an Chultúir Ábhartha UCD ceann de na saoráidí ar champas ollscoile sa domhan atá deartha agus tiomanta go hiomlán don léann seandálaíochta turgnamhaí agus don chultúr ábhartha.

Ghadhra UCD do Pholasáí Poiblí agus Taighde UCD chun an tionscadal seo a thabhairt chun críche. Chomh maith le saotharlann eacnamaíochta iompraíochta a bhunú, tá Liam i gceannas freisin ar fhorbairt cláir Mháistreachta sa réimse atá nuálach agus idirdhisciplíneach, agus a bhfuil a thábhacht ag dul i méid don pholasáí sóisialta agus poiblí thar líon de réimsí difriúla.

Le bunú déchéime Máistreachta i Rialacha Eorpach i gcomhar le comhghleacaithe in Ollscoil Utrecht san Ísiltír, tá ardán curtha ar fáil do bhreis comhoibríthe i dtaca le taighde. Bhí an-áthas orainn óstáil a dhéanamh ar chomhchruinniú taighde ag UCD le Déan Dhámh an Dlí, na hEacnamaíochta agus an Rialachais agus comhghleacaithe as Ollscoil Utrecht chun fiosrú a dhéanamh faoin ionchas do chomhoibríú thar réimsí ar nós imirce, cearta daonna agus eolaíochtaí sóisialta turgnamhacha agus iompraíochta, agus táimid ag tnúth le tuilleadh méadaithe agus treisithe a dhéanamh ar an gcomhpháirteachas.

Tógann taighde am agus cosnaíonn sé airgead, agus tá mé an-bhródúil as intleachtacht agus tiomantas a bhíonn ag comhghleacaithe chun maoiniú a fháil ón taobh amuigh dá dtaighde, agus dá thoradh sin tháinig méadú beagnach 25% ar a luach in 2016/17 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Cuireann an maoiniú seo go mór freisin leis an oiliúint ar an gcéad ghlúin eile de thaighdeoirí trí oiliúint PhD agus iardhochtúireachta. Bhí sé sásúil fás de bheagnach 20% a fheiceáil sna deontais a bronnadh, agus áiríthe ar na príomhghaoinitheoirí bhí Comhairle Taighde na hÉireann, An Coimisiún Eorpach, *Concern Worldwide*, Suirbhé Geolaíochta na hÉireann, Comhairle Taighde na hIorua, An Bord um Thaighde Sláinte agus Seirbhís Príosún na hÉireann. Tá ionadaíocht an Choláiste thar a bheith láidir i measc ghradam Comhairle Taighde na hÉireann do staidéar dochtúireachta agus taighde iardhochtúireachta.

Comhpháirteachas

Tá sé rithábachtach do thaighdeoirí sna heolaíochtaí sóisialta agus disciplíní gaolmhara dul i dteagmháil le saolta an pholasáí agus an chleachtais agus le heagraíochtaí in earnálacha poiblí, tionscail agus NGO. Ceann de na príomhdhátáí atá i bhféilire UCD is ea Scoil agus léacht Ghearóid Mhic Gearailt UCD. Bhí cur i láthair ó cheithre dhisciplín dhifriúla in imeacht

na bliana seo (Eacnamaíocht, Dlí, Polaitíocht agus Socheolaíocht) i dtaca leis na dúshláin a bhaineann le Brexit agus rialtas Trump. Tar éis an tseimineáir, bhí léacht againn ó chéimí de chuir UCD, Catherine Day, Iar-Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh faoin téama céanna.

Tá ceannasaíocht ar leith glactha ag an Leas-Phríomhaí um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchair sa Choláiste, an tOllamh Alun Jones, ar inniúlacht an Choláiste a mhéadú chun tionchar a léiriú trí chás-staidéir a chur ar fáil. I rith na bliana, chuir an Coláiste foilseachán ar fáil dar teideal 'Towards the Good Society', ag aibhsiú scéil taighde amháin as gach scoil. Chuir roinnt taighdeoirí sa Choláiste isteach ar an gcéad Chomórtas do Chás-Staidéir ar Thionchar Taighde agus bhí ríméad orm gurbh í an tOllamh Michelle Norris, Ceannasaí Scoil an Pholasáí Shóisialta, na hOibre Sóisialta agus na Córa Sóisialta UCD an buaiteoir foriomlán as a tionscadal dar teideal '*Funding Social Housing for Low-Income Households after Ireland's Economic Crisis*'.

Tá rath leanúnach ar Chlár Ealaíontóra Cónaithe an Choláiste atá faoi cheannas an Dr Alice Feldman, Scoil na Socheolaíochta UCD, agus Emer O'Boyle, *Parity Studios*. Chuireamar fáil roimh an ealaíontóir nua, Sarah Browne, atá ag dul do théamaí an dlí, an comhionannais agus an chirt le thaighdeoirí ar fud an Choláiste.


A Tá cuid lárnach de thionchar an Choláiste ar fáil trína chéimithe agus bhí ríméad orainn aitheantas a thabhairt ag Gradaim Chéimithe UCD d'ionchur Aideen Hayden, a fuair a céim PhD le gairid ó Scoil an Pholasáí Shóisialta, na hOibre Sóisialta agus na Córa Sóisialta agus Ben Cleary, céimí Gnó agus Dlí a bhuaigh Oscar le gairid as a ghearrscannán, *Stutterer*. Bainimid an-sásamh as teagmháil a dhéanamh lenár gcéimithe, ag imeachtaí teacht le chéile a reáchtálar do chéimithe iubhaile óir agus rúibín thar na hEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí, ag imeachtaí céimithe Dlí gach bliain, agus trí scéim mheantóireachta na gcéimithe, a bhfuil tairbhe faighte aici ó ionchur céimithe seandálaíochta agus polaitíocht atá ag obair le mic léinn reatha.



Professor Colin Scott
Príomhoide an Choláiste




5,341 Líon iomlán mic léinn in Éirinn



148 Oibríochtaí Thar Sáile (Mic Léinn Fochéime FTE)




289 Foireann (FTE)



3,542 Mic léinn fochéime (FTE)

1,799 Mic léinn chéime (FTE)

 Tuairim is = 100 duine

€6.55m 
Ioncam taighde



Thuas: D'éirigh le Damhsóirí Strictly de bhunadh UCD €24,000 a bhailiú a rachaidh chun sochair ar charthanachtaí éagsúla. Roinnt de na damhsóirí (ó chlé go deas) An tOllamh Colin Scott, Leas-Uachtarán EDI; Meabh MacCarthy, Self Help Africa; An tOllamh Joe Carthy, Príomhoide Choláiste na hEolaíochta UCD agus Emily Lyons, Saorálaithe Thar Lear UCD (UCDVO).



An tOllamh Colin Scott
Leas-Uachtarán an
Chomhionannais,
Éagsúlachta agus
Cuimsithe

Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Mar Ollscoil, tuigimid go maith na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le comhionannas, le héagsúlacht agus le cuimsiú (EDI).

I measc na ndúshlán atá romhainn amach ná deireadh a chur le constaicí an chomhionannais atá ann do bhail dár bpobal, fostaithe agus mic léinn araon. Is féidir le gnásanna agus le modhanna na n-eagraíochtaí móra constaicí a chruthú do chomhionannas fiú nuair atá sé ar chumas na n-eagraíochtaí sin deireadh a chur le leithcheal réamhbheartaithe atá ceangailte le tréithe nach bhfuil baint acu le hábaltacht staidéir ná le hobair a thabhairt chun críche. Is acmhainn ollmhór í an éagsúlacht do UCD atá tiomanta do dhul chun cinn na heagna, do chothú na foghlama, agus do rannpháirtíocht le saol na cathrach, Baile Átha Cliath, ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta. Éilíonn

dul chun cinn an chomhionannais agus ceiliúradh na héagsúlachta ar an Ollscoil athbhreithniú agus athnuachan a dhéanamh ar dhúthracht na hOllscoile le timpeallacht chuimsitheach a chruthú inár féidir barr feabhais a bhaint amach.

I rith na bliana seo caite, tá UCD ag tabhairt faoi bheartais ionas go mbeadh meanma an chuimsithe sa dúchas againn ar ár gcampas. I measc na mbeartas a cuireadh i bhfeidhm ná Measúnacht Tionchair ar Chomhionannas a éilíonn measúnú a dhéanamh ar pholasaithe lárnacha atá á gcur faoi bhráid Foireann Bhainistíochta na hOllscoile (UMT) le cinntiú nach ndéanadh siad leatrom

// Is acmhainn ollmhór í an éagsúlacht do UCD atá tiomanta do dhul chun cinn na heagna, do chothú na foghlama, agus do rannpháirtíocht le saol na cathrach, Baile Átha Cliath, ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta //

ná leithcheal ar aon cheann de na deich n-aicme atá faoi choimirce na hOllscoile. Ach de réir mar a théann muid ar aghaidh, táimid ag iarraidh níos mó ná sin a dhéanamh ionas go bhfeicfead go rachaidh na polasaithe nua seo chun sochair ar chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú. Déanann na polasaithe seo, idir nua agus athbhreithnithe neartú ar inniúlacht na hOllscoile le dul i ngleic lenár gcuid dúshlán. Déanann na leasuithe a rinneadh ar Pholasáí agus Mhodhanna Um Mheas agus Dínit treisiú ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag an Ollscoil le cinniú nach gcuirfead suas le tromaíocht, le bulaíocht ná le ciapadh gnéasach. Cuireann an Polasáí agus Modhanna um Fhéiniúlacht Inscne iallach ar an Ollscoil beartais éifeachtacha a chur i bhfeidhm chun meanma an chuimsithe a chothú. Cuireann bun uaireanta agus ionadaíocht na hinscne ar chomhlachtaí cinnteoireachta dúshraith síos i leith athruithe suntasacha i ngnásanna agus i modhanna atá lárnach do ghnóthaí na hOllscoile. Anuas air sin, thug muid tacaíocht nach beag d'iliomad imeachtaí agus seimíneáir a chuidigh le foghlaim agus le meanma an chuimsithe.

Tá sé de dhualgas ar gach ball dár bpobal spriocanna agus gníomhachtaí a chomhlíonadh chun comhionannas a chur chun cinn, chun comóradh a dhéanamh ar éagsúlacht agus chun meanma an chuimsithe a chothú.

Tá Foireann Bhainistíochta na hOllscoile um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú, agus foghrúpaí dá chuid ar thús cadhnaíochta maidir le cumarsáid agus imeachtaí; sonraí; míchumas; éagsúlacht eitneach; comhionannas inscne; LGBTI; agus le méadú na rannpháirtíochta ó mhic léinn atá faoi imeall. Bíonn an Coiste ar Leathnú Rannpháirtíochta, faoi stiúir ag an Ollamh Grace Mulcahy, ag obair as lámh leis an Ionad don Rochtain agus don Foghlaim ar feadh an tSaoil UCD, faoi stiúir ag an Doctúir Anna Kelly. Díritear aird an Choiste ar earcaíocht na mac léinn, dá bhfuil 30% forchéimnithe ó ghrúpaí atá faoi imeall (Socheacnamaíoch, mic léinn atá faoi mhíchumas agus mic léinn lánfhásta- féach Tábla 1).

// Tá sé de dhualgas ar gach ball dár bpobal spriocanna agus gníomhachtaí a chomhlíonadh chun comhionannas a chur chun cinn, chun comóradh a dhéanamh ar éagsúlacht agus chun meanma an chuimsithe a chothú //

Tábla 1: Rannpháirtíocht ó ghrúpaí atá faoi imeall in Oideachas Fochéimithe in UCD (% de réir Coláistí)

1 Márta na bliana acadúla	2013/14	2014/15	2015/16	2016/17
Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí	33%	35%	31%	30%
An Coláiste Gnó	26%	26%	30%	29%
Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta	18%	17%	19%	17%
Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte	24%	24%	27%	28%
Coláiste na hEolaíochta	24%	28%	27%	29%
Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí	31%	34%	35%	28%
An Leas-Uachtarán do Chaidreamh Domhanda				
Iomlán	26.8%	27.9%	28.5%	29.1%

Tábla 2: Staitisticí ar Ardú Céime Foirne Meán Fómhair 2016 – Lúnasa 2017

Ardú Céime go:	Líon na n-larratas				Ardú Céime				*Spriocanna do leagan Cascade 2016/17*
	B	F	Iomlán	% B	B	F	Iomlán	% B	
Ollamh Comhlach	22	22	24	50%	18	14	32	56%	50.32%
Ollamh	7	16	23	30%	7	9	16	44%	37.25%
Lán-Ollamh	4	6	10	40%	3	6	9	33%	29.63%
Iomlán	33	44	77	43%	28	29	57	49%	

*Tá na spriocann seo bunaithe ar leagan Cascade .i. ceadatán na mban atá incháilithe d'ardú céime ag gach grád ag 31 Lúnasa 2016.

Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Bronnadh gradam Cré-umha Athena SWAN ar UCD i mí an Mhárta 2017 as an tuiscint agus as na tionscnaimh atá ag an Ollscoil i leith comhionannas inscne. Léiriú is ea an gradam seo don tiomantas agus don dúthracht atá ag an Ghrúpa Gníomhaíochta Um Chomhionannas Inscne, atá faoi stiúir an Leas-Uachtaráin do Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar, an tOllamh Orla Feely.

Táimid faoin chomaoin ag Marcellina Fogarty, Bainisteoir Ollscoile do Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú agus ag Rory Carey, Cultúr agus Caidreamh, Acmhainní Daonna UCD mar gheall ar an dua agus an saothar atá caite acu i mbun oibre ar mhaithe le forbairt agus le cur i bhfeidhm na gcuspóir maidir leis an gclár EDI. Ní ímíonn sé orm an iliomad rannpháirtithe atá ag obair chun forbairt a dhéanamh ar an EDI agus ar chomhpháirtíochta dá chuid agus mar sin, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leo.

Is eispéreas an-tairbheach é cathaoirleacht a dhéanamh ar UMT Grúpa Um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú. Mar Leas-Uachtarán Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe, bhí mé breá toilteanach an ról seo a bheith faoi mo chúram mar méadaíonn sé caihdeáin na ngníomhachtaí EDI ar champas agus méadaíonn sé an rannpháirtíocht sheachtrach le gníomhaíochtaí rialtais agus poiblí, le tionscal agus eagraíochtaí neamhrialtasacha (NGOanna) agus, ar bhonn idirnáisiúnta déanann sé cinntiú go dtugtar tús áite do Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú. Chan amháin go dtaispeánann sé tacaíocht nach beag ón Uachtarán agus ón UMT go fada leiththeadach ar an champas, ach taispeánann sé an tacaíocht atá riachtanach le spriocanna na hOllscoile a bhaint amach.



An tOllamh Colin Scott
An Leas-Uachtarán Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe

Príomhoide na hOllscoile, an tOllamh Andrew Deeks ag bronnadh cóipe de Bhliainiris an Chomhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe don Taoiseach Leo Varadkar TD (an tAire Coimirce Sóisialaí san am).



Beartas Forbartha

Féiniúlacht agus Léiriú Inscne

Forbraíodh Polasaí maidir le Féiniúlacht agus Léiriú Inscne chun tacaíocht a thabhairt do gach ball den Ollscoil barr feabhais a bhaint amach, beag beann ar fhéiniúlacht inscne, agus chun urraim a thabhairt do na féiniúlachtaí agus léirithe éagsúla atá ann maidir le hinscne. Leag an Grúpa Oibre Um Féiniúlacht agus Léiriú Inscne polasaí amach tar éis diantaghaigh a dhéanamh le mic léinn, fostaithe agus le sainghrúpaí ar nós TENI (Líonra na hÉireann Um Chomhionannas Trasinscne). As toradh an pholasaí seo, beidh comharthaí taobh istigh agus taobh amuigh de na leithris ar fud na hOllscoile, beidh oiliúint á cur ar fáil maidir le Féiniúlacht agus Léiriú Inscne, agus beidh leasaithe le feiceáil i gcáipéisí dár gcuid le cuimsiú a dheimhniú. Seolfar an polasaí seo san Fhómhar le ceiliúradh a dhéanamh ar fhorbairt an pholasaí agus le poiblíocht a thabhairt dó.

Saoire Atharthachta

Tháinig Beartas Um Saoire Atharthachta chun cinn tar éis Acht Sochar agus Saoire Atharthachta 2016. Bunaithe ar an Reachtaíocht seo, bhí fairsingiú chun tacaíochta do chúramóirí, a ligfeadh do fhostaithe am saor a ghlacadh óna gcuid oibre roimh bhreith nó uchtú a linbh féin, nó leanbh an pháirtí. Tá an tSaoire Atharthachta seo á cur ar fáil ag UCD mar chuid de chnuasach tionscadal atá dírithe ar an teaghlach agus a thabharfaidh tacaíocht le comhchuid chothrom na ndualgas. Mar chuid den tiomantas atá againn do Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú, méadófar sochair atharthachta an Stáit go lán tuarastal do dhaoine atá ina theideal.

Cothromaíocht Inscne ar Choistí

Tugadh isteach an Beartas Um Choithromaíocht Inscne ar Choistí faoi raon an Plean Gníomhaíochta maidir le Comhionannas Inscne le go mbeadh iallach ar choistí sprioc 40% den inscne atá faoi imeall a bhaint amach. Tá UCD tiomanta do thimpeallacht oibre a chruthú ionas go mbeadh deis chothrom ag gach ball an phobail a bheith páirteach sa phróiseas cinnteoireachta. Déanann spriocanna i leith coithromaíocht inscne deimhniú go mbunófaí cinntí ar an saineolas agus ar an ionchur is leithne atá ar fáil.

Bun-Uaireanta do Chruinnithe

Faoi Bheartas Bun-Uaireanta do Chruinnithe, a bunaíodh mar chuid den Plean Gníomhaíochta Um Chomhionannas Inscne Athena SWAN, tá ceanglas ar an Ollscoil seimineáir, ceardlanna agus cruinnithe (Coláistí agus Scoileanna araon) ina bhfuil fáilte nó iallach ar bhaill foirne a bheith i láthair, a reáchtáil idir 9.30am agus 4pm. Is beartas é seo chun timpeallacht fhóinteach a chruthú agus meanma pobail a chothú do theaghlach atá ag obair.

Dínit agus Meas

Rinneadh an beartas seo a fhorbairt chun tacaíocht a thabhairt le cultúr dínite agus measa, agus chun feabhas a chur ar na soláthairtí má thagann ceist chun solais (Féach Cuid 5.3.1 thíos).



Scoil Ghnó Smurfit bialann agus spáis ar leithligh.



Gerry O'Brien
Spáranáí

Forbairt Airgeadais agus Chaipitil

Sa bhliain 2016/17, leanadh den dul chun cinn a bhí déanta ag an Ollscoil le blianta beaga anuas agus barrachas de €0.55 milliún ginte ag a gníomhaíochtaí a bhí croí-mhaoinithe ag an tÚdarás um Ard-Oideachas, in ainneoin roinnt dúshlán airgeadais atá fós le theacht, na héiginnteachtaí a bhaineann leis an maoiniú athfhillteach rialtais ach go háirithe.

Maoiniú Stáit/Tuairisc an tSainghrúpa um Mhaoiniú Todhchaí san Ardoideachas

Is é an dúshlán airgeadais atá fós le réiteach ag an Ollscoil ná gannmhaoiniú na hearnála agus, dá thoradh sin, an brú atá ar inbhuanaitheacht oibríochtaí agus ar bhonneagar de réir mar atá líon na mac léinn ag dul i méid. Idir 2007/08 agus 2015, cuireadh laghduithe leanúnacha maoinithe stáit i bhfeidhm ar an ardoideachas in ainneoin an

t-éileamh a bheith ardaithe. Ach sin ráite, d'éirigh le UCD leanúint den dul chun cinn i dtaca lena chuspóirí straitéiseacha a bhaint amach agus fanacht laistigh den bhuiséad i rith na tréimhse, bíodh go raibh an cóimheas mac léinn:baill foirne, seirbhísí do mhic léinn agus bonneagar an champais thíos leis.

In 2016, den chéad uair ó bhí an ghéarchéim gheilleagrach ann, cuireadh stop leis na laghduithe athfhillteacha deontas a bhí ina ghné den chóras ó 2008, agus in 2017 tugadh maoiniú breise, ina raibh €33 milliún san iomlán, d'earnáil an ardoideachais. Ach sin ráite, bhí formhór an mhaoinithe dírithe ar chuspóirí ainmnithe, agus measann an IUA nach bhfuil maoiniú faighte ag earnáil na hollscoile ach do circa 50% de chostas na n-íocaíochtaí faoi Chomhaontú Bhóthar Lansdún in 2017. Tá inní fós ann faoin inbhuanaitheacht airgeadais go fadtéarmach agus caithfear díriú go práinneach ar an ngá atá le infheistíocht bhonneagair.

// Tá inní fós ann faoin inbhuanaitheacht airgeadais go fadtéarmach agus caithfear díriú go práinneach ar an ngá atá le infheistíocht bhonneagair //

// An príomh-mholadh a bhí ann go gcaithfidh Éire méadú suntasach a chur ar leibhéal na hinfheistíochta san ardoideachas chun a chinntiú go bhféadfaidh an córas cloí go hiomlán lena ról mar thaca don fhorbairt náisiúnta eacnamaíochta agus sóisialta //

Foilsíodh Tuairisc an tSainghrúpa um Mhaoiniú Todhchaí san Ardoideachas i mí Iúil 2016. An príomh-mholadh a bhí ann go gcaithfidh Éire méadú suntasach a chur ar leibhéal na hinfheistíochta san ardoideachas chun a chinntiú go bhféadfaidh an córas cloí go hiomlán lena ról mar thaca don fhorbairt náisiúnta eacnamaíochta agus sóisialta. Aithníonn an tuarascáil trí rogha ionchasacha maoinithe; i.e. córas a bheidh maoinithe ag an stát go príomha; méadú ar mhaoiniú an stáit agus leanúint le táillí ar mhic léinn; nó méadú ar mhaoiniú an stáit i gcomhar le hÍocaíocht iarchurtha táillí trí iasachtaí ioncam-theagmhachas.

Mheas an Sainghrúpa go mbeidh gá ag an earnáil ardoideachais le maoiniú breise bliantúil de €600 milliún faoi 2021 agus de €1 billiún faoi 2030 chun torthaí ardcháilíochta a sheachadadh agus chun soláthar a dhéanamh do déimeagrafaic ardaithe na mac léinn. Leis sin chuirfí feabhas ar an gcóimheas mac léinn: baill foirne, bheadh comhphárteachas níos fearr leis na mic léinn, agus chuirfí feabhas ar na seirbhísí tacaíochta don lucht dáimh agus do na mic léinn. Rinne an Grúpa éileamh freisin ar athbhreithniú práinneach ar an gclár caipitiúil tógála agus mheas sé go bhfuil gá le hinfheistíocht chaipitil de €5.5 billiún thar na 15 bliana seo romhainn chun déileáil mar is cóir leis an líon méadaithe mac léinn, uasghrádaithe caipitil, cúinsí sláinte agus sábháilteachta, athnuachan trealaimh agus cothabháil leanúnach. Lena chois sin, mhol sé go gcuirfí €100 milliún ar fáil in aghaidh na bliana chun córas níos éifeachtaí a chur ar fáil i dtaca le cabhair airgeadais do mhic léinn.

Scoil Ghnó Smurfit toglann agus bialann.



Tar éis fhoilsiú na tuairisce, glactar i gcoitinne leis go bhfuil gá le maoiniú breise earnála, agus a lán díospóireachta déanta faoi na buntáistí gaolmhara atá sna roghanna a bhí molta, ach níl aon chinneadh déanta go fóill maidir le foinsé an mhaoinithe seo.

Is beag atá curtha ar fáil ag an mBuiséad Stáitchiste 2018 i bhfoirm maoinithe bhreise d'earnáil na hollscoile ach go ndearbhaíonn sé go bhfuil deireadh le ré na gciorroithe. Cuirtear fáilte roimh an soláthar de €17 milliún don earnáil ardoideachais chun freastal ar an méadú ar líon na mac léinn déimeagrafach. Lena chois sin, is cosúil go bhfuil foráil déanta do bhreis caiteachais atá dlite faoi Chomhaontú Bhóthar Lansdún d'aischur na leibhéal pá, cé nach bhfuil sé soiléir ag an am seo an mbeidh na costais iomlána bhreise clúdaithe.

Athbhreithniú ar an tSamhail Leithdháilte chun Institiúidí Ardoideachais a Mhaoiniú

Tar éis na blianta de ghanninfheistíocht agus líon na mac léinn ag ardú, tá an Rialtas le tabhairt faoi athbhreithniú ar cháilíocht an chórais oideachais tríd leibhéal. Tagann an t-athbhreithniú agus na hollscoileanna ag fanacht le cinneadh faoi shamhail mhaoinithe nua don earnáil, tar éis éilimh a theacht ó lucht dáimh, baill foirne agus mic léinn araon, a bhfuil a n-ímní curtha in iúl acu le blianta beaga anuas faoin meath mór atá tagtha ar mhaoiniú an stáit d'institiúidí tríd leibhéal agus de réir a chéile tá an Rialtas ag díriú ar an tsamhail mhaoinithe d'ollscoileanna na hÉireann.

Tá na nithe a fuair an Sainghrúpa amach á gcur san áireamh ag an tÚdarás um Ard-Oideachas in athbhreithniú ar an tsamhail leithdháilte chun institiúidí ardoideachais a mhaoiniú agus, tar éis próiseas comhairliúcháin, táthar ag súil go seolfar samhail mhaoinithe nua i ndeireadh 2017. Ina aighneacht chuig an Údarás um Ard-Oideachas, thug UCD tacaíocht láidir do chur chuige ilbhliantúil chun pleanáil a éascú agus cinnteacht fhadtéarmach a cheadú, agus moladh freisin nár mhór do shamhail leasaithe gach ciste do theagasc a áireamh nuair a bheifí ag cur ualachán i bhfeidhm, chun léiriú a thabhairt ar chostais ghaolmhara na leibhéal éagsúil disciplíní agus clár.

Táimid dóchasach go mbeidh coigeartú ar na leithdháilte bliantúla áirithe sa tsamhail leithdháilte leasaithe chun ualachán a bheidh bunaithe go hiomlán ar dhisciplíní a chur i bhfeidhm ar gach ioncam teagasc, chun leasa UCD, cé gur dócha go mbeidh an feidhmiú céimnithe thar roinnt blianta. Ach sin ráite, ní féidir le coigeartuithe ar an tsamhail leithdháilte a bheith éifeachtach ach amháin má dhéantar é mar chuid den mhéadú suntasach ar mhaoiniú a bhfuil gá leis mar atá molta ag an Sainghrúpa.

Pleanáil agus Buiséadú Straitéiseach Scoileanna

Rinne na Scoileanna agus na haonaid tacaíochta nuashonrú ar a bpleananna cúig bliana in 2017 taobh lena bpleananna straitéiseach mar chuid den timthriall bliantúil pleanála airgeadais. Ach sin ráite, fadhb shuntasach leanúnach atá ann go fóill d'aonaid agus iad ag ullmhú a bpleananna airgeadais is ea an éiginnteacht maidir le leibhéal agus nádúr an mhaoinithe stáit.

Tá Oifig an Sparánaí ag cuidiú le Coláistí agus Scoileanna aonair chun pleananna airgeadais cúig bliana a fhorbairt a bheidh ag ailíniú go ginearálta le spriocanna straitéiseacha na hOllscoile agus chun radharc ilbhliantúil a chur ar fáil de na gníomhaíochtaí atá pleanáilte ag gach aonad mar aon lena riachtanais acmhainní.



Na spáis chónaithe fheabhsaithe atá molta mar chuid den mháistirphlean cónaithe.

Ag teacht le polasaí d'fhorbairt cinnteoireachta ag leibhéal áitiúil nuair is cuí, tá freagracht bhreise airgeadais anois ar gach Ceann Scoile laistigh de spriocanna aontaithe. Leanfar den chomhoibriú dlúth leis an bpobal acadúil chun treocht na Scoileanna agus na gColáistí a fhorbairt ar bhonn inbhuanaithe.

Scéimeanna Dreasa

Ba é 2016/17 an tríú bliain den tsamhail bhuiséadaithe fheidhmíocht-bhunaithe trína ndéantar breis acmhainní a leithdháileadh ar bhunús foirmeach idir an Scoil agus an Coláiste atá ag cruthú an ioncain bhreise, agus an Ollscoil. Anuraidh, méadaíodh an tsamhail chun ioncam táillí ó fhochéimithe AE a chur san áireamh, mar léiriú ar thábhacht na príomhghníomhaíochta seo agus chun a chinntiú go gcuirtear acmhainní ar fáil dó go cothrom taobh le gníomhaíochtaí céimithe agus daoine nach as an AE dóibh. Leis an ioncam breise atáthar a dháileadh ar Scoileanna cuireann sé ar gcumas breis smachta a bheith acu ar an gcuid airgeadais, ach tá sé sin an-teoranta i gcomparáid leis an maoiniú stáit atá tarraingthe siar le blianta beaga anuas agus níl aon bhealach gur ionadú atá ann ar dhóthain maoinithe a thabhairt ar ais.

Comhsheasmhach le Straitéis Chomhphárteachais Dhomhanda UCD, tá méadú láidir leanúnach ar an ioncam táillí ó mhic léinn idirnáisiúnta, agus baintear úsáid as scoláireachtaí táillí chun cruatan a laghdú agus freisin mar uirlis mhargaíochta. Tá cead ag na Scoileanna sciar den ghlanioncam táillí a choinneáil, tar éis lamháil do scoláireachtaí agus coimisiúin.

// Leis an ioncam breise atáthar a dháileadh ar Scoileanna cuireann sé ar gcumas breis smachta a bheith acu ar an gcuid airgeadais, ach tá sé sin an-teoranta i gcomparáid leis an maoiniú stáit atá tarraingthe siar le blianta beaga anuas agus níl aon bhealach gur ionadú atá ann ar dhóthain maoinithe a thabhairt ar ais //

Dúshlán don Ollscoil ina hiomláine is ea an gá atá le straitéis agus bearta a fheidhmiú, go háirithe tionscnaimh a ghineann barrachas ioncain agus a shábhálann costais, agus táthar ag díriú air sin tríd an obair leanúnach atá ar siúl ag Coiste Airgeadais, Íocaíochtaí agus Bainistíocht Sócmhainní na hOllscoile.

Córas Pleanála agus Buiséadaithe

Tá córas nua Oracle faighte ag an Ollscoil le gairid do phleanáil agus buiséadú, chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar cháilíocht a próisis bhuiséid bhliantúil, chun feabhas a chur ar réamhaisnéisiú agus ar thuairiscí rialta agus chun ardán a chur ar fáil do bhreis feabhsúchán i ngníomhaíochtaí airgeadais eile.

Beidh príomhghnéithe an chórais i bhfeidhm go luath i mbliain airgeadais 2017/18, agus táimid ag súil le tuilleadh feabhsúchán do thimthriallacha bliantúla buiséid ina dhiaidh sin.

Soláthar

Tá trasfhoirmiú suntasach tagtha ar chleachtais soláthair san earnáil phoiblí le roinnt blianta anuas. Bunaíodh an Oifig um Sholáthar Rialtais in 2013 d'fhonn bainistiú a dhéanamh ar an gcaiteachas straitéiseach iomlán ar cheannacháin choitianta i gcomhlachtaí na hearnála poiblí, ollscoileanna san áireamh. Tá an t-athchóiriú ar an soláthar poiblí ar cheann de na mórthionscadail a bhfuil tábhacht lárnach straitéiseach leo i bplean an rialtais d'athchóiriú na seirbhíse poiblí.

Cé go bhfuil Oifig Soláthair UCD ag oibriú go gníomhach leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) chun a chinntiú go bhfuil na gníomhaíochtaí soláthair i UCD ailínithe le spriocanna an OGP, leanann Oifig Soláthair UCD de bheith ag lorg tairiscintí thar ceann na hOllscoile agus cuireann sí tacaíocht agus oiliúint ar fáil.

I rith na bliana freisin, rinneadh feidhmiú níos leithne ar an gcóras lárnaithe ceannacháin ar líne le ceannaitheoirí oilte, agus é mar aidhm leis go bhfeabhsófaí an comhordú ar ghníomhaíocht ceannaitheoirí ar fud na hOllscoile agus chun leibhéal ard comhlíontachta a choinneáil le polasaithe soláthair an rialtais.

Méadú ar an Maoiniú Neamhstáit

Lean an Ollscoil dá fócas ar mhalairtí d'fhoinse maoinithe seachas an státchiste i rith na bliana chun staid chobhsaí agus inbhuanaithe airgeadais a choinneáil.

I mbliana freisin, tháinig méadú suntasach ar earcaíocht mac léinn idirnáisiúnta agus de thoradh na hoibre a rinne an Grúpa um Chomhphárteachas Domhanda bunaíodh ionaid earcaíochta mac léinn i dtíortha difriúla, in oirdheisceart na hÁise ach go háirithe.

Tá na sruthanna airgeadais ó ghníomhaíochtaí samhraidh ar an gcampas ag dul i méid go leanúnach agus bliain láidir ab ea 2017 do *Summer@UCD*, an rannóg atá i gceannas ar lígean agus ar bhainistiú chóiríocht an champais i rith mhíonna an tsamhraidh.

I gcomhar le hOifig Idirnáisiúnta UCD, rinne *Summer@UCD* comhdhlúthú ar a shuíomh sna hearnálacha oideachasúla idirnáisiúnta agus tá cuid de sin mar thoradh ar chomhpháirtíochtaí láidre UCD le hollscoileanna móra i SAM. Lena chois sin, trí óstáil a dhéanamh ar ócáidí a raibh próifíl ard acu, ar nós Chorn Domhanda Rugbaí na mBan i gcomhar le Spóirt UCD, cuireadh ardán den scoth ar fáil chun ardchaighdeán shaoráidí cónaitheacha agus spóirt UCD a chur os comhair an phobail.

Forbairt Campaist

Cuid thábhachtach d'eispeireas na hOllscoile is ea eastát UCD. Corpraithe ansin tá thart ar 400,000 m.cr. d'achar urláir foirgneamh agus tacaíonn ár bhfoirgnimh le hoideachas, taighde agus nuálaíocht chomh maith le fáil a chur ar chaitheamh aimsire, dár bpobal lucht dámh, baill foirne, mic léinn agus cuairteoirí atá ag dul i méid. Tá cáil freisin ar ár gcampaist i mBelfield agus sa Charraig Dhubh mar gheall ar a suíomh coillearnaigh agus a réimsí nádúrtha agus tírdhreachaithe, mar aon le saoráidí spóirt agus fóillíochta den scoth. Tá Plean Forbartha Straitéiseach Campais UCD 2016-2021-2026 mar threoir d'fhorbairt na nEastát fisiciúil. Tugann an fíis uailmhianach chun ár gcampas a athshamlú agus cuimsíonn sé meascán d'fhoirgníocht nua chun tacú le fás sa todhcháí, chomh maith le hathchóiriú forleathan ar fhoirgnimh atá níos sine.

Thíos, ar chlé: Tírdhreachtú críochnaithe ag Tithe Cónaithe Chill an Bhrocaire.



Tá tograí forbartha atá imlínithe sa phlean deartha chun tacú le Straitéis UCD 2015-2020 agus dírionn siad ar shaoráidí acadúla a leathnú amach agus a fheabhsú, áiteanna cónaithe ar an gcampas a mhéadú, agus comhphárteachas breise sóisialta agus cultúrtha a chur ar fáil, mar aon le saoráidí taighde agus nuálaíochta atá eolas-bhunaithe agus bainteach le hearnáil na tionsclaíochta a chur chun cinn.

Níos luaithe i mbliana, cuireadh aighneacht chuig an Údarás um Ard-Oideachas (HEA) inar sonraíodh ár riachtanais chaipitil forbartha do na blianta seo romhainn. D'ímlínigh an aighneacht cúig phríomhréimse fhorbartha ina bhfuil cumasc d'athchóiriú agus do mhéadú ar fhoirgnimh atá níos sine chomh maith le spás nua foirgníochta i réimsí straitéiseacha.

Seo a leanas na cúig réimse tosaíochta:

- Ionad Eolaíochta UCD
- Foirgneamh Newman UCD
- Clós na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD
- Clós na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD
- Leabharlann James Joyce UCD

Tá breis sonraí faoi na hinfeistíochtaí straitéiseacha seo atá molta le fáil i bPlean Forbartha Straitéiseach Campas UCD agus tá siad faoi réir sruthanna cuí maoinithe a bheith ar fáil.

Forbraíochtaí Caipitil a Rinneadh le Gairid agus Cinn atá Pleanáilte

Tá pleananna ag UCD ár gcóiríocht mac léinn ar an gcampas a mhéadú de 3,000 spás leapa, geall leis, chun líon iomlán na mac léinn atá ina gcónaí ar an gcampas a thabhairt go dtí thart ar 6,000. Tá iarratas pleanála curtha ar aghaidh chuig an mBord Pleanála do Mháistirphlean Cónaitheach Mac Léinn UCD faoin reachtaíocht nua um fhorbairt straitéiseach tithíochta (SHD). Ceadáíonn an plean cuimsitheach seo forbairt chéimnithe ar na spásanna breise leapa thar thréimhse deich mbliana.

Chomh maith le spás cóiríochta breise a chur ar fáil, rud a bhfuil géarghá leis, cuirfidh an máistirphlean fáil freisin ar shaoráidí sóisialta, fóillíochta, miondíola, lónadóireachta agus tacaíochtaí eile. Trí na seirbhísí

Thíos, ar dheis: Samhail ealaíontóra den athchóiriú agus den mhéadú atá molta ag Teach na hAirde Móire.





Tá tús curtha cheana féin leis an obair ar an méadú ar Scoil Ghnó Lochlainn Uí Chuinn.

// Tá tús curtha leis an obair ar an méadú atáthar a dhéanamh ar Scoil Ghnó Lochlainn Quinn. Áirithe sa spás nua seo beidh léachtlann do 320 duine, spáis aonair staidéir, láithreacha staidéir do ghrúpaí beaga, seomraí do thionscadail grúpaí agus seomraí níos mó do chruinnithe //

ríthábhachtacha sin a chur ar fáil mar aon leis na caighdeáin is airde de dheardh uirbeach, cuideofar chun braistint phobail a chruthú agus cuirfidh sé feabhas mór ar eispeireas na mac léinn atá ina gcónaí ar an gcampas.

Tá tús curtha leis an obair ar an méadú atáthar a dhéanamh ar Scoil Ghnó Lochlainn Quinn. Áirithe sa spás nua seo beidh léachtlann do 320 duine, spáis aonair staidéir, láithreacha staidéir do ghrúpaí beaga, seomraí do thionscadail grúpaí agus seomraí níos mó do chruinnithe. Acmhainn ceannródaíoch a bheidh ann agus breis shuntasach do na hacmhainní teagaisc atá ag Coláiste Gné UCD.

Tá cead pleanála faighte don Chlub Ollscoile UCD a bheidh nasctha le Halla Uí Raghallaigh UCD. Áis bhreise a bheidh i gClub na hOllscoile, ag cur na gcaighdeáin is airde fáilteachais agus lónadóireachta ar fáil do lucht dámh, baill foirne agus céimithe, tacóidh sé le forbairt ar chaidrimh le céimithe agus le comhpháirtithe go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus é ag comhlánú na saoráidí comhdhála agus imeachtaí atá ansin cheana féin i Halla Uí Raghallaigh UCD.

Tá foireann dheartha ceaptha chun maoirseacht a dhéanamh ar an gcéad chéim eile den athchóiriú agus den mhéadú ar Theach na hAird Móra mar

chuid den Chlár um Chaomhnú Sheantithe UCD. Beidh méadú beag air, deartha chun inrochtaineacht a fheabhsú, agus tá na pleananna dírithe ar chothromaíocht a bhaint amach idir an leas is mó is féidir a bhaint as an bhfoirgneamh agus caomhnú a dhéanamh ar údaracht agus ar iomláine na hoidhreachta agus an tsuímh. Faoi réir cead pleanála a fháil, táthar ag súil go gcuirfear tús leis na hoibreacha sa bhliain acadúil atá ag teacht.

Tá iarratas pleanála curtha isteach chun méadú a chur ar na saoráidí ag Teach Merville, an áit a bhfuil NovaUCD lonnaithe. Tá an fhorbairt ar an gClós Thoir pleanáilte chun a chinntiú go mbeidh UCD in ann freastal ar an éileamh ar shaoráidí ardchaighdeáin gortainne, agus fáil á chur ar 1,100m² de limistéir sholúbtha oifige, saotharlainne agus cruinnithe. Coinneofar agus athchóireofar na sciatháin stairiúla agus cuirfear foirgneamh níos nua-aimseartha in ionad na gcuid níos deireanaí chun freastal ar riachtanais speisialaithe.

Tá obair ullmhúcháin tosaithe don fhorbairt ar Ionad Ulysses i dTeach Newman ar Fhaiche Stiabhna. Tionscadal uaillmhianach €10 milliún is ea Ionad Ulysses ina bhfuil UCD agus Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ag comhoibriú chun díol spéise liteartha a chruthú a mbeidh tóir idirnáisiúnta air.

Tá an obair ag dul ar aghaidh ar fhoirgneamh Institiúid Chonfúcias UCD d'Éirinn. Nuair a bheidh sí críochnaithe, beidh spás sainiúil ar fáil do chomhpháirteachas theanga agus chultúr na Síne in Éirinn, chomh maith le gné spreagúil ailtireachta ag ionad lárnach ar champas Belfield.

Rinneadh Ionad Forbartha Feidhmíochta saincheaptha a oscailt le gairid i Scoil Smurfit UCD ar Champas na Carraige Duibhe. Cuireann an tIonad Forbartha Feidhmíochta timpeallacht foghlamtha den scoth ar fáil, bunaithe ar an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr. Tógann an t-ionad nithe léinn ón 50 scoil ghnó is fearr ar domhan lena n-áirítear Harvard, Oxford Saíd agus IESE a bhfuil comhpháirtíochtaí buana ag Scoil Smurfit UCD leo, ag cinntiú go bhfuil an chuid is fearr de gach timpeallacht foghlama comhtháite i bhForbairt Feidhmíochta Smurfit.

Cuireadh bailchríoch ar na hoibreacha tírdhreachaithe ar Thithe Cónaithe na Mac Léinn ag Cill an Bhocaire i samhradh 2017. Lena mheascán de

Forbairt Airgeadais agus Chaipitil

Ar dheis: Club na hOllscoile (samhail ealaíontóra).

Sa lár: Taispeánfaidh painéil Eolais Fhíor-ama Bhus Éireann atá ar fud an champais cén uair atá do bhus le theacht ionas go mbeidh tú in ann do thuras a phleanáil níos fearr.

Ar dheis ar fad: Locair dhaingne rothar.



// Acmhainn luachmhar agus spás conláiste is ea an choillearnach don luch dámh, baill foirne, mic léinn, cuairteoirí agus an pobal áitiúil. Dírionn na cláir leanúnacha bhithéagsúlachta agus bhainistithe crann ar fheabhsúchán agus forbairt a dhéanamh ar na coillearnaigh do na glúine atá le theacht agus chun a chinntiú go mbainfidh gach duine sásamh astu ar bhonn leanúnach //

tírdhreachú crua, plandáil agus páirceáil do rothair, cuireann na hoibreacha feabhas ar inrochtaineacht agus ar chuma an spáis atá mórthimpeall na dtithe sin. Tá Gairdín Éabhlóid na bPlandáí Talún UCD athlonnaithe go dtí Cearnóg na hEolaíochta ar Champas Belfield. Seasann an tionscadal buacach, a chruthaigh luch dámh UCD, d'éabhlóid na bplandáí thar 500 milliún bliain ó tháinig siad ar domhan den chéad uair. Tá sé ina eispéireas oideachasúil agus ina shaothar taitneamhach tírdhreacha i gcuid lárnach den champais.

Fáilteachas agus an Samhradh ag UCD

Tá UCD fós ina ionad ardchaighdeán do chomhdhálacha, scoileanna samhraidh, comórtais spóirt agus réimse d'imeachtaí eile sóisialta, cultúrtha agus spóirt. An samhraidh seo, chuireamar fáilte roimh staideanna púil Chorn Domhanda Rugbaí na mBan chuig Campas Belfield, áit a raibh imeacht iontach rathúil agus taitneamhach.

Táimid ag obair go crua chun feabhas a chur ar an éagsúlacht de roghanna bia atá ar fáil ar an gcampas agus d'oscail roinnt ionad nua bia le bliain anuas. Tá an-tóir faighte ag na mic léinn agus na baill foirne araon ar an Margadh Bia Sráide seachtainiúil. Tá deis curtha ar fáil ag an margadh do chuideachtaí dúchasacha bia chun dul ag díol ar an gcampas agus iadsan ag cur réimse níos leithne de roghanna bia ar fáil do phobal na hOllscoile. Ní hé amháin go bhfuil an margadh ag soláthar tairiscintí breise bia, ach freisin cruthaíonn sé spás luachmhar faoin aer chun bualadh le daoine agus idirghníomhú leo mar aon le fuinneamh a bhfuil fáilte roimhe a chur sa taobh ó dheas den champas. Mar chuid dár sprioc chun bia níos sláintiúla a chur ar fáil ar an gcampas,

i gcomhar le Aramark Catering, is í UCD an chéad ollscoil Éireannach a d'oscail ionad 'Chopped' ar an gcampas. Chomh maith leis sin, cinntíonn an t-athchóiriú atá déanta ar líon de na caifeanna agus na bialanna atá ann cheana féin go bhfuil na hionaid bhia ar fad ar an gcampas ar ardchaighdeán.

Tírdhreachú agus Bithéagsúlacht

Déanann an choillearnach atá timpeall Champas Belfield ina hionchur luachmhar d'fhéiniúlacht na hOllscoile agus tá sí ina cúlra álainn do thimpeallacht thógtha na hOllscoile. Acmhainn luachmhar agus spás conláiste is ea an choillearnach don luch dámh, baill foirne, mic léinn, cuairteoirí agus an pobal áitiúil. Dírionn na cláir leanúnacha bhithéagsúlachta agus bhainistithe crann ar fheabhsúchán agus forbairt a dhéanamh ar na coillearnaigh do na glúine atá le theacht agus chun a chinntiú go mbainfidh gach duine sásamh astu ar bhonn leanúnach. Tá clár comharthaíochta coillearnaigh curtha chun cinn a dhíríonn ar chraicín eiseamail a aibhsiú, mar aon le ceantair ina bhfuil luach ard bithéagsúlachta agus nithe suimiúla eile feadh shiúlóidí coillearnaigh an champais.

Léiríodh an bhithéagsúlacht atá laistigh dár gcoillearnaigh nuair a bhuaigh UCD an Bioblitz Náisiúnta Idir-Ollscoile 2016. Reáchtáladh an comórtas thar thréimhse 24 uair an chloig ar Champas Belfield agus an toradh a bhí air ná gur aithin foireann UCD níos mó eiseamail shainiúla bhitheolaíoch ná aon ollscoil eile a bhí páirteach ann. Léiríonn sé sin an luach bithéolaíoch atá ag ár gcampas agus an saibhreas d'éiceachórais atá ann.

Reáchtáladh an Bioblitz mar chuid den tionscnamh Campas Glas ina n-oibríonn lucht dámh, baill foirne agus mic léinn le chéile chun inbhuanaitheacht na timpeallachta a fheabhsú ar an gcampas agus chun tábhacht an cheantair a aibhsiú. Leanfaidh an tionscnamh Campas Glas ar aghaidh i mbliana, agus tá roinnt tionscadal á bpleanáil ina mbeidh obair chomhoibríoch le déanamh chun tionscadail a bhaineann le hinbhuanaitheacht a fheidhmiú.

Taisteal

Foilsíodh Plean Taistil 2016-2021-2026 tar éis comhpháirteachais le pobal na hOllscoile agus lenár gcomhpháirtithe i gComhairle Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus san Údarás Náisiúnta Iompair. Tá tuilleadh de dhul chun cinn déanta le tionscnaimh atá dírithe ar éascú a dhéanamh agus spreagadh a thabhairt d'iompraíocht inbhuanaithe chuig UCD, lena n-áirítear soláthair bhreise dhaingne de pháirceáil rothar, locair agus saoráidí athraithe éadaí, Lá Náisiúnta na Rothar, leanúint leis an mbus tointeála ó



Belfield go dtí an DART agus obair leanúnach leis an NTA agus le Comhairle Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Duín chun deiseanna a aithint agus a chur i bhfeidhm do bhonneagar comaitéireachta a fhreastalóidh ar UCD.

Tá pleanáil ar siúl do bhealach isteach nua do choisithe agus do rothaithe ag Campas Belfield. Beidh an bealach isteach le tógáil in aice le Nova UCD ar an £138 agus nascaidh sé le lár an champais. Feabhsóidh an bealach isteach sábháilteacht na rothaithe agus na gcoisithe agus laghdóidh sé an plúchadh ag an bpríomhbhealach isteach. Ainmníodh UCD mar Champas Taistil Níos Cliste Bliana na hÉireann in 2016 in aitheantas d'íarrachtaí na hOllscoile chun éascú a dhéanamh ar iompraíocht inbhuanaithe agus í a chur chun cinn.

Fuinneamh

Tá an Ollscoil ag dul ar aghaidh go maith i dtreo spriocanna na héifeachtúlachta fuinnimh náisiúnta, faoin gcaithfidh gach eagraíocht san earnáil phoiblí feabhsúchán 33% a bhaint amach in éifeachtúlacht fuinnimh faoi 2020. De réir na bhfigiúirí reatha atá le fáil ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEA) tá ár n-éifeachtúlacht feabhsaithe againn de 24.1%. Cé go bhfuil an dul chun cinn go maith go dtí seo, tá feabhsúchán 9% ag teastáil idir seo agus 2020 agus chuige sin beidh gá le comhfhreagracht ó phobal na hOllscoile. Tá lear tionscadal seachadta againn le bliain anuas a chuideoidh leis an iarracht a choinneáil ag imeacht agus muid a thabhairt níos gaire don sprioc feabhsúcháin de 33%.

Uasghrádú soilse LED ab ea an tionscadal éifeachtúlachta fuinnimh ba mhó a cuireadh ar fáil in 2017. I rith an tsamhraidh cuireadh soilse ardéifeachtúla LED isteach in áit na seansoilse nach raibh comh héifeachtach sna foirgnimh: Eolaíochta Sláinte, Eolaíocht Innealtóireachta agus Ábhar, Ríomheolaíocht, leabharlann Daedalus agus James Joyce mar

aon le Campas na Carraige Duibhe. De thoradh an tionscadail fhorleithne sin rinneadh laghdú suas go dtí 25% ar úsáid leictreachais i ngach foirgneamh mar aon le coigiltis shuntasacha airgeadais don Ollscoil. Tá sé pleanáilte leanúint don fheistiú céimneach soilse LED ar fud na hOllscoile in 2017/2018, ag tosú le foirgneamh Institiúid Mhic Con Mí.

Tá tionscadal fuinnimh in-athnuaite seachadta ar Feirm Thaghde Lyons UCD i gCo. Chill Dara. Tá córas fótavóltach gréine 100kW suiteáilte ar dhíon cheann de na seideanna talmhaíochta ar an bhfeirm. Cuirfidh an córas fótavóltach fáil ar lear mór den mhéid leictreachais a theastaíonn ón bhfeirm go bliantúil agus laghdóidh sé a lorg carbóin. In imeacht bliana, meastar go dtáirgfidh an córas a chomhionann d'úsáid leictreachais agus a bheadh ag thart ar 220 teaghlach in Éirinn.

Gerry O'Brien
Spáranaí

Laghdú
17kWh 
úsáide príomhfhuinnimh don
m² in 2016/2017 i gcomparáid
le 2015/2016

	2012/13	2013/14	2014/165	2015/16	2016/2017
Achar Iomlán m ² *	297,565	314,400	314,400	319,706	319,706
Leictreachas kWh	27,296,800	26,304,456	24,495,179	26,064,323	27,471,804
Gás kWh	70,706,905	70,970,958	66,771,867	61,444,804	54,158,751
Príomhfuinneamh Iomlán kWh**	138,212,711	135,385,463	125,207,367	123,966,415	118,639,005
Príomhfuinneamh (kWh) don m ²	464	431	398	388	371


*Níl cóiríocht chónaithe áirithe san achar

**Tagraíonn príomhfuinneamh d'fhuinneamh ina fhoirm nádúrtha agus sin é an bealach a riantar feidhmíocht fuinnimh UCD



Thuas, ar chlé: Chuir in dragain Shíneacha siamsaíocht ar fáil don slua ag Féile UCD.

Thuas, ar dheis: D'oibrigh saorálaithe i gcomhar le Nurture Africa chun tionscadail a éascú ag Nansana, Uganda in 2017.



Dolores O'Riordan
Leas-Uachtarán
Comhpháireachtas
Domhanda

Comhpháirteachas Domhanda

Bhí bliain an-ghníomhach againn ó seoladh Straitéis Chomhpháirteachais Dhomhanda UCD i Meán Fómhair 2016 agus tá dul chun cinn suntasach déanta maidir lenár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach. I Márta 2017, ceapadh an tOllamh Paul Fanning ina Leasuachtarán Ionaid do Ghnóthaí Domhanda chun cuidiú le seachadadh na punainne seo.

Bliain a bhí inti seo inar tháinig ardú breise go dtí 7,549 ar líon ár mic léinn idirnáisiúnta, ag déanamh ionadaíochta ar 130 tír éagsúil ar ár gcampais i mBaile Átha Cliath. Bhí an ríméad le brath i Halla Uí Raghallaigh UCD nuair a bhailigh mic léinn idirnáisiúnta nua ag tús an tearma chun fáilte chroíúil a fháil ón Uachtarán, ó lucht dámh agus ón bhfoireann. I rith na bliana, d'eagraíomar roinnt imeachtaí chun éagsúlacht chultúrtha ár bpobal in UCD a cheiliúradh. Bhí ceiliúradh DÍbheálaí ar siúl i mí na Samhna 2016 agus níos mó ná 400 mac léinn páirteach i bhFéile an tSolais a raibh bia, ceol agus damhsa traidisiúnta ina chuid di. In Eanáir 2017, rinneamar ceiliúradh ar Bhliain Nua na Síneach le beoshruith ar cheiliúradh na Bliana Nua as Béising. Ag Féile UCD i Meitheamh, chuireamar fáilte roimh a lán céimithe as tíortha thar lear agus chuireamar maisiúchán breise idirnáisiúnta ar an gcampas le heilimintí de chultúr na Seapáine, lena n-áirítear ceardlanna i ndrumadóireacht Taiko agus sna healaíona comhraic, damhsa traidisiúnta leoin de chuid na Síne agus damhsóirí fuinniúla Bollywood.

Bhí grúpa na Seapáine UCD an-ghníomhach i rith 2017 le heagrúcháin ar imeachtaí éagsúla chultúrtha

chun ceiliúradh a dhéanamh ar an 60ú bliain de bhunú na gcaidreamh taidhleoireachta idir Éirinn agus an tSeapáin. Chomh maith le haibhsiú agus ceiliúradh a dhéanamh ar éagsúlacht chultúrtha an champais, bhí méadú ar an bhfócas ar fhorbairt soghluaisteachta idirnáisiúnta an lucht dámh, na mball foirne agus na mac léinn. Tá UCD ag baint tairbhe le fada as na cláir Erasmus agus Erasmus+, ó seoladh an clár 30 bliain ó shin. In 2017, bronnadh €250,000 ar UCD i maoiniú Erasmus+ chun tacú le soghluaisteacht 67 mac léinn, lucht dámh agus baill foirne idir Éirinn agus réimse de thíortha (lena n-áirítear an Astráil, Ceanada, an tSín, an tSeoirsia, Hong Cong, Iosrael, an India, an tSeapáin, an Chéinia, an Rúis, an Chéinia, Ruanda agus Vítneam. Fuair mac léinn amháin scoláireacht an-ghradamúil ó Acadamh Yenching chun dul ag staidéar in Ollscoil Bhéising atá rangaithe an-ard.

Bliain rathúil eile a bhí ann do chláir oideachais saorálaochais agus forbartha UCDO, shocraigh 134 mac léinn, ball foirne agus céimí oibríú go deonach i gceithre thír (Uganda, an Tansáin, an India agus Nicearagua) agus d'oibrigh siad le 13

eagraíocht chomhphárteacha i bhfeighil forbartha pobail, cúram sláinte, oideachas, agus gníomhaíochtaí athchóirithe/foirgníochta. Fuair an naonúr saorálai UCDVO Gradam an tSaoránaigh Dhomhanda in Aibreán 2017.

D'eagraíomar riar imeachtaí i rith na bliana chun dul i dteagmháil lenár gcéimithe thar lear, ag leathadh ó Nua Eabhrac go dtí Shang-hai. Ar aon dul le fíis UCD: 'Tabharfaimid an chuid is fearr den domhan go hÉirinn agus an chuid is fearr d'Éirinn, a cultúr san áireamh, chuig an domhan', tháingamar le chéile i Nua Eabhrac chun Bonn Lá an Bhunaithe UCD a bhronnadh ar Cholm Tóibín le ceiliúradh a dhéanamh ar an litríocht agus an cultúr atá tugtha ag ár gcéimithe don domhan. In Shang-hai, dhíríomar ar éachtaí ár gcéimí STEM, Rory Sexton, agus tugadh deis líonraithe níos fearr do na céimithe is deireanaí atá ina gcónaí sa tSín. I Dubai, bhailigh céimithe nua agus céimithe níos seanbhunaithe le chéile agus chuarad síos bóithrín na smaointe faoi UCD le chéile le spreagadh ón gcéad léiriú den fhíseán 'UCD – A Year in Review 2015-2016'.

Bhí bliain an-táirgiúil ag na haonaid atá sa Phunann Comhphárteachais Dhomhanda (Oifig Idirnáisiúnta UCD, Lár-Ionad na dTeangacha Feidhmeacha UCD, Institiúid na hÉireann um Staidéar Sínise agus Institiúid Chonfúcias UCD).

Ceapadh an Dr Douglas Proctor ina Stiúrthóir ar Ghnóthaí Idirnáisiúnta i Eanáir 2017. Tháinig an Dr Proctor chugainn as Ollscoil Melbourne agus taití mhór aige i gcaidrimh agus i gcomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta mar aon le cúra acadúil in oideachas idirnáisiúnta. Faoina cheannas siúd, bhí an fhoireann in **UCD Idirnáisiúnta** gnóthach ag tabhairt tacaíochta do ghníomhaíochtaí na Scoileanna agus na gColáistí ina n-earcaíocht ar mhic léinn idirnáisiúnta, le tacaíocht do mhic léinn agus le tógáil caidreamh idirnáisiúnta. Tá ár ngréasán de Lárionaid Dhomhanda i SAM, sa tSín, in India agus san Áise Thoir Theas leabaithe níos treise inár ngníomhaíochtaí agus tá ár bpleananna chun an cúigiú hionad a oscailt in Dubai faoi lán seoil leis an oscailt oifigiúil beartaithe go luath in 2018.

Spríoc lárnach do UCD i mbliana ab ea comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta a thógáil agus le ceapadh Shauna Hughes mar Leas-stiúrthóir ar Chaidrimh agus Comhpháirtíochtaí Domhanda rinneadh éascú ar dhul chun cinn iontach sa réimse seo. Leanamar de bheith ag tógáil agus ag neartú ár gcomhpháirtíochtaí domhanda. Sampla amháin ab ea an litir intinne a

Thíos, ar chlé: Thug 16 saorálai UCD cuairt ar Cheantar Sonapur in oirthuaisceart na hIndia agus ar an obair a rinne siad bhí athchóiriú ar 5 anganwadi (ionaid sláinte do mhná agus leanaí), ag réachtáil ceardlann chun acmhainn a fhorbairt i bpobail, ag eagrú dráma sráide chun feasacht a ardú faoi chásanna agus ag éascú ranganna Béarla.



shínigh ár nUachtarán, an tOllamh Andrew Deeks agus Uachtarán Ollscoil Talmhaíochta Dheisceart na Síne, an tOllamh Chen Xiaoyang chun tuilleadh fiosraithe a dhéanamh faoi chaidrimh straitéiseacha idir an dá ollscoil. Mar fhíneá ar an síniú seo bhí an tAire Richard Bruton agus an Gobharnóir Hu Chunhua, rúnaí chúige Guangdong a thug cuairt ar UCD mar chuid de thoscaireacht oifigiúil ceithre lá go hÉirinn i Meitheamh.

Lean **Lár-Ionad na dTeangacha Feidhmeacha UCD** de bheith ag méadú agus ag feabhsú a sholáthar de theagasc Béarla do mhic léinn idirnáisiúnta. Lena chois sin, sheol an t-ionad cúrsaí toghthacha struchtúrtha do shraith de theangacha domhanda chun deiseanna a éascú do mhic léinn UCD lean líofacht teanga a fheabhsú agus iad ag dul ar aghaidh lena gcláir chéime.

Rinne **Institiúide Confucius UCD** ceiliúradh ar dheich mbliana a bunaithe le seachtain de chlár imeachtaí i Meán Fómhair 2016 ina raibh ceardlanna do challagrafaíocht agus do phéintéireacht Síneach, ceolchoirm Síneach-Éireannach, léachtaí poiblí agus blaiseadh bia Síneach. Arís eile, buaicpointe den bhliain ab ea teacht le chéile 2,000 duine ag ócáid cheiliúrtha in Ionad Comhdhála Bhaile Átha Cliath chun Féile an Earraigh a chomórath ar Lá na Laindeár. Rinne UCD óstáil ar an ócáid sin i gcomhar le hAmbasáid Dhaonphoblacht na Síne in Éirinn, mar aon leis an bpobal Síneach áitiúil.

Lean **Institiúid na hÉireann um Staidéar Sínise** lena n-iarrachtaí chun forbairt theanga agus chultúr na Síne a chur chun cinn. Chláraigh na chéad mic léinn leis an Máistreacht nuasheolta i dTeagasc Theanga agus Chultúr na Síne, rud a bhí tráthúil leis an bhfógra a rinne an rialtas le gaird go mbeidh an Sínis á háireamh i gcuraclam na hArdteistiméireachta.

Mo bhuíochas leis an lucht daimh, an fhoireann agus na mic léinn go léir a bhfuil a lán déanta acu don iomad gníomhaíocht chomhphárteachais dhomhanda le bliain anuas. Tá mé ag tnúth a bheith ag obair libh in 2017-2018.

Dolores O'Riordan
Leas-Uachtarán Comhpháireachtas Domhanda

Thíos, ar dheis: A Shoilse HU Chunhua, an tAire Richard Bruton, an tAmbasadóir Paul Kavanagh agus an tAmbasadóir YUE Xiaoyong a bhí i láthair ag searmanas sínithe idir an tUachtarán Deeks, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus an tUachtarán Chen, Ollscoil Talmhaíochta Dheisceart na Síne.





Thuas, ar chlé: Sa phictiúr tá buaiteoirí Strictly UCD 2017, Odhran Lawlor agus an Comhollamh Amanda Gibney. Bhí breis agus 550 ball den phobal i láthair ag an imeacht a d'eagraigh Comhionannas, Éagsúlacht & Ionchuimsiú UCD, UCD sa Phobal agus Cultúir & Comhpháirteachas – AD UCD, agus bailíodh €24,000 le haghaidh carthanachta.

Thuas, ar dheis: Tristan Aitken, Stiúrthóir na nAcmhainní Daonna, ag seoladh Chlár Aurora 2017.

Acmhainní Daonna

Mar a thuairisc mé anuraidh, rinneamar forbairt ar straitéis nua Acmhainní Daonna UCD go dtí 2020 chun timpeallacht agus cultúr atá tacúil agus forbarthach a sheachadadh, ailínithe le agus mar bhunús le straitéis na hOllscoile. Tacaíonn ár straitéis leis an bhfís 'fás trí dhaoine' agus a bheith inár bhfostóir agus inár rogha ollscoile. Sa tuarascáil, imlínim an dul chun cinn maidir le feidhmiú agus an rud a chiallaíonn sé sin do bhaill aonaracha den phobal.



Tristan Aitken
Stiúrthóir Acmhainní Daonna

Tionchar na Straitéise AD 2016-2020 – Fás trí dhaoine

Tá 'Fás trí dhaoine' roinnte ina cheithre réimse leathana agus tá dul chun cinn déanta le bliain anuas ar fud na réimsí go léir, bíodh sin trí thionscadail a chríochnú nó na bunraitheanna a leagan do thionscnaimh a bheifear a chur ar fáil – figiúr 1. Tá roinnt samplaí imlínithe thíos faoi cheithre shraith ár straitéise:

- Seirbhís agus Comhpháirteachas a Athrú ó Bhonn
- Cultúr Feidhmíochta a Fheabhsú
- Ár dTallann a Fhorbairt
- Teacht chun Bheith ina bhFostóir agus ina Rogha Ollscoile

Seirbhís agus Comhpháirteachas a Athrú ó Bhonn

Gné chriticiúil dár rathúlacht is ea an próiseas chun tairiscint níos simplí agus níos dírithe ar sheirbhís a chur ar fáil i gcomhar le agus ag freastal ar phobal na hOllscoile. Tá dul chun cinn mór déanta leo seo a leanas:

- Réiteach níos tapúla ar cheisteanna – ullmhú chun Deasc Chabhrach AD nua a bhunú mar phointe aonair teagmhála, rud a sheolfar i mí na Samhna 2017. Áirithe leis sin bhí athbheithniú próiseas agus córas mar aon le simpliú ar an mbealach a ndéanann Seirbhís AD idirghníomhaíocht le pobal na hOllscoile.
- Polasaithe, próisis agus córais ar líne atá éasca le n-úsáid – dul chun cinn déanta chun próisis inmheánacha a shimpliú ag úsáid modheolaíochtaí Agile, ag díriú ar ghnáth-thascanna a aistriú ar líne (m.sh. foirmeacha suiteála in aghaidh na huair) agus rochtain a chur ar fáil an uair agus san áit a mbeidh gá léi (m.sh. trí thairseach InfoHub).

// Gné chriticiúil dár rathúlacht is ea an próiseas chun tairiscint níos simplí agus níos dírithe ar sheirbhís a chur ar fáil i gcomhar le agus ag freastal ar phobal na hOllscoile //

- Tacaíocht duine le duine a mhéadú – athbhreithniú ar an bpróiseas do bhainisteoirí a bhíonn ag fostú baill foirne, le bunú ról thiomanta Comhairleoireachta chun Acmhainní a chur ar fáil chun tacú le bainisteoirí go háitiúil, rud a bheidh á chur i bhfeidhm go céimneach ón 4ú ráithe de 2017.

Cultúr Feidhmíochta a Fheabhsú/ár dTallann a Fhorbairt

Tá daoine lárnach i rathúlacht na hOllscoile agus tá sé fíorthábhachtach go ndéanfaí infheistiú leanúnach iontu trí chultúr feidhmíochta a chruthú agus trína dtallann a fhorbairt ag gach céim dá ngairm. Tá lear suntasach d'fhorbairtí déanta:

- M'acmhainneacht a réadú – Clár Forbartha Ceannaireachta suntasach a sheachadadh do 90+ ceannaire ar fud na hOllscoile, leanúint leis an gClár Aurora do Mhná i mBun Ceannaireachta don cheathrú bliain agus 21 duine páirteach ann, mar aon le forbairt ar Chlár Bainistithe Daoine do 600 bainisteoirí daoine, geall leis, san eagraíocht, le cur i bhfeidhm go céimneach ón 4ú ráithe de 2017.
- Aiseolas rialta ar m'fheidhmíocht – forbairt ar an gclár bliantúil athbhreithnithe Feidhmíocht don Fhorás (P4C) mar aon le athbhreithneoirí agus athbhreithnithe a aithint roimh thosú an timthrialla athbhreithnithe sa chéad ráithe de 2018.
- Roghanna gairme níos soiléire – tá dul chun cinn suntasach déanta chun 1,000 ball gairmiúil foirne a rangú isteach i gceat le naoi dteaghlach post, ag tabhairt níos mó soiléireachta do phleanáil gairme agus forbartha.
- Taithí ionductaithe den scoth – forbairt ar thairseach dóibh sin atá ag teacht isteach chuig UCD chun eolas a bheidh sonraithe don tréimhse a thabhairt dóibh ina gcéad cúpla mí.

Teacht chun Bheith ina bhFostóir agus ina Rogha Ollscoile

Is éard atá i gceist leis an aistear chuig creidiúnú mar Áit Iontach le nOibriú Ann agus a bheith inár bhfostóir agus ina rogha ollscoile, ná na daoine tábhachtacha agus an cultúr a chomhdhéanann UCD a aithint. Ar na céimeanna suntasacha atá san aistear sin tá:


- Tá guth agam agus cloistear mé – feidhmiú céimneach an tSuirbhé Cultúir agus Comhpháirteachais thosaigh agus na torthaí a shileann ina dhiaidh sin tríd an eagraíocht mar aon leis na pleananna gníomhaíochta a bheidh forbartha chun díriú ar na príomhréimsí a aithnítear.
- Braithim comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú – aithint na hoibre ar chomhionannas inscne tríd an *Athena Swan Bronze Award*, athbhreithniú mór ar an bpolasaí dínite agus measa atá beagnach críochnaithe mar aon lena lán tionscadal eile a fhaigheann tacaíocht tríd an ngrúpa Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe agus a fhochoistí.
- Tá mé bródúil as an áit a bhfuil mé ag obair – bunú Gréasáin agus Creat Rannpháirtíochta Fostaithe chun cuidiú le gníomhaíochtaí ar an talamh a thiomáint, tacaíocht do thionscnaimh ar nós UCD Sláintiúil agus Féile UCD, agus seachadadh imeachtaí rathúla ar nós *Strictly UCD*.

Ní bheadh aon chuid den dul chun cinn thuas gan ceangaltas, obair chrua agus tiomantas m'fhoireann chun na tionscnaimh sin a chur ar fáil go céimneach mar thacaíocht do na spriocanna agus na huailmhianta níos leithne atá ag UCD.



Tristan Aitken
Stiúrthóir Acmhainní Daonna

Figiúr 1: Tionchar na Straitéise AD ar bhaill aonair den phobal





Dámhachtainí Ollscoile

Buaiteoirí Gradam Céimithe



HE Anne Anderson

Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew J Deeks agus an Comhollamh Marie Clarke ag bronnadh Gradaim Chéimithe UCD 2016 sna hEalaíona agus sna Daonnachtaí ar a Soilse Anne Anderson (sa lár).



John Horgan

Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew J Deeks agus an tOllamh Alexander Evans ag bronnadh Gradaim Chéimithe UCD 2016 sa Talmhaíocht & Leigheas Tréidliachta ar John Horgan (sa lár).



Professor Eleanor Maguire

Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew J Deeks agus an tOllamh Orla Feely ag bronnadh Gradaim Chéimithe UCD 2016 sa Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar ar an Ollamh Eleanor Maguire (sa lár).



Ian Quinn

Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew J Deeks agus an tOllamh David FitzPatrick ag bronnadh Gradaim Chéimithe UCD 2016 san Innealtóireacht agus san Ailtireacht ar Ian Quinn (sa lár).



Dr Aideen Hayden

Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew J Deeks agus an Comhollamh Sara O’Sullivan ag bronnadh Gradaim Chéimithe UCD 2016 san Eolaíocht Shóisialta ar an Dr Aideen Hayden (sa lár).



Dr Anne Merriman

Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew J Deeks agus an Dr Patrick Felle ag bronnadh Gradaim Chéimithe UCD 2016 sna hEolaíochtaí Leighis ar an Dr Anne Merriman (sa lár).



Dr Dennis Jennings

Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew J Deeks agus an tOllamh Joe Carthy ag bronnadh Gradaim Chéimithe UCD 2016 san Eolaíocht ar an Dennis Jennings (sa lár).



Colm O’Rourke

Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew J Deeks agus Brian Mullins ag bronnadh Gradaim Chéimithe UCD 2016 sa Spórt ar Colm O’Rourke (sa lár).



Benjamin Cleary

Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew J Deeks agus an tOllamh Joseph McMahon ag bronnadh Gradaim Chéimithe UCD 2016 sa Dlí ar Benjamin Cleary (sa lár).

UCD Ulysses and Foundation Day Medal Awards



Ulysses Medal: An tOllamh Susan Haack

An tOllamh Susan Haack in aitheantas dá hionchur den scoth sna healaíona, go háirithe san fealsúnacht agus sa dlí.



Ulysses Medal: An Dr Lee Hood

An Dr Lee Hood in aitheantas dá ionchur den scoth san eolaíocht.



Ulysses Medal: An tOllamh Jeffrey Sachs

An tOllamh Jeffrey Sachs as a ionchur domhanda san fhorbairt gheilleagrach, sa maicreacnamaíocht dhomhanda agus sa troid in aghaidh na bochtaineachta.



Foundation Day Medal: Colm Tóibín

Ar an gCéadaoin, 8 Feabhra 2017, rinneadh an chéad bhronnadh idirnáisiúnta de Bhonn Lá an Bhunaithe UCD ar an gcéimí Ealaíon agus Daonnachtaí UCD, Colm Tóibín, chun onóir a thabhairt agus ceiliúradh a dhéanamh ar ghairm cheimiúil agus ar ghaiscí liteartha dhuine dár gcéimithe UCD is iomráití sna hEalaíona agus sna Daonnachtaí.

Céimeanna Oinigh



Francis J Bonner

8 Meitheamh 2017. Ionchur den scoth i misean na hOllscoile – Céim Oinigh Dochtúra Eolaíochta.



Harry W Kehoe

5 Meán Fómhair 2016. Gradam Pearsanta – Céim Oinigh Dochtúra Eolaíochta.



Michael K Sheridan

19 Meitheamh 2017. Gníomhaíocht ghairmiúil den scoth chun leas an phobail a chur chun cinn. Ceangal suntasach le, agus ionchur den scoth i misean na hOllscoile – Céim Oinigh Dochtúra Eolaíochta.



Emily Logan

6 Meán Fómhair 2016. Gradam i réimse an dlí, cearta daonna agus cearta an linbh – Céim Oinigh Dochtúra Dlíthe.




Dervilla Mitchell

5 Meán Fómhair 2016. Gradam pearsanta in aitheantas don mhéid atá bainte amach ag an iarrthóir – Céim Oinigh Dochtúra Eolaíochta.



Barrington Windsor Cunliffe

7 Meán Fómhair 2016. Gradam i réimse na Seandálaíochta, Clasaicí agus Stair, go háirithe i dtaca leis an Saol Ceilteach – Céim Oinigh Dochtúra Léinn Cheiltigh.



Michael Hout

8 Meán Fómhair 2016. Gradam i réimse na scoláireachta sa socheolaíocht agus sa déimeagrafaíocht – Céim Oinigh Dochtúra Litríochta.



Kieran Mulvey

7 Nollaig 2016. Gradam proifisiúnta mar phríomhchleachtóir an Stáit i réiteach aighneas; ceannaireacht agus gnóthachtála den scoth sa tseirbhís phoiblí – Céim Oinigh Dochtúra Dlíthe.



Hilary Mantel

8 Meán Fómhair 2016. Gradam sa litríocht agus as a hionchur dosháraithe sna healaíona – Céim Oinigh Dochtúra Litríochta.



Michael J Brennan

8 Nollaig 2016. Gradam san Airgeadas – Céim Oinigh Dochtúra Dlíthe.



Tim O'Connor

5 Nollaig 2016. Gradam pearsanta ina sheirbhís taidhleoireachta poiblí, a cheannaireacht ar An Tóstal, agus mar chomhairleoir ar pholasaí diaspóra Éireann an Rialtais – Céim Oinigh Dochtúra Litríochta.





Ceapacháin agus Arduithe Céime

Sa tábla thíos tá na ceapacháin acadúla do phoist Ollamh agus Lán-Ollamh sa tréimhse 1 Meán Fómhair 2016 go dtí 31 Lúnasa 2017, agus áirítear ann earcaigh nua chuig UCD agus baill foirne UCD a fuair ardú céime.

Ceapacháin

Ceapacháin Lán-Ollamh

An tOllamh Liam Delaney
Scoil na hEacnamaíochta UCD

An tOllamh Roland Erne
Scoil Ghnó UCD

An tOllamh Patricia Fitzpatrick
Scoil na Sláinte Poiblí Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt UCD

An tOllamh Susi Geiger
Scoil Ghnó UCD

An tOllamh Andreas Hoepner
Scoil Ghnó UCD

An tOllamh Donncha Kavanagh
Scoil Ghnó UCD

An tOllamh Anne Keegan
Scoil Ghnó UCD

An tOllamh Seamas Kelly
An Scoil Ghnó UCD

An tOllamh Michael Peter Kennedy
Scoil na hInnealtóireachta Leictrí agus Leictreonaí UCD

An tOllamh Thilo Kroll
Scoil an Altranais, an Chnámhseachais agus na gCóras Sláinte s

An tOllamh Cal Muckley
Scoil Ghnó UCD

An tOllamh Sarah Prescott
Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí UCD

Ceapacháin Ollamh

Niall Barron
Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD

James Kinsella
Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia UCD

Arduithe Céime Lán-Ollamh

Arduithe Céime Lán-Ollamh

An tOllamh Dympna Devine

Scoil an Oideachais

An tOllamh Fiona Doohan

Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil

An tOllamh Bryan Fanning

Scoil an Pholasáí Shóisialta, na hOibre Sóisialta agus na Córa Sóisialta

An tOllamh Gary McGuire

Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí

An tOllamh David Madden

Scoil na hEacnamaíochta

An tOllamh Jonathan Paul Malthouse

Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus Bithleighis

An tOllamh Tadhg O’Keeffe

Scoil na Seandálaíochta

An tOllamh Helen Roche

Scoil na Sláinte Poiblí Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt

An tOllamh Ben Tonra

Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta

Ardú Céime Ollaimh

An tOllamh David Browne

Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar

An tOllamh Judith Devlin

Scoil na Staire

An tOllamh Niall Barron

Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD

An tOllamh Judith Harford

Scoil an Oideachais

An tOllamh Eilis Hennessy

Scoil na Síceolaíochta

An tOllamh Breandán Kennedy

Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus Bithleighis

An tOllamh Gethin McBean

Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus Bithleighis

An tOllamh Martin McNamara

Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte

An tOllamh Donna Marshall

An Scoil Ghnó

An tOllamh Enda Murphy

Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus an Pholasáí Chomhshaoil

An tOllamh Michelle Norris

Scoil an Pholasáí Shóisialta, na hOibre Sóisialta agus na Córa Sóisialta

An tOllamh Tadhg Ó hAnnracháin

Scoil na Staire

An tOllamh Gary O’Reilly

Scoil na Síceolaíochta

An tOllamh Louise Rainford

Scoil an Leighis

An tOllamh Olaf Schmidt

Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia UCD

An tOllamh Alexander (Sandy) Wilkinson

Scoil na Staire

An tOllamh Anding Zhu

Scoil na hInnealtóireachta Leictreí agus Leictreonaí







Daoine ar Scor

Gnóthaí Acadúla

Clárlann

David O'Brien

D'éirigh David as Clárlann UCD i Meán Fómhair 2017, tar éis dó tosú i nDeireadh Fómhair 1999 sa rannóg Táillí & Deontais sular aistrigh sé go dtí foireann Thaifead na Mac Léinn. Thug David a lán tacaíochta, do bhaill foirne agus do mhic léinn araon, maidir le cuid mhór cúinsí a bhain le táillí agus bhí a shaineolas agus a dhea-ghíúmar iontach luachmhar.

Elaine Williams

Ghlac Elaine le luathscor ó Mheasúnacht, Clárlann UCD i Lúnasa 2017, tar éis a bheith ag obair le UCD le breis agus 30 bliain. I rith chuid mhór de na blianta sin, d'oibrigh Elaine i gColáiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta agus in oifig na Scrúduithe/Measúnachta, áit ar thacaigh sí le hobair Choiste na Comhairle Acadúla um Scrúduithe agus le loighistic an scrúdaithe. Bhí a héirim, a léargas agus a taithí an-luachmhar agus aireoidh a comhghleacaithe uathu í.

Leabharlann

Anna Kirk

Chuaigh Anna le Leabharlann UCD in 1995 agus chuaigh sí ar scor i Meitheamh 2016. D'oibrigh sí mar sheilfeálaí i Leabharlann James Joyce, ról ina raibh an-luach ar a críochnúlacht ag úsáideoirí agus ag comhghleacaithe araon.

Dympna Knox

Chuaigh Dympna le Leabharlann UCD in 2003 agus chuaigh sí ar scor i mBealtaine 2017. D'oibrigh sí mar Leabharlannaí Cúnta i Seirbhísí Cliant, ag cur seirbhíse agus treorach ar fáil d'úsáideoirí.

Rosalind Pan

Chuaigh Ros le Leabharlann UCD in 2005 agus chuaigh sí ar scor i mí Iúil 2017. I rith a cuid ama i Leabharlann UCD, bhí roinnt ról aici, an ceann is deireanaí mar cheannasaí ar an Aonad Leabharlainne For-rochtana nuacheaptha, áit ar threoraigh sí a foireann chun rathúlachta. Bhí an-mheas ag a comhghleacaithe ar a léargas agus ar a stuaim.

Foirgnimh agus Seirbhísí

Martin Flynn

D'oibrigh Martin mar oibreoir ginearálta ag cur seirbhísí feighlí ar fáil ar an gcampas ar feadh blianta fada. Peileadóir géar a bhí ann ina óige agus ba mhinic a d'imir sé don rannóg cothabhála i gcluichí dúshlán in aghaidh foirne mac léinn. D'éirigh Martin as na Seirbhísí Eastáit i mí Feabhra 2017.

Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí UCD

Mary Finucane

Ball lárnach d'fhoireann oifige Choláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí ab ea Mary ó bunaíodh é in 2005, tráth ar aistrigh sí ó Oifig Dhámh na nDán mar a bhíodh ann. Roimhe sin, bhí obair déanta ag Mary i roinnt oifigí ar fud na hOllscoile, Oifig an Uachtaráin san áireamh.e.

Scoil na gClasaicí UCD

An tOllamh Theresa Urbainczyk

Ghlac Theresa le luathscor i mí Feabhra 2017 tar éis breis agus 20 bliain ag UCD. Múinteoir iontach geanúil agus tiomanta i bhí inti agus bhí réimse de shuimeanna taighde aici ó stair eaglasta go dtí éirí amach sclábhaithe go dtí glacadh le Clasaicí sna scannáin. Tá sí díreach tar éis leabhar a fhoilsiú faoin staraí Biosántach, Niketas Choniates (Routledge, 2017).

Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD

Hilary Gow

D'oibrigh Hilary i ról éagsúla riaracháin i UCD ó na 1970í ar aghaidh, lena n-áirítear tréimhsí sa Leabharlann, le Matamaitic agus ansin Staidéar ar an Drámaíocht. Le blianta beaga anuas, bhí sí ina ball iontach luachmhar den fhoireann riaracháin i Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta, áit a ndearna sí cúram go paiteanta do gach gné den earcaíocht, rollú agus clárú iarchéime.

James Ryan

Ba é James an ceann feadhna agus an inspioráid taobh thiar de bhunú na gclár rathúil MA agus MFA sa Scríbhneoireacht Chruthaitheach ag UCD, áit a raibh sé ag teagasc sa scríbhneoireacht chruthaitheach ó 2006. Teagascóir agus meantóir inspioráideach is ea James agus lena chois sin tá sé ina úrscéaláí agus ina chriticeoir céimiúil.

Scoil na dTeangacha, na gCultúr agus na Teangeolaíochta UCD

Georg Grote

Chuaigh Georg isteach i Rannóg na Gearmáinise in 1997 agus chuaigh sé ar scor in 2017. Ó 2014-2016 bhí sé ina Cheannasaí ar Scoil na dTeangacha, na gCultúr agus na Teangeolaíochta. Staráí é Georg ó thaobh gairme de agus tá sé ina scoláire céimiúil ar stair an réigiúnachais agus an Südtirol. Guímid gach rath air ina chuid scoir.

An Coláiste Gnó UCD

Anne Coughlan

D'éirigh Anne as an nGrúpa um Bainistiú Acmhainní Daonna agus Caidreamh Fostaíochta i Meán Fómhair 2016. D'oibrigh sí ar mhórhionscadal taighde ar thionchar an chúlaithe eacnamaíochta ar bhainistiú acmhainní daonna agus bhí ionchur freisin aici i roinnt modúl fochéime agus céime. Ba é an ról ba mhó a bhí aici ná a bheith i gceannas ar an gcomhpháirt taighde tionscadail den Chlár MSc HRM, creidiúnaithe ag an Institiúid Chairte um Fhorbairt Pearsanra. Thug sí an-scil agus an-taithí chuig an ról sin, nithe a fuair sí ina gairm roimhe sin mar

fheidhmeannach sinsir taighde i gCónaidhm Ghnólaachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC), i gcomhar lena heolas ar mhodhanna taighde, tuairiscíú gairmiúil agus bainistíocht tionscadail. Bhí an-tiomantas agus cúram ag Anne ina cuid oibre go léir le mic léinn agus bhain a mic léinn tairbhe iontach as a stuaim agus a cúram.

Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta

Scoil na hInnealtóireachta Bithchórais agus na hInnealtóireachta Bia UCD

Tony Fitzpatrick

Chuaigh Tony le foireann theicniúil Rannóg Innealtóireachta Talmhaíochta UCD, mar a bhí ann ag an am, in 1978. Ar feadh breis agus 38 bliain, rinne Tony bainistiú ar ár saotharlanna innealtóireachta bia agus bhí sé gníomhach san oiliúint a fuair cuid mhór fochéimithe agus iarchéimithe. Ar feadh a ghairme, bhí ionchur an-luachmhar ag Tony inár gclár theagaisc agus thaighde.

Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta UCD

An Comhollamh Mark Richardson

D'éirigh an Comhollamh Mark Richardson as Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta i mí Feabhra 2016. Chuir Mark tús lena ghairm innealtóireachta in 1977 le *Arup Consulting Engineers*. In 1981, chuir sé tús leis an gcéad cheann de na sé chonradh pháirtimeartha léachtóireachta le UCD as ar tháinig ceangal fada sona leis an Ollamh JW de Courcy, an té ab údaráí in Éirinn faoi struchtúir coincreite treisithe. D'oibrigh siad i bpáirt ar roinnt tionscadal agus lena linn sin chuir Mark bailchríoch ar staidéir chéime Máistreachta agus PhD. D'éirigh sé as an tionsclaíocht go foirmiúil in 1988 chun dul le gairm acadúil go lánaimseartha i UCD, ag speisialú i bhforbairt fhianaise-bhunaithe ar chaighdeán choincreite náisiúnta agus idirnáisiúnta. De bhreis ar a phaisean a bheith ag cur oideachais ar innealtóirí agus ailtirí – as a bhfuair sé Gradam Teagaisc an Uachtaráin in 1999 – bhí roinnt post aige in UCD lena n-áirítear cathaoirleacht ar dhá choiste den Chomhairle Acadúil; téarmaí leantacha mar Cheannasaí Rannóige/Scoile (2004-2016); Leas-Phríomhaí don Idirnáisiúnta – Innealtóireacht agus Ailtireacht (2012-2015) agus Leas-Uachtarán do Choraíocht Dhomhanda (2015-2017). Lena chois sin, bhí sé ina rannpháirtí suntasach i ngairm na hinnealtóireachta agus an tionscail agus ról cheannasacha aige le hInnealtóirí na hÉireann, an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann agus mar Stiúrthóir Bainistíochta ar an *Irish Concrete Society Ltd*.

Coláiste na nEolaíochtaí Sláinte agus Talmhaíochta UCD

Feirm Lyons UCD

Pat Duffy

Chuir Pat Duffy tús lena ghairm i UCD in 1976 agus bhí sé lonnaithe ag Feirm Lyons UCD. Chuir sé fáil ar thacaíocht ardscoilúil do thaighde agus do theagasc in eolaíocht ainmhithe agus leas agus sláinte ainmhithe do chuid mhór ball foirne agus mac léinn mar aon leis an Dámh mar a bhí ann ag an am agus anois Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochtaí Bia agus Scoil an Leighis Tréidliachta. Chuaigh Pat ar scor i mí na Samhna 2016 tar éis 40 bliain seirbhíse den scoth.



Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochtaí Bia UCD

Kevin Kenny

I rith na 42 bliain (1975–2017) a chaith Kevin Kenny i UCD bhí a ainm luaite le torthaí agus úlla ach go háirithe. Ar dtús ag ionad Naomh Cairtriona (an Leamhcán), agus ní ba dheireanaí Ionad Taighde Comhshaoil Chnocán na Rós (Belfield), bhí Kevin i bhfeighil trialacha ar chineálacha éagsúla torthaí, mhúin sé na céadta mac léinn faoin iomad gné den ghairneoireacht, lena n-áirítear beangú agus prúnáil úll. Lena chois sin rinne sé coimeádú ar bhailiúchán Oidhreachtá Úll *Lamb Clarke* a raibh tábhacht náisiúnta leis.

Scoil an Leighis UCD

An tOllamh Patricia Casey

D'éirigh Patricia as a post mar Ollamh Síciatrachta ag Ospidéal Mater Misericordiae ag tús na bliana acadúla. Fuair sí a céim i 1976 le Baitsiléir Liachta agus Máinliachta sular chríochnaigh sí a hoiliúint bhunúsach agus a hoiliúint speisialtachta leighis sa Bhreatain ag Ospidéal Mapperley, Nottingham agus in Ospidéal Ríoga Dhún Éideann. D'fhill sí ar a halma mater in 1985, áit ar ceapadh ina léachtóir sinsearach í agus ina síciatraí comhairleach i Rannóg na Síciatrachta ag Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh nó gur ceapadh í ina hOllamh le Síciatracht agus ina Stiúrthóir ar an Aonad Dian-síciatrachta ag an Ospidéal Mater Misericordiae in 1991. Bhí an tOllamh Casey ina Chomhalta d'Acadamh Ríoga an Leighis in Éirinn, an *Royal College of Psychiatrists*, agus an *Royal Society of Medicine*. Iar-bhall í ar Bhord an Ghrúpa Idirnáisiúnta um Staidéar ar Nearnhord Pearsantachta, ar Údarás Eatramhach na bPríosún (2000–2005) agus ar an *Medico-Legal Society of Ireland*. Mar bhall den fhoireann teagaisc, bhí an tOllamh Casey ina ball de Chomhairle Acadúil UCD agus dá fhochoiste Ardchéime.

An Dr Geoff Chadwick

Bhí Geoff ina Léachtóir Míochaine Cliniciúil agus ina chomhairleoir i míochaine agus riospráide inmheánach ag Ospidéal Naomh Colm Cille i mBaile Uí Lachnán, agus chuaigh sé ar scor tar éis gairme céimiúil 39 bliain mar oideachasóir agus mar chliniceoir. Fuair sé a chéim as TCD in 1978 agus chríochnaigh sé a oiliúint intéirneach ag Ospidéal Adelaide sula ndeachaigh sé i mbun bunoiúna speisialtachta ag Cónaidhm Ospidéal Deonach Bhaile Átha Cliath ó 1979 go dtí 1981 tráth ar chláraigh sé le míochaine ginearálta inmheánach in Ospidéal na Mí, Baile Átha Cliath agus ansin mar chláraitheoir i míochaine riospráide. Ceapadh an Dr Chadwick mar Léachtóir Leighis i Scoil an Leighis UCD agus in Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann in 1983. Rinneadh lia comhairleach de in 1990 ag an Ospidéal Mater Misericordiae. Thacaigh sé le leanúint den oideachas, bronnadh MD air ó Choláiste na Tríonóide in 1989 agus MBA i mBainistiú Seirbhís Leighis ó UCD in 1999. Rinneadh Ceannasaí Cliniciúil Idirnáisiúnta dó do Choláiste Ríoga na Lianna in Éirinn in 2014.

An tOllamh Denis Cusack

D'éirigh Denis as a phost acadúil i UCD tar éis 25 bliana de sheirbhís chéimiúil. Bhí sé ina Ollamh Iomlán UCD agus ina Cheannasaí ar Leigheas Fóirínseach agus Dlíthiúil ag Scoil an Leighis UCD ó ceapadh é i 1995. Tá an tOllamh Cusack ag leanúint dá ról mar Stiúrthóir ar an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre. Fuair an tOllamh Cusack a chéim ó Scoil an Leighis UCD in 1980. Fuair sé oiliúint i míochaine ginearálta inmheánach agus diaibéiteas/ inchríneolaíocht in Éirinn agus i SAM. Fuair sé glao chun Bharra na hÉireann in 1991, tar éis a chuid staidéir ag Óstáil an Rí, ag speisialú i gcásanna a bhaineann le díobháil phearsanta agus le faillí leighis. Tá sé ina Chomhalta de Choláiste Ríoga na Lianna in Éirinn (1996), ina Chomhalta den *Chartered Institute of Arbitrators*, London (1999), agus ina Chomhalta Bunaidh de Dhámh an Leighis Fhóirínseach agus Dhlíthiúil ag an *Royal College of Physicians* i Londain. Bhí sé ina Uachtarán ar Chumann Cróinéirí na hÉireann ó 2008 – 2010 agus ina Uachtarán ar Chomhairle Dlí-liachta na hÉireann ó 2015–2017. Tá sé ina bhall de Chomhairle Chumann Dlí-liachta na hÉireann, d'Fheidhmeannas Chomhairle Dlí-liachta na hEorpa agus den Choiste Comhairleach Eolaíochta, an tAcadamh Idirnáisiúnta um an Dlí-liacht. Tá an tOllamh Cusack ina ionadaí idirnáisiúnta de Phraesaidiam an Acadaimh Idirnáisiúnta um an Dlí-liacht, ina bhall de bhord eagarthóireachta idirnáisiúnta an *International Journal of Legal Medicine* agus an *Journal of Forensic and Legal Medicine* agus ina Eagarthóir Comhairleach Bunaidh ar an *Medico-Legal Journal of Ireland*. Sheirbheáil an tOllamh Cusack ar riar de chomhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus de choistí comhairleacha ar chúinsí dlí-liachta, fóirínseacha agus cróinéara.

Henry Kavanagh

Chuaigh Harry (mar a thugann a chairde air) isteach i Rannóg Paiteolaíochta UCD mar theicneoir in 1970. Nuair a chríochnaigh sé a chuid oiliúna níorbh fhada gur ghlac sé ról lárnach ar an bhfoireann histeapaiteolaíocht diagnóisí. Mar gheall ar an tsuim a bhí aige in ionstraimí agus ar a chumas chun teicnící nua a fhoghlaim, roghnaíodh é chun tacú le hionchur UCD sna réimsí nua a bhí ag teacht chun cinn sa leictreonmhicreascópacht dhiagnóisí. Níorbh fhada go raibh Harry ag déanamh ionchuir mhóir in iarracht theagaisc paiteolaíochta UCD agus é curtha mar dhualgas air eiseamail fhaisnéiseacha a iompú ina n-ábhar teagaisc agus, in imeachta ama, cothú a dhéanamh ar chartlann iomlán na n-eiseamail paiteolaíochta.

Denise O'Brien McDonnell

Chuaigh Denise ar scor tar éis 38 bliain seirbhíse mar bhall sinsearach den fhoireann tacaíochta i Scoil an Leighis UCD. Thosaigh sí amach sa tSeirbhís Tagartha Náisiúnta maidir le Víris in UCD in 1979, áit ar chruthaigh sí thar barr ina post agus fuair sí ardú céime chuig post ina raibh sí ag soláthar tacaíochta teagaisc do mhodúil laistigh de Rannóg Bitheighis i Scoil an Leighis UCD.



An tOllamh Ronan O'Connell

D'éirigh Ronan as a cheapachán Ollscoile i mbliana. Bhí post ag an Ollamh O'Connell mar Ollamh le Máinliacht agus mar Mháinlia Comhairleach ag Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann ó Mheán Fómhair 2017. Roimhe sin bhí sé ina Léachtóir Sinsearach Máinliachta ag an *Royal London Hospital* (1989-1990), ina mháinlia comhairleach ag an Ospidéal Ollscoile Mater Misericordiae (1990-2007) agus ina Ollamh Taighde Sláinte Newman ag UCD (2002-2007). In 2009, ceapadh é ina Cheannasáir ar Rannóg na Máinliachta agus na nEolaíochtaí Máinliachta ag UCD agus toghadh é ina Chathaoirleach ar Rannóg Mháinliachta Bhaile Átha Cliath Thoir Theas. Fuair sé a chéim ó Ollscoil Bhaile Átha Cliath, a chuid oiliúna i mBaile Átha Cliath agus Corcaigh agus chríochnaigh sé a oiliúint speisialtachta sa Mháinliacht Drólainne agus Reictí ag an Mayo Clinic, Minnesota, SAM. Fuair an tOllamh O'Donnell Scoláireacht Taistil Ollscoil Bhaile Átha Cliath sa Mháinliacht (1983), Comhaltacht Taistil Fogarty ón NIH (1984) agus Scoláireacht Taistil ó Chomhairle na hEorpa (1989). Tá comhaltachtaí aige i gColáiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn (1983) agus i gColáiste Ríoga na Lianna agus na Máinlianna Ghlaschú (Onórach) (2001). Toghadh é ar Chomhairle Choláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn i Meitheamh 2008. Tá sé ina bhall de Chomhlachas Calaireicteolaíochta na hÉireann, agus ina chomhalta de Chomhlachas Calaireicteolaíochta na Breataine Móire agus na hÉireann agus den American Society of Colon and Rectal Surgeons ar aon, agus tá sé ina rúnaí ar Chomhlachas Calaireicteolaíochta na hEorpa. Tá sé ina chomhalta de Cumann Mháinlianna na Breataine Móire agus na hÉireann agus ina bhall den Society of Pelvic Surgeons agus den Ghrúpa Idirnáisiúnta Máinliachta. Tá sé ina bhall tofa agus ina Phríomheagarthóir de Chumann Máinliachta na hEorpa. In 2010 toghadh é ar an *James IV Society of Surgeons*.

An tOllamh Declan Walsh

D'éirigh Declan as oifig mar an chéad Ollamh le Leigheas Maolaitheach ag Ospis Mhuire, comhcheapachán idir TCD agus UCD ar ghlac sé leis in 2012. Oinceolaí Míochaine de réir oiliúna, agus bhí sé ina Stiúrthóir Bunaidh ar an *Harry R Horvitz Center for Palliative Medicine* ag an Cleveland Clinic a bhfuil an-cháil uirthi – samhail do na céadta eile dá leithéid go hidirnáisiúnta. Bhí an tOllamh Walsh ina Eagarthóir Sinsir ar théacsleabhar mór agus acmhainn gréasáin dar teideal Palliative Medicine agus ar na honóracha eile a fuair sé bhí Comhaltacht Taistil onórach ó Ollscoil Oxford, agus an *Mendelsohn Award* ón *M.D. Anderson Cancer Center*. Tá sé ina Chomhalta den *Royal Colleges of Physicians of Edinburgh and London* agus den *American College of Physicians*.

Scoil an Leighis Tréidliachta UCD

Kevin McMahon

D'éirigh Kevin as Rannóg na nEolaíochtaí Bitheach de Scoil an Leighis Tréidliachta UCD in Aibreán 2017. D'oibrigh sé ar dtús mar Oifigeach Teicniúil i saotharlann Bhithcheimice Cliniciúil an Dr Claire O'Connor sula ndeachaigh sé le rannóg na nEolaíochtaí Tréidliachta tar éis do Scoil an Leighis Tréidliachta UCD aistriú go Belfield. Le linn a chuid ama i rannóg na nEolaíochtaí Bitheacha, bhí Kevin ina fhathach i bhfeighil na saoráide saothrúcháin fhíocháin do riar tionscadal taighde sa Rannóg, sa Scoil agus sa Choláiste, ag múineadh scileanna an tsaothrúcháin fhíocháin don iliomad mac léinn fochéime agus céime. Lena chois sin chuir sé tacaíocht theicniúil den scoth ar fáil do chuid mhór scrúduithe praiticiúla do mhodúil a reáchtáil an rannóg na nEolaíochtaí Bitheach. Imreoir cíocrach leadóige é Kevin agus airíonn a chomhghleacaithe i Scoil na Tréidliachta uathu é go mór.

An Coláiste Eolaíochta

Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil

Damian Egan

D'éirigh Damien as Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil i Meán Fómhair 2016 tar éis 42 bliain seirbhíse do UCD. Le linn a chuid ama i UCD, bhí Damien páirteach i dteagasc agus i dtaighde araon, le paiteolaíocht mhóilíneach plandaí ach go háirithe, agus san fhorbairt ar theicnící anailíse DNA comhshaoil. Bhí sé páirteach san oiliúint ar líon ollmhór mac léinn fochéime agus iarchéime thar na blianta, agus níos deireanaí bhí sé sa ról mar Phríomhoifigeach Teicniúil sa Scoil. Tá suim mhór i gcónaí ag Kevin i ngrianghráfadóireacht bláthanna fiáine agus á n-aithint. Tá a chuid grianghráf foilsithe i roinnt leabhar ar a n-áirítear *'The Grasses of Ireland'*, ach go háirithe.

Robert French

D'éirigh Robert as Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil i samhradh na bliana 2017 i ndiaidh 40 bliain seirbhíse a thabhairt do UCD. Póitigéir ab ea Robert ó thaobh oiliúna de (CCHEM agus MRSC) ach chaith sé a shaol gairme ag obair le mic léinn i Rannóg na Zó-eolaíochta (SBES níos déanaí) faoi ghnéithe den cheimic comhshaoil agus anailís ar shamplaí comhshaoil. Bhí aithne agus meas mór air ar fud na hOllscoile, choinnigh sé an tsaotharlann ceimice comhshaoil i bhfearas, bhí sé páirteach san oiliúint ar líon do-áirithe mac léinn, agus bhí ról lárnach aige i bhforbairt foirne ina ról mar Phríomhoifigeach Teicniúil.

Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus Bithleighis UCD

An tOllamh Paul Malthouse

Fuair Paul a chéim agus a PhD ó Ollscoil Londain. Ina dhiaidh sin, d'oibrigh sé leis an Ollamh K Brocklehurst ag Ollscoil Londain (1973-1978) agus leis an Ollamh RC Bray ag Ollscoil Sussex. Ba le linn a chuid ama leis an Ollamh AI Scott ag Ollscoileanna Dhún Éideann (1980-1983) agus Texas A & M (1983-1985) a chuir sé suim in NMR a úsáid mar thóireadóir ar struchtúr agus ar fheidhm próitéiní. Chuaigh Paul le Rannóg na Bithcheimice UCD in 1985 agus bhunaigh sé an tIonad Bithcheimice NMR i UCD. Ceapadh é ina Cheannasaí ar Rannóg na Bithcheimice in 2002 agus threoraigh sé an Rannóg isteach i gcumasc chun a bheith ina cuid de Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus Bithleighis UCD in 2006, agus ina dhiaidh sin ceapadh é ina Cheannasaí ar an mBithcheimic 2006-2008 agus 2015-2017. I rith a chuid ama i UCD, rinne Paul grúpa gníomhach taighde a threorú agus úsáid á bhaint acu as NMR, 13C-NMR ach go háirithe, chun staidéar a dhéanamh ar raon de phróitéiní. Tá a lán comhoibríteoirí aige, laistigh de UCD agus lasmuigh araon. Tá sé ina Chomhalta Conway agus ina Chomhalta CSCB. I rith a chuid ama i UCD, bronnadh Comhaltacht Taighde an Uachtaráin ar Paul (1990 agus 2008). I 1997, bronnadh Bonn Ghradam Bithcheimice Acadamh Ríoga na hÉireann air agus in 2005 toghadh é ina bhall d'Acadamh Ríoga na hÉireann.

Scoil na Ceimice UCD

An Dr Andrew Rous

Chuaigh Andrew go UCD in Aibreán 1987 tar éis BA sna hEolaíochtaí Nádúrtha a bhaint amach ag Cambridge, PhD leis an Ollamh Mike Page in Huddersfield, iardhochtúireacht dhá bhliain i Leicester, agus an dara ceann ag Coláiste na Tríonóide i mBaile Átha Cliath. Ag Scoil na Ceimice UCD, ghlac Andrew ról ceannasach i bhforbairt agus in oibríú shaoráid Athshondais Mhaighnéadaigh Núicléach (NMR) na Scoile, ag tacú leis an iomad glúine de thaighdeoirí fochéime, iarchéime, iardhochtúireachta

agus acadúla chomh maith le seirbhís sárлуachmhar a chur ar fáil don tionsclaíocht. Is i mBaile Átha Cliath a chuaigh sé leis an SCI agus ina dhiaidh sin sheirbheáil sé mar Rúnaí (1999-2002), Cathaoirleach (2002-2005) agus Cisteoir. Roghnaigh an SCI é mar dhuine den bheirt a fuair an Gradam Scotsheirbhíse a bronnadh ag a gCruinniú Ginearálta Bliantúil an 7 Iúil 2010. Tugann an gradam seo onóir do bhaill as a seirbhís fhadtéarmach, obair chrua agus iarrachtaí fonnmhara chun aidhmeanna an Chumainn a chur níos faide chun cinn. Fuair an Dr Rous ainmniúchán óna chomhghuaillithe sa Ghrúpa Uile-Éireann, in aitheantas don ról lárnach a bhí aige in athbheochan an Chumainn ó dheireadh na 1990í go dtí tús na 2000í; i gcomhar le Grúpaí agus le cumainn eile. Ag Ceimic UCD, rinne sé ionchur suntasach freisin le blianta anuas sa teagasc saotharlannbhunaithe fochéime, ag cur stuaim, tacaíocht agus maoirseacht ar fáil do mhic léinn agus do chomhghleacaithe araon.

Clare Comerford

Chuaigh Claire ar scor ó UCD i mBealtaine 2017 tar éis a bheith ag obair i Scoil na Ríomheolaíochta le breis agus 16 bliana. Ar feadh fhormhór an ama sin, d'oibrigh sí in oifig thosaigh na Ríomheolaíochta agus b'ise an chéad duine teagmhála do chuirteoirí agus do mhic léinn.

Patricia Geoghegan

D'éirigh Patricia as UCD ag deireadh mhí na Nollag 2016 tar éis a bheith ag obair i Ríomheolaíochta ó 1977. Thosaigh sí ag obair i Rannóg na Ríomheolaíochta agus ghlac sí ról Bhainisteoir Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta in 2004.

Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí UCD

Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí

Anne Owens

Rinne Anne ionchur i Scoil an Oideachais i dtús ama mar chúntóir taighde ar fheidhmiú céimneach an Tionscadail Náisiúnta Fhíolótaigh ar Ionduchtú Múinteoirí do mhúinteoirí meánscoile, agus ina dhiaidh sin mar riarthóir dár gcláir fhorbartha ghairmiúla sna réimsí a bhaineann le hoideachas eisiach/ riachtanas speisialta agus síceolaíocht an oideachais. Le linn a blianta seirbhíse rinne sí cúram agus tiomantas den scoth don lucht teagaisc, baill foirne agus mic léinn sa Scoil.

Scoil an Dlí UCD

An tOllamh Paul O'Connor

Céimí dlí UCD ab ea Paul a rinne staidéar freisin ag Ollscoil Pennsylvania agus in Óstaí an Rí, agus chuaigh sé ar scor ó Scoil Dlí Sutherland i rith na bliana. Tar éis roinnt blianta i Scoil an Dlí, sheirbheáil sé mar dhéan comhlach ó 1989 agus ansin mar Dhéan ó 1992-2007, ag déanamh maoirseachta ar mhéadú na Scoile, ar chláir nua a thabhairt isteach agus ar bhunú Institiúid na Coireolaíochta. Lena chois sin, rinne sé forbairt ar Erasmus agus ar chláir fhairsinge mhalartaithe na Scoile atá fós ina ngné tábhachtach den oideachas dlíthiúil i UCD. Bhunaigh sé dlúthnais leis na gairmeacha agus shocraigh sé suas Comhairle Forbartha na Scoile, rud a bhí tábhachtach chun tacú le bunú cathaoirleachtaí téagartha agus le tógáil Scoil Dlí Sutherland. Le gairid, d'fhill an tOllamh O'Connor ar an teagasc agus beidh cuimhne ag na glúine de mhic léinn dlí UCD ar na léachtaí scolártha thar a bheith líofa a thugadh sé ar fhianaise, an dlí teaghlaigh agus stair an pholasáí pionóis. Bhí sé ina stiúrthóir ar Institiúid na Coireolaíochta agus rinne sé maoirseacht ar athbheochan an Irish Jurist, an phríomhírís dlí in Éirinn a bhfuil baint fhada aici le UCD.

Scoil na Síceolaíochta UCD

Marie O'Connor

Chuaigh Marie ag obair i UCD in 1995 mar riarthóir le hIonad an Staidéir ar Mhíchumais UCD agus chuaigh sí ar scor in 2017. In 2005, chuaigh an tIonad isteach le Scoil na Síceolaíochta UCD, áir ar chuir Marie Tacaíocht riaracháin ar fáil thar réimse de chlár iarchéime. Bhí an t-ionchur a rinne Marie san Ionad agus sa Scoil araon iontach luachmhar. Guímid gach rath uirthi ina saol nua.

Scoil an Pholasaí Shóisialta, na hOibre Sóisialta agus na Córa Sóisialta

An tOllamh Tony Fahey

Chuaigh Tony ag obair sa Scoil in 2007 mar Ollamh le Polasaí Sóisialta tar éis a bheith ag obair roimhe sin ag an Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta in Ollscoil Mhá Nuad. Bhí ról lárnach ceannasaíochta aige i gcéim polasaí sóisialta agus i dtaighde polasaí sóisialta na Scoile, agus d'éirigh go maith leis ina cheannasaí scoile. Tá suimeanna éagsúla taighde aige agus tá taighde déanta aige agus cáipéisí foilsithe ar: dinimic teaghlaigh, tithíocht, bochtaineacht agus gnéithe spásúlachta den mhíbhuntáiste, agus freagraí polasaí ar mhíbhuntáiste. Tá sé an-ghníomhach sa taighde i gcónaí agus é ar scor; faoi láthair tá sé ag déanamh taighde ar phatrúin theaghlaigh agus polasaithe teaghlaigh in Éirinn, Eoraip agus Stáit Aontaithe na linne seo. Lena chois sin, tá aithne ar Tony mar dhuine den bheagán cainteoirí dúchasach Gaeilge i bpobal an pholasaí sóisialta agus dá réir sin tá monaplacht iomlán aige, geall leis, de bheith ag caint ar TG4 agus RTÉ Raidió na Gaeltachta faoi chásanna polasaí sóisialta nó go deimhin aon saghas cásanna sóisialta nó eacnamaíochta.

Seirbhísí Tráchtála, Cónaitheacha agus Fáilteachais

Catherine Maleady

Bhí Catherine fostaithe sa phríomh-bhialann mar airgeadóir sinsearach. Chuaigh sí ag obair i UCD in Eanáir 1990 agus chuaigh sí ar scor i mí Feabhra 2016. Bhíodh meangadh gáire uirthi i gcónaí leis na custaiméirí.

Terry Slevin

Bhí Terry fostaithe sa bhialann mar phóirtéir cistine agus thaitin sé go mór lena chomhghleacaithe. Chuaigh sé ag obair i UCD i Meán Fómhair 2003 agus chuaigh sé ar scor i Meán Fómhair 2016.

Acmhainní Daonna

Naomi Farrell

Chuaigh Naomi Farrell ar scor i mí Lúnasa tar éis 36 bliain de sheirbhís thiomanta do UCD; thosaigh sí ag obair i mí Feabhra 1981. Le linn a cuid ama i UCD, bhí roinnt ról éagsúil aici agus chaith sí an chuid ba mhó dá saol gairme in Acmhainní Daonna, ag speisialú sa réimse Cúiteamh agus Leas. An fhad a bhí sí ansin, d'oibrigh Naomi ar chaighdeán an-ard i gcónaí ag cloí le sprioc-amanna dochta seachtainiúla agus míosúla. Bhí sí thar a bheith tiomanta agus chuir sí seirbhís den scoth ar fáil do chomhghleacaithe ar fud na hOllscoile. Bhí ionchur suntasach gairmiúil ag Naomi san fhoireann AD agus i UCD.

Oifig an Uachtaráin

Paul Kelly

Tar éis dó BA (Onór.) a bhaint amach sa Stair agus sa Bhéarla, Ard-Diplóma san Oideachas agus MA sa Stair ó UCD, thosaigh Paul ag obair san Ollscoil in 1986 ar bhonn páirtaimseartha agus fuair sé post buan in 1991. Bhí sé lonnaithe in Oifig an Chláraitheora, in Oifig Dhámh na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta (ar iasacht) agus in Oifig an Uachtaráin le linn a thréimhse oibre. I rith na 30 bliain a chaith Paul i UCD d'oibrigh sé le baill den Údarás Rialaithe, UMT, an Coiste Bainistithe Iníúcháireachta agus Riosca, agus Rúnaireacht na hOllscoile, áit a raibh ionchur suntasach aige.

Sláinte na Mac Léinn

Mary Kevlin

D'éirigh an tAltra Mary Kevlin as Seirbhís Sláinte na Mac Léinn i mBealtaine 2017 tar éis 14 bliana a chaitheamh ag riaradh cúram altranaís den scoth ar mhic léinn UCD. B'aoibhinn le Mary a cuid oibre agus bhí suim i ndáiríre aici i leas na mac léinn agus sa chur chun cinn ar atmaisféar dearfach oibre i Seirbhísí Sláinte na Mac Léinn. Dhéileáil sí lena hothair i gcónaí ar bhealach gairmiúil agus inniúil, ag léiriú an-chúram agus an-chineáltas. Ba bhreá a bheith ag obair léi agus caithfidh tagairt a dhéanamh don dea-ghíumar a bhíodh uirthi i gcónaí agus den spórtúlacht a thugadh sí go dtí an t-ionad oibre i gcónaí. Bhí Mary sásta i gcónaí iarracht speisialta a dhéanamh dá chomhghleacaithe a bhfuil caitheamh ina diaidh acu i Seirbhís Sláinte na Mac Léinn, agus guíonn siad gach rath uirthi ina céad chéim eile dá saol nua.



Suíomh spreagúil. Torthaí den scoth.



www.ucd.ie/rankings

1ú Rogha in Éirinn do 40 ábhar
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
Ollscoil Dhomhanda na hÉireann



An Cónaiste Ollscoile, Baile Átha Claithe

Belfield, Baile Átha Claithe 4, Éire

 www.ucd.ie